

Soláthar an Oideachais  
Lán-Ghaeilge agus  
Ghaeltachta do Pháistí a  
bhfuil Béarla mar  
Theanga Bhreise acu.

**An Dr Aisling Ní Dhiorbháin**  
**An Dr Lorraine Connaughton-  
Crean**  
**An tOllamh Pádraig Ó Duibhir**



**SEALBHÚ**

Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim  
agus Teagasc na Gaeilge

DCU Research Centre for the Learning  
and Teaching of Irish

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



## Clár an Ábhair

Réamhrá	4
Mórcheisteanna an Taighde	5
Modheolaíocht	6
Leagan Amach na Tuarascála	6
Léirmheas Litríochta	6
Mír a hAon	7
Comhthéacs an Ilteangachais in Éirinn	7
Polasaithe Oideachais d’Inimircigh	8
An tIteangachas agus an Tumoideachas	9
Cur Chuige Ilteangach	9
Mír a Dó	11
Foghlaimoirí Ilteangacha i gCláir Thumoideachais	11
Mír 3	14
Inspregadh Tuismitheoirí chun a bPáistí a chur chuig Scoil Tumoideachais	14
Taithí Tuismitheoirí ar an Oideachas Lán-Ghaeilge	16
Inspregadh Tuismitheoirí Ilteangacha an Tumoideachas a Roghnú	17
Taithí Tuismitheoirí Ilteangacha ar an gCóras Tumoideachais	18
Dearccháí Príomhoidí agus Múinteoirí ar Fhoghlaimoirí BTB i gCláir Thumoideachais	19
Dearccháí i leith na Gaeilge	20
Mír 4	20
Cur Chuige Ilteangach	22
Conclúid	22
Modheolaíocht	23
Conclúid	25
Caibidil a Ceathair: Torthaí agus Plé Chuid A	26
Mír a hAon: Tuismitheoirí	26
Roghnú na Scoile	26
An tIlteangachas	26
Oidhreacht Chultúrtha	28
Suim sa Ghaeilge	28
Dea-thuiriscí ó Theagmhálaithe	28

Athróga breise	28
Tuismitheoirí nár roghnaigh an scoil	29
Buanna na Gaeilge agus an Oideachais Lán-Ghaeilge	30
Buntáistí cultúrtha	30
Buntáistí an ilteangachais	30
Caipiteal Teangeolaíoch	31
Constaicí an Oideachais Lán-Ghaeilge	32
Rannpháirtíocht tuismitheoirí	32
Obair bhaile	33
Forbairt Teanga na bPáistí	33
Teangacha baile	34
Eolas faoin ilteangachas do thuismitheoirí	35
Coimriú ar dhearcthaí na dtuismitheoirí	35
Achoimre	36
Mír a Dó: Páistí	37
Luach an Ilteangachais	37
Luach Cultúrtha, Luach Oideachasúil agus Luach Sóisialta na Gaeilge	38
Achoimre	39
Mír a Trí: Príomhoidí	40
Dearcadh Dearfach na bPríomhoidí	40
Roghnú na Scoile	42
Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge do Pháistí Ilteangacha	43
Cur chuige ilteangach	43
Tacaíocht d'fhoghlaimoírí	43
Tacaíocht do Thuismitheoirí	44
Achoimre	44
Mír a Ceathair: Múinteoirí	44
Dearcthaí dearfacha na múinteoirí	44
Dúshláin	45
Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge do Pháistí Ilteangacha	46
Oideachas Múinteoirí	47
Achoimre	47
Conclúid	47
Conclúid agus Moltaí: Cuid A	48
Príomhthorthaí an Taighde	48

Moltaí	50
Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do Pháistí a bhFuil Béarla mar Theanga Bhreise Acu	50
Ag an macraileibhéal	50
Micriléibhéal	51
Tábhacht agus Srianata an Taighde	52
Caibidil a Sé: Torthaí agus Plé Chuid B	53
Dearthaí Dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith an Oideachais lán-Ghaeilge	53
Buanna fhoghlaim na Gaeilge	53
Tábhacht chaomhnú na Gaeilge mar theanga oidhreachta agus don fhéiniúlacht chultúrtha	54
Dearthaí Measctha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge	55
Tábhacht labhairt na Polainnise mar Theanga Bhaile	56
Achoimre	56
Caibidil a Seacht: Conclúid agus Moltaí Chuid B	57
Conclúidí	57
Focal Scoir	57
Tagairtí	58

## Réamhrá

Fuair Sealbhú, Lárionad Taighde DCU um Fhoghlaim agus Teagasc na Gaeilge, maoiniú ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) le tabhairt faoin taighde seo i mí Mheán Fómhair 2021.

Tá dhá chuid sa tionscadal taighde; Cuid A agus Cuid B. Is é an teideal atá ar Chuid A den taighde ná: Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do Pháistí a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu (BTB). Is éard atá i gceist ag údair na tuarascála seo le **páiste a bhfuil Béarla mar theanga bhreise** aige ná páiste a labhraíonn teanga atá éagsúil ón mBéarla nó ón nGaeilge sa bhaile le tuismitheoir amháin ar a laghad. Úsáidtear na téarmaí **páistí ilteangacha** agus **teaghlaigh ilteangacha** tríd an tuarascáil le cur síos a dhéanamh ar theaghlaigh agus ar pháistí a labhraíonn teanga bhaile nach Gaeilge ná Béarla í.

Díríodh ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ag leibhéal na bunscolaíochta i bPoblacht na hÉireann amháin sa chéad chuid den taighde. Is tír ilteangach í Éire sa lá atá inniu ann ina labhraítear breis is 200 teanga go laethúil (CSO, 2017). Taispeánann réamhthorthaí ó dhaonáireamh 2022 (CSO, 2022) go bhfuil ardú 7.6% ar dhaonra an Stáit ó dhaonáireamh 2016 agus is ceann de na príomhchúiseanna leis an méadú í an inimirce. Tháinig os cionn 190,000 duine ón iasacht chun cónaithe in Éirinn idir 2016 agus 2022 agus bhí an líon inimirce is airde i mBaile Átha Cliath. Tagraítear do thorthaí ó dhaonáireamh 2016 sa tuairisc seo mar nach raibh staitisticí iomlána ó dhaonáireamh 2022 ar fáil agus an tuarascáil á réiteach.

Labhraíonn breis is 10 % de pháistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (scoileanna T2) teanga bhreise sa bhaile atá éagsúil ón mBéarla nó ón nGaeilge, i gcomparáid le 1.8% de pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna Gaeltachta agus 1.1% de pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge (An Roinn Oideachais, 2022). Is féidir linn a léamh ar na figiúirí, mar sin, nach bhfuil na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ionadaíoch ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha atá sa phobal. Tá éagmais taighde a dhíríonn go sonrach ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí ilteangacha in Éirinn.

Ba í an réasúnaíocht a bhain le Cuid A den taighde ná iniúchadh ar dhéanamh ar na cúiseanna a roghnaíonn tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta dá gcuid páistí agus fiosrú a dhéanamh ar a n-eispéiris siúd, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí páistí ilteangacha ar an nGaeilge agus ar an oideachas lán-Ghaeilge. Fiosraíodh chomh maith na dearcthaí atá ag príomhoidí agus múinteoirí lán-Ghaeilge i leith foghlaimoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge.

Bhí sé mar aidhm ag Cuid A den taighde buanna an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do theaghlaigh ilteangacha agus constaicí más ann dóibh a aithint, d'fhonn moltaí a dheardh a chuirfeadh barr feabhais ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí ilteangacha amach anseo.

Is náisiúnaigh Pholannacha 2.5% de dhaonra Phoblacht na hÉireann agus is í an Pholainnis an teanga eachtrannach is mó a labhraítear sa bhaile (CSO, 2017). Aibhsítear go

bhféadfadh na figiúirí a thuairiscítear sa daonáireamh maidir le hinimirce a bheith níos airde i bhfírinne áfach, mar gheall ar na srianta a bhaineann leis an mbealach ina gcláraítear náisiúntacht agus áit breithe (O' Connell & McGinnity, 2008). Tháinig borradh ar an inimirce ón bPolainn go hÉirinn tar éis don Pholainn ballraíocht den Aontas Eorpach a bhaint amach i 2004 de bharr na ndeiseanna breise fostaíochta a bhí ar fáil in Éirinn i gcomparáid le ráta ard dífhostaíochta sa Pholainn ag an am (Kropiwiec & King-O Riain, 2006). Lean an inimirce ón bPolainn go hÉirinn in ainneoin an cúlaithe eacnamaíochta in 2008 de bharr cúiseanna inimirce a bhain le naisc a choinneáil le teaghlaigh agus teagmhálaithe. Léirigh an daonáireamh in 2011 gur rugadh sa Pholainn mórchuid na bpáistí ag aois scoile a raibh Polainnis mar theanga bhaile acu. Bhí difríocht le sonrú i ndaonáireamh 2016 a léirigh méadú ar na páistí ó theaghlaigh Pholannacha a rugadh in Éirinn, agus mar sin, ba pháistí agus daoine óga den dara glúin Pholannach in Éirinn iad (CSO, 2017).

Díríonn Cuid B den taighde ar dhearcthaí a bhí ag sampla beag den phobal Polannach in Éirinn (n=5) ar an nGaeilge agus ar an oideachas lán-Ghaeilge. Roghnaíodh cúigear Polannach a bhí páirteach i slite éagsúla sa chóras oideachais in Éirinn ach nach raibh baint acu leis an oideachas lán-Ghaeilge go díreach leis an ábhar taighde a iniúchadh. Bhí na taighdeoirí den tuairim go gcuirfeadh sé le saibhreas an taighde ina iomláine dá mbeadh sonraí taighde bailithe ó inimircigh a bhí taobh istigh agus taobh amuigh den chóras oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta araon. Is gá sonraí iomlána a bhailiú má tá moltaí le dearadh le breis teaghlaigh ilteangacha a mhealladh leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a roghnú dá gcuid bpáistí agus le cur le cur chuige ionchuimsitheach sna scoileanna.

### **Mórcheisteanna an Taighde**

Bhí sé mar aidhm ag na taighdeoirí iniúchadh a dhéanamh ar na mórcheisteanna seo a leanas i gCuid A den staidéar:

- Cad iad na cúiseanna a roghnaíonn tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid páistí?
- Cad iad na dearcthaí atá ag tuismitheoirí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge?
- Cad iad na dearcthaí atá ag páistí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge?
- Cad iad na dearcthaí atá ag príomhoidí agus ag múinteoirí i leith foghlaimeoirí ilteangacha san oideachas lán-Ghaeilge?

Ba í príomhcheist an taighde i gCuid B den staidéar ná:

- Cad iad na dearcthaí atá ag sampla beag d'inimircigh Pholannacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge?

## **Modheolaíocht**

Ba thaighde cáilíochtúil a bhí sa dá chuid den taighde. Bailíodh na sonraí taighde i gCuid A trí agallaimh leathstruchtúrtha le tuismitheoirí (n=18), le grúpa fócais le páistí (n=17), le hagallaimh le príomhoidí (n=5) agus le hagallaimh le múinteoirí (n=8). Bhí tuismitheoirí ó ocht scoil (sé bhunscoil lán-Ghaeilge agus dhá scoil Ghaeltachta) páirteach sa taighde agus bhí príomhoidí agus páistí ó chúig scoil lán-Ghaeilge páirteach ann. Bhí nasc ag mórchuid na dtuismitheoirí (n=15) le scoil lán-Ghaeilge agus bhí grúpa beag tuismitheoirí (n=3) a raibh nasc acu le scoil Ghaeltachta.

Bailíodh na sonraí taighde do Chuid B trí agallaimh leathstruchtúrtha le sampla beag d'inimircigh Pholannacha (n=5). Bhí baint éagsúil ag na rannpháirtithe i gCuid B leis an gcóras oideachais – mar thuismitheoirí (n=2), mar mhúinteoir i scoil Pholainnise, mar phríomhoide i scoil Pholainnise agus mar ionadaí ó Ambasáid na Polainne in Éirinn.

## **Leagan Amach na Tuarascála**

Sa dara caibidil déantar cíoradh ar an litríocht is ábhartha don tionscadal taighde agus sa tríú caibidil déantar cur síos ar mhodheolaíocht an taighde. Sa cheathrú caibidil cuirtear torthaí Chuid A den taighde i láthair agus déantar plé ar na torthaí i bhfianaise na litríochta reatha agus an taighde go dáta. Sa chúigiú caibidil baintear tátail as na torthaí taighde a bhaineann le Cuid A, tugtar aird ar shrianta na coda sin den taighde, déantar moltaí do sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí BTB, chomh maith le moltaí do thaighde eile amach anseo.

Sa séú caibidil díritear ar na torthaí taighde a d'eascair as Cuid B den taighde. Sa seachtú caibidil deartar conclúidí a bhaineann le Cuid B, tugtar aird ar shrianta an taighde agus déantar moltaí do thaighde eile amach anseo. Críochnaítear le focal scoir ó údair na tuarascála.

## **Léirmheas Litríochta**

Breathnaítear ar an litríocht is ábhartha don tionscadal taighde sa chaibidil seo. Tá ceithre phríomh-mhír sa léirmheas litríochta.

Sa chéad mhír breathnaítear ar

- chomhthéacs an ilteangachais in Éirinn,
- polasaithe oideachais d'inimircigh,
- an t-ilteangachas i suíomhanna tumoideachais, agus
- cad is cur chuige ilteangach ann.

Sa dara mír déantar iniúchadh ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí ilteangacha i gcórais éagsúla tumoideachais.

Sa tríú mír díritear ar

- inspreagadh tuismitheoirí a gcuid páistí a chlárú i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna tumoideachais i ndlínsí eile
- taithí tuismitheoirí ar chlár thumoideachais le béim ar leith ar thuismitheoirí a bhfuil cúlra ilteangach acu
- dhearcthaí príomhoidí agus múinteoirí ar fhoghlaim páistí ilteangacha i gclár thumoideachais
- thaighde a bhaineann le dearcthaí páistí i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge.

Sa cheathrú mír cuirtear moltaí i láthair a eascraíonn ón litríocht maidir le barr feabhais a chur ar sholáthar an tumoideachais do pháistí ilteangacha.

## Mír a hAon

### Comhthéacs an Ilteangachais in Éirinn

Mar an gcéanna le tíortha eile an Aontais Eorpaigh tá an-mhéadú tagtha ar an ilghnéitheacht teanga agus chultúrtha in Éirinn de bharr borradh ar an inimirce le breis is 20 bliain anuas. Aithnítear méadú na héagsúlachta teanga ag leibhéal polasaithe ‘mar acmhainn náisiúnta agus acmhainn chultúrtha ar chóir dúinn í a fháiltiú’ (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2017, lch.4).

Tháinig líon suntasach Úcránach go hÉirinn in 2022 agus tá COGG i mbun oibre ar áiseanna a chur ar fáil le tacú le scoláirí Úcránacha sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta (<https://www.independent.ie/seachtain/failte-mhor-roimh-phaisti-on-ucrain-chuig-gaelscoileanna-41613130.html>).

De réir fhigiúirí an Daonáirimh in 2016 labhair 13% de theaghlaigh teanga bhreise a bhí éagsúil ón nGaeilge nó ón mBéarla sa bhaile agus rugadh in Éirinn aon cheathrú de na daoine a labhair teanga iasachta sa bhaile (CSO, 2017). Bhí náisiúnaigh Pholannacha ar an ngrúpa ba mhó le 122,515 duine, ba iad náisiúnaigh na Ríochta Aontaithe an dara ghrúpa ba mhó le 103,113 duine agus ba iad náisiúnaigh na Liotuáine an tríú grúpa le 36,552 duine (CSO, 2017). Ba mhéadú suntasach 19.1% ó líon na ndaoine a labhair teanga iasachta sa bhaile i nDaonáireamh 2011.

Is iad na teangacha eachtrannacha is mó a labhraítear ná Polainnis (113,225), Liotuáinis (30,502) Rómáinis (26,645) agus Portaingéilis (16,737) (CSO, 2017). Reáchtáiltear scoileanna Polainnise ag an deireadh seachtaine in Éirinn le tacú le forbairt theangeolaíoch agus chultúrtha páistí Polannacha in Éirinn. I bPolainnis glaoitear Szkolny Punkt Konsultacyjny ar na scoileanna deireadh seachtaine seo (Machowska-Kosciak, 2017). Tugann taighde a rinneadh le déanaí le fios go bhfuil 50 scoil Pholainnise forlíontach ann; 47 scoileanna pobail agus cúig phointe chomhairliúcháin do scoileanna ar fáil i bPoblacht na hÉireann (Pedrak, 2019). Tá na scoileanna forlíontacha agus na pointí comhairliúcháin do scoileanna maoinithe ag rialtas na Polainne agus reáchtáiltear na scoileanna pobail go



príobháideach. Bhí nasc ag rannpháirtithe i gCuid B den taighde leis na scoileanna agus le heagraíochtaí Polainnise.

### **Polasaithe Oideachais d'Inimircigh**

Is ceann de na léirithe is fearr ar chomhtháthú inimirceach é soláthar an oideachais do pháistí inimirceacha (OECD, 2015, 2019). Mar atá léirithe sa chéad chaibidil, labhraíonn níos lú ná 2% de pháistí a fhreastalaíonn ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta teanga bhaile nach Gaeilge nó Béarla í i gcomparáid le breis is 10% de pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna T2 (An Roinn Oideachais, 2021).

De réir staidéar Byrne et al. (2010) cuireann polasaithe iontrála srian ar ionadaíocht ó theaghlaigh ilteangacha nuair a bhíonn ró-éileamh ar scoileanna, mar a bhíonn i gcás céatadán shuntasachAne na scoileanna lán-Ghaeilge. Tuairiscítear go bhféadfadh drogall a bheith ar thuismitheoirí inimirceacha a bpáistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge mar go bhfeicfidís sealbhú na Gaeilge mar dhúshlán sa bhreis dóibh (Byrne et al., 2010).

Tá seans ann chomh maith nach mbeadh eolas faoi na scoileanna lán-Ghaeilge ag cuid de na thuismitheoirí atá nuathagtha go hÉirinn (Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaioich, 2021). Sa bhliain 2017 fógraíodh go raibh ró-éileamh ar 38% de bhunscoileanna lán-Ghaeilge agus 28% de mheánscoileanna lán-Ghaeilge.

Tá sé mar thosaíocht ag an Straitéis um chomhtháthú d'imircigh 2017-2022 (An Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, 2016) go gcuirfí an tAcht Oideachais (Iontráil do Scoileanna) 2018 i bhfeidhm agus go ndéanfaí monatóireacht rialta ar pholasaithe iontrálaithe scoile lena chinntiú nach mbeidh foghlaimeoirí inimirceacha faoi aon mhíbhuntáiste maidir le rochtain ar scoileanna. I measc na ngníomhartha eile atá leagtha síos sa straitéis, déanfar athbhreithniú rialta ar thacaíochtaí foghlama teanga i scoileanna agus spreagfar rannpháirtíocht thuismitheoirí inimirceacha.

Tá sé i gceist ag an straitéis go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar chlár oideachais mhúinteoirí lena chinntiú go bhfuil an saineolas ag múinteoirí freagairt d'ilghnéitheacht teanga agus chultúrtha ar bhealach cumasach. Ní mór do chlár oideachais mhúinteoirí tacú le múinteoirí a bheith ag obair i seomraí ranga a bhfuil éagsúlacht teanga agus chultúrtha iontu agus is géarghá curaclaim scoile a chur i bhfeidhm a chothaíonn agus a fhorbraíonn dea-dhearchtaí i leith na héagsúlachta (An Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, 2016; OECD, 2019).

Níl tagairt shonrach sa Straitéis do rochtain inimirceach ar an oideachas lán-Ghaeilge. De réir na Roinne Oideachais (2019, lch. 4) is féidir díolúine ó staidéar ar an nGaeilge a bhronnadh ar "scoláirí a fuair a gcuid oideachais suas go dtí 12 bhliain d'aois (nó suas go dtí an bhliain dheireanach, agus an bhliain sin san áireamh, dá gcuid bunoidreachais) lasmuigh den stát agus nach raibh deis acu dul i mbun staidéir ar an nGaeilge." D'fhéadfadh critéar mar seo teachtaireacht a léiriú nach mbaineann tábhacht leis an nGaeilge nó nach bhfuil sé de cheart ag gach duine a chónaíonn in Éirinn Gaeilge a fhoghlaim nó freastal ar scoil lán-Ghaeilge.

## **An Ilteangachas agus an Tumoideachas**

Cé gur do phobal aonteangach agus aonchineálach a dearadh cláir thumoideachais go príomha i dtosach báire, tá líon na bhfoghlaimoirí ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir atá ag freastal ar scoileanna tumoideachais méadaithe go mór le blianta beaga anuas de dheasca an méadú ar an inimirce i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip ach go háirithe (Davis et al. 2019, 2021; Swain & Lapkin, 2005).

Agus Swain & Johnson (1997) ag cur síos ar shaintréithe an tumoideachais, mhaígh siad go n-úsáidtear an dara teanga mar mheán teagaisc agus gurb ionann cultúr an tseomra ranga agus cultúr T1 na bhfoghlaimoirí taobh amuigh den scoil. Áitítear gur gá athbheithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú seo le haithneantas a thabhairt d'ilghnéitheacht teanga agus chultúrtha na bhfoghlaimoirí a fhreastalaíonn ar scoileanna tumoideachais sa lá atá inniu ann (Swain & Lapkin, 2005, Mady, 2015).

Moltar teanga bhreise seachas dara teanga a úsáid mar théarma agus tagairt á déanamh don teanga thumtha. Moltar nár mhór tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt teangacha éagsúla baile mar chuid den chlár tumoideachais agus gur gá aithneantas a thabhairt don éagsúlacht chultúrtha sa tsochaí ina bhfuil na scoileanna tumoideachais lonnaithe (Mady, 2015; Swain & Lapkin, 2005).

Ní mór do chláir thumoideachais bogadh ar aghaidh ó dhearcadh dátheangach ar an tumoideachas a d'fhreastail don chuid is mó ar phobal aonchineálach agus aonteangach agus a raibh an dátheangachas suimitheach mar sprioc aige, chuig dearcadh ilteangach ar an tumoideachas a threisiú éagsúlacht teanga agus chultúrtha na bhfoghlaimoirí uile tumoideachais.

## **Cur Chuige Ilteangach**

Is iomaí buntáiste a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an ilteangachas agus tá buntáistí cognaíocha, eacnamaíochta, sóisialta agus mothúchána san áireamh (Baker & Wright, 2017). Is féidir a léamh ar thorthaí taighde go dtí seo go bhféadfadh buntáistí a bheith ag foghlaimoirí dátheangacha agus iad ag foghlaim an tríú teanga má shealbhaítear an tríú teanga i gcomhthéacs suimitheach agus má tá scileanna litearthachta bainte amach ag an bhfoghlaimoir sa dá theanga (Baker & Wright, 2017; Cenoz, 2003). Más amhlaidh é, d'fhéadfadh buanna sa bhreis a bheith ag foghlaimoirí dátheangacha ar nós oilteacht níos fearr maidir le húsáid straitéisí foghlama teanga, feacht mheititheangeolaíoch agus scileanna cumarsáide ar féidir leo tarraingt orthu agus iad ag foghlaim an tríú teanga.

Bíonn níos mó acmhainní teanga i stóras teanga foghlaimoirí dátheangacha nuair a chuirtear i gcomparáid le foghlaimoirí aonteangacha iad (Cenoz, 2003). De réir na hipitéise idirspéachais, cuireann na scileanna agus na straitéisí foghlama teanga a fhorbraítear i dteanga amháin le bunniúlacht choiteann an duine teangacha eile a fhoghlaim (Cummins, 2021; Ó Duibhir & Cummins, 2012). De réir mar a fhorbraíonn foghlaimoirí scileanna litearthachta i dteanga amháin forbraíonn siad acmhainní teangeolaíocha ina n-áirítear scileanna, straitéisí agus coincheapa is féidir leo a thraschur thar theangacha agus a

chabhróidh leo agus iad ag foghlaim teangacha eile (Ó Duibhir & Cummins, 2012; Cummins, 2021).

Is próiseas dinimiciúil atá sa dátheangachas nó san ilteangachas agus ní bhíonn teangacha scartha óna chéile in inchinn an duine (Cummins 2021, García, 2009). Roghnaíonn cainteoirí ilteangacha go straitéiseach ón stór teanga atá acu lena riachtanais chumarsáide a chomhlíonadh agus leis an gcumarsáid a chur in oiriúint don duine lena bhfuil siad i dteagmháil (García, 2009). Is féidir a léamh ar an teoiric mar sin nach mbeadh páistí a labhraíonn teanga nach Gaeilge nó Béarla í sa bhaile nó páistí atá dátheangach faoi aon mhíbhuntáiste agus iad ag foghlaim na Gaeilge - is é a mhalairt ar fad a bheadh fíor.

Moltar cur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm i scoileanna le haitheantas a thabhairt do theangacha éagsúla agus le meas a léiriú ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha agus ar lucht labhartha na dteangacha (Little & Kirwan, 2019). Tugann cur chuige ilteangach aitheantas don luach atá ag gach teanga atá i stóras teanga an pháiste agus aithnítear céad teanga an pháiste mar acmhainn luachmhar acadúil a chabhróidh leis dul i mbun na foghlama go rathúil (Cummins, 2015, 2021; Little & Kirwan, 2019). Tagann an cur chuige ilteangach le teoiricí an tsoch-chultúrachais mar go n-aithnítear céad teanga an pháiste mar réamheolas luachmhar ar a dtógann sé le teacht i dtuiscint ar ábhar nua (Barnes, 1976). Mhol Kirwan and Little (2019) go bhféadfadh múinteoirí bunscoile teangacha baile a chomhtháthú sna trí bhealach seo a leanas:

- i. Má tá an teanga bhaile ar eolas ag múinteoirí, d'fhéadfaidís cumarsáid a dhéanamh leis na páistí trí mheán na teanga baile,
- ii. má tá na teangacha baile céanna ag páistí sa rang d'fhéadfaidís an teanga a úsáid mar uirlis acadúil agus iad ag obair le chéile ar thionscadail éagsúla ag réiteach fadhbanna sa mhatamaitic mar shampla, agus
- iii. d'fhéadfaidís eolas óna dteanga bhaile a roinnt le páistí eile sa rang mar chleachtas a chuirfeadh le spreagadh na feasachta teanga.

CIs cleachtas éagórach atá ann mura dtugtar aitheantas do theangacha baile foghlaimeoirí agus nuair a bhrúitear teanga an mhóráirimh ar fhoghlaimeoirí inimirceacha mar a tharlaíonn i gcás an dátheangachais dhealaithigh. Ach uaireanta treisíonn scoileanna ordlathas teangeolaíoch agus cuireann siad cleachtais éagóracha chun cinn (Cummins, 2015). De réir Cummins, is féidir le hoideachasóirí feidhmiú i gcoinne na héagóra trína idirghníomhaíochtaí le scoláirí agus trí sholáthar an churaclaim ar bhealach a n-aithníonn agus a cheiliúran éagsúlacht teanga agus chultúrtha. Tagann dearcadh Cummins (2015) le teoiricí Bourdieu (1977) & Bourdieu & Passeron (1977) ar a ndéantar plé i Mír a Trí.

Sna treoirínte don oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil (CNCM, 2005) moltar timpeallacht scoile agus cleachtais litearthachta a leathnú amach ón mBéarla agus ón nGaeilge amháin le teangacha agus cultúir éagsúla a chur san áireamh. Is curaclam comhtháite teanga atá i gCuraclam Teanga na Bunscoile (CTB) (Rialtas na hÉireann, 2019) a bhfuil an hipitéis idirspealachais (Cummins & Ó Duibhir, 2012; Cummins 2021) mar bhunús teoiriciúil aige. Sa churaclam fócasáitear ar idirnasacht teangacha agus traschur scileanna thar theangacha. Tá sé mar aidhm ag CTB 'páistí a spreagadh agus a chumasú le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa chéad teanga agus sa dara teanga de chuid na scoile agus

cumarsáid a dhéanamh ina dteanga oidhreachta le haghaidh cuspóirí éagsúla' (Rialtas na hÉireann, 2019, lch. 13).

Moltar go dtabharfaí aird ar an nGaeilge, ar an mBéarla agus ar na teangacha baile eile agus go spreagfaí feasacht teanga na bpáistí trí eolas a roinnt ó réimse teangacha. Spreagtar feasacht teanga nuair a dhírítí aird ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí idir teangacha (Hawkins, 2005, Ní Dhiorbháin, 2021). Molann Curaclam Teanga na Bunscoile cur chuige feasachta teanga mar go gcothaíonn sé suim i bhfoghlaim teangacha agus meas ar éagsúlacht teangacha agus ar urlabhraithe teangacha éagsúla. Aithnítear go gcuireann éagsúlacht teangacha le deiseanna foghlama teanga gach páiste (Rialtas na hÉireann, 2019).

Ní mór do gach scoil cur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm le haitheantas a thabhairt do na hacmhainní teanga atá ag foghlaimoirí ilghnéitheacha teanga (Cummins, 2015). Is minic a bhíonn míthuiscintí ann áfach maidir le feiliúnacht an tumoideachais d'fhoghlaimoirí BTB. Aibhsíonn Somers (2017, 2018) gur samhail éagothrom den oideachas dátheangach atá ann nuair a shamhlaítear an tumoideachas nó cláir chomhtháite ábhar agus teangacha mar chláir atá oiriúnach do lucht aonteangach nó do phobal aonchineálach amháin agus nuair a bhreathnaítear ar chlár aonteangach sa mhórtheanga mar an clár oideachais is oiriúnaí d'fhoghlaimoirí inimirceacha. Déanann sé tagairt don *Matthew Effect*, is é is ciall leis an bhfeiniméan áirithe seo go n-éiríonn le lucht a bhfuil buntáistí acu cheana féin níos mó buntáistí a fháil (cur i gcás go bhfaigheann foghlaimoirí a bhfuil an teanga thromlaigh acu breis deiseanna teangacha iasachta ag foghlaim), agus go gcuirtear srian le deiseanna foghlaimoirí inimirceacha teangacha breise a fhoghlaim d'fhonn tús áite a thabhairt do shealbhú teanga an mhóráirimh. Áitítear nár mhór cothrom na féinne maidir le rochtain ar chláir thumoideachais a chinntiú ag leibhéal polasaithe (Somers, 2017, 2018).

Féachtar sa chéad mhír eile ar ghnóthachtáil foghlaimoirí ilteangacha i gcláir thumoideachais.

## Mír a Dó

### Foghlaimoirí Ilteangacha i gCláir Thumoideachais

Rinne Lindholm-Leary & Genesee (2014) léirbhreithniú agus anailís ar thorthaí foghlama mac léinn i gcláir thumoideachais agus chuir siad san áireamh - cláir aontreoch thumoideachais, cláir dhéthreoch thumoideachais agus cláir thumoideachais i dteangacha dúchasacha. Úsáidtear an téarma foghlaimoirí a bhfuil teanga thromlaigh acu le cur síos a dhéanamh ar fhoghlaimoirí a labhraíonn mórtheanga an phobail taobh amuigh den scoil agus tugtar foghlaimoirí a bhfuil teanga mhionlaigh acu ar fhoghlaimoirí a labhraíonn teanga eile sa bhaile seachas an mhórtheanga nó chomh maith leis an mórtheanga, cur i gcás, lucht labhartha na Spáinnise, na Sínnise nó Cóiréise sa Stáit Aontaithe. Baineadh na tátail seo as an anailís:

- Bíonn leibhéil ghnóthachtála foghlaimoirí tumoideachais sa mhórtheanga agus in ábhair acadúla ar comhchéim nó ar chaighdeán níos airde lena bpiaraí a fhreastalaíonn ar ghnáthchláir oideachais

- Éiríonn le foghlaimeoirí a bhfuil teanga thromlaigh acu gnáthleibhéil inniúlachta a bhaint amach sa chéad teanga agus ardleibhéil inniúlachta a bhaint amach sa dara, sa tríú agus sa cheathrú teanga mar is cuí don chlár tumoideachais, cé nach sroicheadh siad caighdeán an chainteora dhúchais.
- Is ábhar suime é go n-éiríonn le foghlaimeoirí - a bhfuil teanga mhionlaigh acu i gcláir thumoideachais - inniúlacht a bhaint amach sa mhórtheanga nach mór taobh istigh den achar ama céanna lena bpiaraí atá ag freastal ar ghnáthchláir oideachais; chomh maith leis sin léirítear go mbíonn leibhéil inniúlachta ní b'airde acu ina dteanga bhaile i gcomparáid lena bpiaraí a fhreastalaíonn ar ghnáthchláir oideachais.
- Léirítear go n-éiríonn go maith le foghlaimeoirí a bhfuil cúlraí mionlach eithneach acu agus le foghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla socheacnamaíochta i gcláir thumoideachais agus go sroictear leibhéil inniúlachta sa mhórtheanga agus in ábhair acadúla atá ar comhchaighdeán nó ar chaighdeán níos airde lena piaraí i ngnáthchláir oideachais
- Léirítear go bhfuil comhghaol dearfach idir an dátheangachas agus gnóthachtáil foghlaimeoirí a bhfuil teanga thromlaigh agus teanga mhionlaigh acu araon.
- Tugtar le fios sa taighde nach ionann an líon teagmhála atá ag foghlaimeoirí leis an mhórtheanga agus leibhéil ghnóthachtála sa teanga sin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ionchur teanga a fhaigheann foghlaimeoirí i gcás mionteangacha ar nós na Gaeilge áfach. Teastaíonn breis ionchuir i gcás mionteangacha chun go n-éireoidh le foghlaimeoirí ardleibhéil inniúlachta a bhaint amach, mar gheall ar an teagmháil srianta a bhíonn ag foghlaimeoirí leis an teanga taobh amuigh den scoil.

Rinne Somers (2017) léirbhreithniú ar staidéir a rinne iniúchadh ar ghnóthachtáil foghlaimeoirí a raibh cúlra inimirceach acu a d'fhreastail ar chláir chomhtháite ábhar agus teangacha agus ar chláir thumoideachais. Sa léirbhreithniú bhain deich bpáipéar leis an tumoideachas i gCeanada agus bhain naoi bpáipéar le cláir FCÁT san Eoraip. Léirigh an anailís nach raibh foghlaimeoirí inimirceacha faoi aon mhíbhuntáiste sa mhórtheanga tar éis dóibh freastal ar na cláir agus go raibh caighdeán níos airde acu sa tumtheanga agus i dteangacha baile nuair a cuireadh i gcomparáid le foghlaimeoirí inimirceacha a d'fhreastail ar ghnáthchláir oideachais iad.

Maíonn Somers go bhfuil oideolaíochtaí an tumoideachais an-oiriúnach d'fhoghlaimeoirí inimirceacha mar gheall ar an leas a bhaintear as straitéisí teagaisc le hionchur teanga sothuigte a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, mar shampla, íomhánna, geáitsí agus athmhúnlaithé cainte. Aibhsíonn sé go mbíonn foghlaimeoirí inimirceacha ar comhchéim le foghlaimeoirí a bhfuil teanga an mhóráirimh acu i gcláir thumoideachais agus iad ag sealbhú na teanga tumtha. Bronnann cláir thumoideachais deiseanna sa bhreis ar fhoghlaimeoirí inimirceacha caipiteal acadúil a thuilleamh a chabhróidh leo caipiteal sóisialta agus eacnamaíochta a bhaint amach gan aon dochar a dhéanamh do ghnóthachtáil sa mhórtheanga. Tháinig sé chun solais sa léirbhreithniú chomh maith go mbíonn tionchar dearfach ag cleachtais litearthachta sa chéad teanga ar chumas foghlaimeoirí sa dara agus sa tríú teanga (Somers, 2017).

Is mó taighde atá déanta i gCeanada ar fhoghlaimeoirí Allafóin sa chóras tumoideachais. Úsáidtear an téarma allafóin i gCeanada i gcomhthéacs foghlaimeoirí a

labhraíonn teanga seachas Béarla nó Fraincis sa bhaile (Davis et al., 2019, 2021). Tá stádas reachtúil oifigiúil ag an mBéarla agus ag an bhFraincis i gCeanada agus tugtar tacaíocht stáit don dá theanga, ach is cainteoirí aonteangacha Béarla iad formhór an daonra. Labhraíonn breis is 20% den daonra i gCeanada teanga eile sa bhaile seachas Fraincis nó Béarla agus tá méadú mór le tamall de bhlianta anuas ar líon na bhfoghlaimeoirí ó chúlaí ilghnéitheacha teanga atá ag freastal ar scoileanna tumoideachais lán-Fhraincise i gCeanada (Davis et al., 2019, 2021).

Rinne Mady (2014) scrúdú ar ghnóthachtáil sa Fhraincis agus dearthaí i leith na Fraincise ag trí ghrúpa foghlaimeoirí i nGrád 6 (foghlaimeoirí a raibh Béarla mar phríomhtheanga acu; foghlaimeoirí dátheangacha a raibh teanga dhúchasach agus Béarla mar phríomhtheangacha acu, inimircigh a bhí nuathagtha go Ceanada). Ba chláir d'fhoghlaim na Fraincise mar dhara teanga a bhí i gceist sa staidéar seo, seachas clár tumoideachais. Ghlac 185 dalta páirt sa taighde idir an scrúdú teanga agus/nó an ceistneoir. D'éirigh ní b'fhearr le grúpa na n-inimircigh i gcoitinne, d'éirigh níos fearr leis an ngrúpa dátheangach ar thrí chuid as cúig chuid den scrúdú. Chomh maith leis sin de réir thorthaí an cheistneora bhí dearthaí níos dearfaí ag an ngrúpa dátheangach agus ag an ngrúpa inimircigh i leith fhoghlaim na Fraincise. D'fhéadfaí léamh ar an torthaí go bhfuil deis níos fearr ag foghlaimeoirí inimircigh agus foghlaimeoirí dátheangacha torthaí níos airde a bhaint amach sa tríú teanga, arbh Fraincis í sa chás áirithe seo. D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí chomh maith gur aithin na grúpaí ilteangacha gur mó an luach a bhí le foghlaim teanga ná an grúpa aonteangach. Rinne Mady (2015, 2017) tástáil ar inniúlacht sa Fhraincis agus sa Bhéarla ag trí ghrúpa foghlaimeoirí: foghlaimeoirí a rugadh i gCeanada arbh Béarlóirí iad, foghlaimeoirí ilteangacha a rugadh i gCeanada agus foghlaimeoirí ilteangacha arbh inimircigh iad a bhí sa séú grád i scoil lán-Fhraincise. D'éirigh ní b'fhearr leis an ngrúpa inimircigh ar thástálacha Fraincise agus ní raibh difríocht shuntasach idir na grúpaí ar thástálacha Béarla nó ar thástálacha féinmheasúnaithe.

Is díol spéise é staidéar Au-Yeung et al. (2014) mar gheall gur dhírigh siad ar fhorbairt scileanna teanga agus litearthachta foghlaimeoirí ar cainteoirí dúchais Béarla iad (n=81) agus foghlaimeoirí a raibh Béarla mar theanga bhreise (BTB) acu (n=147) sa Fhraincis agus sa Bhéarla sna luathbhlianta tumoideachais Lán-Fhraincise i gCeanada. Déantar tuairisciú ar dhá staidéar fhadtéarmacha san alt. Socraíodh ar na trí chritéar seo a leanas le páistí a rangú sa chatagóir BTB, (i) má labhair siad teanga eile seachas Béarla sa bhaile ar a laghad 50% den am, (ii) má rugadh a dtuismitheoirí taobh amuigh de Ceanada agus i dtír nárbh é an Béarla an phríomhtheanga labhartha, (iii) má dúirt na tuismitheoirí go raibh teanga eile seachas Béarla mar phríomhtheanga ag na páistí. Sa chéad ghrád bhain na páistí ar chainteoirí dúchais Béarla iad agus na páistí BTB torthaí comhchosúla amach sa Bhéarla agus léirigh siad an patrún céanna ina ndul chun cinn sa Bhéarla maidir le feasacht fóineolaíochta agus léamh focal. Sa chéad ghrád bhain an dá ghrúpa torthaí comhchosúla amach i ngach cuid den tástáil Fhraincise (feasacht fóineolaíochta, stór focal glacach, léamh focal agus léamhthuiscint). Rinneadh tástáil ar fhochuid den sampla arís sa dara agus sa tríú grád. Bhí torthaí comhchosúla ag an dá ghrúpa sa Bhéarla i dtástálacha ar fheasacht fóineolaíochta, léamh focal agus léamhthuiscint agus bhain siad torthaí comhchosúla amach i ngach cuid den tástáil Fhraincise. Bhí na foghlaimeoirí arbh cainteoirí dúchais Béarla iad

chun cinn sna rannóga a bhain le stór focal glacadh agus stór focal táirgiúil amháin sa tástáil Bhéarla cé gur léirigh foghlaimeoirí BTB ráta dul chun cinn ní ba mhó. Tagann an toradh seo le taighde ar fhoghlaimeoirí BTB sna gnáthchláir oideachais toisc ar an iliomad tosca a chuireann le sealbhú foclóra agus toisc nach n-aistríonn eolas foclóra i dteanga amháin thar theangacha. Thug taighde Bérubé and Marinova-Todd (2012) le fios freisin nach raibh difríocht i dtástálacha léamh focal agus léamh focail bhréagacha idir cainteoirí dúchais Béarla agus páistí BTB sa cheathrú grád tumoideachais lán-Fhraincise. Tugann torthaí an taighde le fios go bhfuil cláir thumoideachas an-oiriúnach d'fhoghlaimeoirí BTB maidir le gnóthachtáil acadúil na bhfoghlaimeoirí. Níl taighde ar fáil go dáta a dhíríonn go sonrach ar ghnóthachtáil acadúil foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge. .

### Mír 3

#### **Inspreagadh Tuismitheoirí chun a bPáistí a chur chuig Scoil Tumoideachais**

Tá iliomad tosca i gceist agus tuismitheoirí ag roghnú scoile dá gcuid páistí (Darmody et al., 2012). Rinne Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoich (2021) iniúchadh ar na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge dá bpáistí. Bailíodh an t-eolas trí cheistneoir (n=156) a cuireadh chuig réamhscoileanna i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Ba iad na mórchúiseanna ar roghnaíodh an réamhscolaíocht lán-Ghaeilge ná ar mhaithe le forbairt shóisialta agus chognaíoch na bpáistí, suim na dtuismitheoirí sa Ghaeilge agus sa dátheangachas agus dea-cháil na réamhscoile. Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh tionchar ag tuairiscí neamhfhoirmiúla ó theaghlach agus cairde orthu agus iad i mbun cinnidh. Léiríodh freisin go raibh tionchar ag cúlra lán-Ghaeilge cuid de na tuismitheoirí ar a gcinntí. Labhair níos lú ná 2% de shampla na dtuismitheoirí teanga bhaile a bhí éagsúil ón nGaeilge nó ón mBéarla agus leag na taighdeoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le heolas faoi sholáthar an tumoideachais a roinnt le teaghlaigh inimirceacha. Moladh eolas faoin réamhscolaíocht lán-Ghaeilge a scaipeadh ar bhonn níos forleithne agus níos mó leasa a bhaint as líonraí sóisialta leis sin a dhéanamh. Tagann na torthaí, ag leibhéal na réamhscoile, leis na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí an tumoideachas ag leibhéal na bunscolaíochta in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Nig Uidhir et al., 2016; Ó Duibhir et al., 2017), agus in Albain agus sa Bhreatain Bheag (O'Hanlon, 2015; O'Hanlon & Paterson, 2016). Níor díriodh go sonrach ar thuismitheoirí ilteangacha in aon cheann de na staidéir agus ba bheag tuismitheoir ilteangach a bhí páirteach sna staidéir.

Rinne iniúchadh ar na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí an bhunscolaíocht lán-Ghaeilge mar chuid de staidéar ar an leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Bailíodh eolas trí shuirbhé tuismitheora (n=321). Ba iad na príomhchúiseanna ar roghnaíodh bunscoil lán-Ghaeilge ná go raibh tuismitheoirí ag súil go mbeadh Gaeilge ag an bpáiste (76.9%) nó go mbeadh an páiste dátheangach (61.7%); nuair a bhí suim ag na tuismitheoirí féin sa Ghaeilge (53.9%); nuair a bhí cáil mhaith acadúil ar an scoil (47%); agus nuair a bhí dea-thuairiscí faoin scoil faighte acu ó theaghlach agus cairde (45.2%). Labhair níos lú ná 1% den sampla teanga eile seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile.

Díríodh ar roghnú an tumoideachais mar chuid de mhórstaidéir Uí Dhuibhir et al. (2017) ar sholáthar múnlaí éagsúla tumoideachais i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Ba iad na mórchúiseanna céanna a tháinig chun cinn maidir le tuismitheoirí roghnú na bunscolaíochta lán-Ghaeilge dá bpáistí sa dá dhlíne, ba iad sin, suim sa Ghaeilge agus tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh Gaeilge ag na páistí, suim i gcultúr na Gaeilge, ardchaighdeán an oideachais, buntáistí an dátheangachais, chomh maith le dea-thuiriscí ó ghaolta agus iarscoláirí (Nig Uidhir et al., 2016). Léiríodh cuspóirí ionstraimeacha i gceisteanna oscailte ag deireadh an cheistneora chomh maith, ar nós deiseanna fostaíochta, torthaí scrúdaithe agus foghlaim teangacha breise. Ag teacht le Kavanagh (2014), tháinig cúiseanna pragmatacha chun cinn, ar nós suíomh na scoile agus ranganna beaga. Is díol spéise é gur thuiriscigh príomhoidí in Nig Uidhir et al. (2016) go raibh méadú ar líon na dtuismitheoirí a bhí ag roghnú na scoile de bharr gurbh í an scoil ab áisiúla dóibh seachas ar mhaithe le suim sa Ghaeilge.

Rinne O'Hanlon & Paterson (2016) athbhreithniú ar shé staidéar a d'fhiosraigh na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí an tumoideachais in Alban agus tháinig dá phríomhthéama chun solais - caipiteal teangeolaíoch agus cultúrtha, agus cúiseanna oideachasúla. Bhain caipiteal teangeolaíoch agus cultúrtha le labhairt Ghaeilge na hAlban sa teaghlach agus sa phobal go réigiúnach agus go hidirnáisiúnta. Bhí torthaí foghlama arda agus dea-cháilíocht an oideachais i gceist le cúiseanna oideachasúla. Rinne O'Hanlon & Paterson (2016) iniúchadh ar na tosca ba mhó a d'imreodh tionchar ar thuismitheoirí an tumoideachais a roghnú trí anailís a dhéanamh ar shuirbhé le sampla ionadaíoch den daonra (n=963) in Albain. Ba iad na dearthaí faoi Ghaeilge na hAlban san oideachas agus na dearthaí i leith thodhchaí na teanga na tosca mínitheacha ba mhó a d'imreodh tionchar ar thuismitheoirí, i gcomparáid le toisc dhéimeagrafaíochta, teagmháil leis an teanga agus féiniúlacht chultúrtha agus náisiúnta.

Rinne O'Hanlon (2015) taighde ar na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí bunscoileanna lán-Bhreatnaise agus bunscoileanna lán-Ghaeilge na hAlban (n=63). D'eascair ceithre phríomhthéama ón anailís ar an dá chomhthéacs - oidhreacht, buntáistí an dátheangachais, ardchaighdeán an oideachais agus deiseanna fostaíochta. Ba iad na fothéamaí a tháinig faoin mórthéama oidhreachta ná: oidhreacht chlainne, oidhreacht phobail agus oidhreacht náisiúnta. Tháinig fothéamaí - ar nós buntáistí pearsanta agus cognaíoch - faoi mhórthéama bhuntáistí an dátheangachais. Is faoi mhórthéama ardchaighdeán an oideachais a tháinig dea-thuiriscí chun cinn ó thuismitheoirí eile a raibh a bpáistí cláraithe i scoileanna tumoideachais - dea-atmaisféar na scoileanna, líon beag na ranganna, agus luathfhoghlaim teangacha. Sa dá chomhthéacs agus i gcás tuismitheoirí na Breataine Bige ach go háirithe, tháinig deiseanna breise fostaíochta chun cinn mar théama mar go raibh tuismitheoirí den tuairim gur bhain tábhacht le húsáid na Breataine don fhostaíocht agus soghluaisteacht shóisialta. Bhí téama na fostaíochta níos láidre i gcomhthéacs an Breataine Bige agus cúiseanna cultúrtha agus teangeolaíochta níos láidre i gcomhthéacs thuismitheoirí na hAlban.



## Taithí Tuismitheoirí ar an Oideachas Lán-Ghaeilge

Rinne Kavanagh agus Hickey (2013) iniúchadh ar na dúshláin a bhain le rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge in Éirinn. Bailíodh eolas ó agallaimh le tuismitheoirí (n=10) agus ó fhreagraí ar cheisteanna oscailte i suirbhé tuismitheora (n=84). Bhí náisiúntacht Éireannach ag gach tuismitheoir a cuireadh faoi agallamh agus níl cúlra eithneach tuairiscithe i dtorthaí an tsuirbhé. Ba é an príomhthoradh a d'eascair ón anailís ná gur chuir easpa inniúlachta sa Ghaeilge bac ar rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas Lán-Ghaeilge. Thuairiscigh roinnt tuismitheoirí go raibh siad neirbhíseach ag labhairt leis an múinteoir ranga nó ag labhairt Gaeilge ar láthair na scoile de réir mar a bhí molta sna treoirlínte scoile. Tháinig sé chun solais freisin go raibh tuismitheoirí buartha faoi bheith in ann cuidiú le hobair bhaile as Gaeilge. Chuir cúraimí an tsaoil, ar nós dualgais oibre, isteach ar rannpháirtíocht tuismitheoirí chomh maith lena n-inniúlacht sa Ghaeilge. Mhóthaigh tuismitheoirí in amanna ar imeall phobal na scoile de bharr a n-easpa inniúlachta sa teanga. Ba é an príomh-mholadh a d'eascair ón taighde ná gur chóir díriú ar láidreachtaí tuismitheoirí a bhfuil réimse inniúlachta acu sa Ghaeilge agus iad a chur ar an eolas faoi straitéisí is féidir leo a úsáid chun cabhrú lena bpáistí de réir na n-acmhainní teanga atá acu féin. Moladh tuismitheoirí a spreagadh le tacú le forbairt scileanna teanga agus litearthachta sa chéad teanga (Béarla sa chás seo), agus gur fiú straitéisí a thabhairt do thuismitheoirí le tacú leis an obair scoile; moladh leagan Béarla de théacsleabhair Ghaeilge a fháil mar shampla, má bhíonn teanga acadúil i gceist. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar riail na Gaeilge i gclós na scoile sa chaoi is nach gcuirfí brú ar thuismitheoirí Gaeilge a labhairt. Moladh freisin go bhféadfadh ranganna do thuismitheoirí díriú ar straitéisí le rannpháirtíocht tuismitheoirí a láidriú seachas ar inniúlacht teanga amháin. Tháinig sé chun solais i dtaighde eile in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir 2016, Nig Uidhir et al., 2016; Ó Duibhir et al., 2017) chomh maith gur mhóthaigh roinnt tuismitheoirí ar an imeall i bpobal an tumoideachais nuair nach raibh Gaeilge líofa acu agus gur chuir easpa cumais sa Ghaeilge bac ar a gcuid rannpháirtíochta in oideachas a bpáistí. Eascraíonn moltaí láidre ón taighde gur chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na cineálacha éagsúla rannpháirtíochta atá ann agus an tionchar ata ag rannpháirtíocht tuismitheoirí ar dhearcadh na ndaltaí. Tá rannpháirtíocht tuismitheoirí aitheanta mar thoisic ríthábhachtach i gcur chun cinn oideachais an pháiste agus tá sé mar sprioc náisiúnta tacú le tuismitheoirí ról lárnach a bheith acu i bhforbairt teanga, litearthachta agus uimhearthachta a gcuid páistí (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2011).

Ar an iomlán léirítear leibhéal ardsástachta leis an tumoideachas ag an mbunleibhéal. Léiríodh i dtaighde O'Hanlon (2015) go raibh céatadán ard mac léinn ag an mbunleibhéal san oideachas lán-Cheiltise ag iarraidh leanúint leis an tumoideachas ag an meánleibhéal. Tá ardchaighdeán sástachta ar an iomlán léirithe ag tuismitheoirí faoi sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal (Nig Uidhir et al., 2016; Ó Duibhir et al., 2017; Kavanagh, 2014). Taispeánadh i suirbhé Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoidh (2021) gur theastaigh ó chéatadán ard de thuismitheoirí 94% leanúint leis an oideachas lán-Ghaeilge ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Léirigh 97.2% de thuismitheoirí go raibh siad sásta leis an taithí a bhí faighte acu san earnáil lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016) agus go raibh 53.6% de thuismitheoirí ag iarraidh go leanfadh a bpáistí go dtí leibhéal na hiar-bhunscoile má bhí iar-bhunscoil lán-Ghaeilge sa cheantar. Léiríodh an treocht chéanna i dtaighde Uí Dhuibhir et

al. (2017) agus Nig Uidhir et al. (2016) le 80% de thuismitheoirí ag cur in iúl go molfaidís an iar-bhunscolaíocht lán-Ghaeilge dá bpáistí. Is ríshuimiúil é gur tháinig easpa éagsúlachta i measc chúlra eitneach na ndaltaí i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le scoileanna lán-Bhéarla chun cinn ar cheann de na cúiseanna a chuirfeadh drogall ar thuismitheoirí leanúint chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (Nig Uidhir et al., 2016).

Tá bearna sa taighde reatha in Éirinn maidir le heispéiris thuismitheoirí agus foghlaimoirí ilteangacha leis an oideachas lán-Ghaeilge. Níor éirigh leis na taighdeoirí aon taighde a aimsiú i gcomhthéacs na hÉireann a dhírigh ar inspreagadh thuismitheoirí ilteangacha a bpáistí a chlárú i scoileanna tumoideachais nó ar na heispéiris a bhíonn ag teaghlaigh ilteangacha leis an oideachas lán-Ghaeilge.

### **Inspreagadh Tuismitheoirí Ilteangacha an Tumoideachas a Roghnú**

Is éard atá i gceist le híde-eolaíocht teanga ná na creidimh atá ag daoine faoi theanga (Silverstein, 1979). Bíonn tionchar ag iliomad tosca ag an micrileibhéal, ar nós cúrsaí baile, cúrsaí scoile agus an pobal, chomh maith le tosca ag an macraileibhéal ar nós tionchair pholaitiúla agus shocheacnamaíochta ar ide-eolaíochtaí teangeolaíochta a fhorbraítear go comhfhiosach agus go neamh-chomhfhiosach laistigh de theaghlaigh inimirceacha (Leung & Uchikoshi, 2012). Bíonn tionchar ag tosca eacnamaíochta, polaitiúla, soch-chultúrtha agus teangeolaíochta ar íde-eolaíocht teanga, chomh maith le heolas, taithí agus oideachas tuismitheoirí (Curdt-Christiansen, 2009). Bíonn tionchar ag an timpeallacht ina bhfuil an teaghlach lonnaithe ar íde-eolaíochtaí tuismitheoirí maidir le foghlaim agus forbairt teanga a gcuid páistí (Curdt-Christiansen, 2009, 2014, 2016, 2018; Palviainen & Boyd, 2013). D'fhéadfadh an-tionchar a bheith ag polasaithe oideachais teanga an stáit ar íde-eolaíochtaí an teaghlaigh agus cinntí an teaghlaigh mar gheall ar theanga. Tugtar le fios i gcuid den taighde le tuismitheoirí ar inimirceigh iad go raibh spéis ag tuismitheoirí go mbeadh a gcuid páistí dátheangach nó ilteangach mar gheall ar luach an ilteangachais le dul chun cinn socheacnamaíochta a dhéanamh (Curdt-Christiansen, 2009, 2014; Kang, 2013; Leung & Uchikoshi, 2012).

Is díol spéise é don taighde seo breathnú ar thaighde a dhírigh ar inspreagadh tuismitheoirí ilteangacha a bpáistí a chlárú i scoileanna tumoideachais i gCeanada agus ar thaithí na dtuismitheoirí siúd (Dagenais, 2003; Dagenais & Berron, 2001; Dagenais & Day 1999; Davis et al., 2019, 2021). Taispeánadh i réimse taighde go raibh tuismitheoirí inimirceacha ag iarraidh a gcuid páistí a chur chuig scoileanna tumoideachais lán-Fhraincise mar gheall ar bhuntáistí an ilteangachais agus le cur lena bhféiniúlacht náisiúnta agus trasnáisiúnta (Dagenais, 2003; Dagenais & Berron, 2001; Dagenais & Day 1999). Léirigh Dagenais (2003) gur roghnaigh tuismitheoirí inimirceacha i Vancouver i gCeanada an tumoideachais Lán-Fhraincise dá gcuid páistí mar gur nasc siad foghlaim teangacha breise le caipiteal teangeolaíoch a d'aistreadh go caipiteal eacnamaíoch agus caipiteal sóisialta a bhronnfadh deiseanna breise comhtháitithe agus iontrálaithe i bpobal teanga náisiúnta agus idirnáisiúnta ar a gcuid páistí. Baineann na tuairimí seo go dlúth le teoiricí Bourdieu (1991) agus Bourdieu agus Passeron (1977). Dar le Bourdieu gurb ionann caipiteal teangeolaíoch i dteangacha ar leith agus bealach le breis caipiteal sóisialta agus cultúrtha a bhaint amach i bhfoirm cairdis, fostaíochta agus acmhainní eacnamaíochta. D'áitigh Bourdieu agus Passeron

(1977) go raibh ról ar leith ag an gcóras oideachais i seachadadh caipiteal teangeolaíoch i dteangacha ar leith. Thaispeáin Dagenais & Day (1999) gur thacaigh tuismitheoirí inimirceacha leis an tritheangachas a fhorbairt trína gcuid páistí a chlárú i scoileanna lán-Fhraincise agus a dteanga bhaile a chur chun cinn sa bhaile agus go shamhlaigh siad an tritheangachas mar chuid d'fhéiniúlacht na bpáistí a bhronn breis acmhainní teangeolaíocha orthu nach mbeadh ag páistí aonteacha. Léiríodh i staidéar Davis et al. (2019, 2021) go raibh inspreagadh intreach a bhain le féiniúlacht agus inspreagadh eisintreach a bhain le cúrsaí eacnamaíochta ag tuismitheoirí a gcuid páistí a chlárú i scoileanna lán-Fhraincise. Thuairiscigh tuismitheoirí go mbeadh sé tábhachtach go mbeadh a gcuid páistí in ann dhá theanga oifigiúla Cheanada, mar atá, an Fhraincise agus an Béarla a labhairt agus nár ghá tús áite a thabhairt don Bhéarla mar gheall ar úsáid láidir an Bhéarla sa phobal. Soilsíodh go raibh tionchar láidir ag cúlra ilteangach na dtuismitheoirí agus ar a ndea-dhearcthaí i leith na luathfhoghlama teanga ar na cinntí a rinne siad a bpáistí a thógáil go hilteangach agus iad a clárú ar chlár thumoideachais. Léirigh tuismitheoirí an tuairim go raibh buntáistí ag baint leis an ilteangachas a bhain le sláinte chognaíoch, ionbhá agus fairsingeacht intinne. Thuairiscigh siad go dtabharfadh an tumoideachas lán-Fhraincise buntáistí sa bhreis dá bpáistí maidir le fostaíocht ach go háirithe i bpostanna stáit agus deiseanna breise taistil chomh maith. I staidéar Carr (2009) shamhlaigh tuismitheoirí inimirceacha a raibh a bpáistí ag freastal ar dianchlár Fhraincise i gCeanada, cumas sa Fhraincise mar bhealach le caipiteal teangeolaíoch, caipiteal oideachasúil agus caipiteal eacnamaíoch a bhaint amach agus mar straitéis le cur le féiniúlacht na bpáistí. Tagann tuairimí na dtuismitheoirí sna staidéir éagsúla le léirbhreithniú Somers (2017) a d'aithin clár chomhtháite ábhar agus teangacha mar bhealach le caipiteal teangeolaíoch, eacnamaíoch agus siombalach a thuilleamh d'fhonn soghluaisteacht shóisialta a chur chun cinn.

### **Taithí Tuismitheoirí Ilteangacha ar an gCóras Tumoideachais**

Bhailigh Davis et al (2019; 2021) eolas faoi thaithí foghlaimeoirí Allafóin ar an gcóras tumoideachais i gCeanada agus ar inspreagadh tuismitheoirí inimirceach a bpáistí a sheoladh chuig na scoileanna. Is trí shuirbhé agus agallaimh leathstruchtúrtha a bailíodh an t-eolas. Ar an iomlán bhí tuismitheoirí agus oideachasóirí den tuairim go raibh ag éirí go maith le foghlaimeoirí Allafóin sa tumoideachas lán-Fhraincise. Tháinig eolas níos doimhne agus miondífriochtaí chun cinn sna hagallaimh. Léirigh cuid de na tuismitheoirí inní faoin easpa teagasc foirmiúil sa Bhéarla agus mhínigh siad go mbeadh teagasc breise sa Bhéarla ina chuidiú ag foghlaimeoirí ó thaobh forbairt na teanga acadúla nach mbíonn an teanga sin ar fáil dóibh taobh amuigh den scoil. Bhí taithí éagsúla ag tuismitheoirí freisin agus iad ag plé le hoideachasóirí. Spreagadh cuid de na tuismitheoirí a gcuid páistí a chlárú i scoil tumoideachais, i gcásanna eile, áfach, moladh do thuismitheoirí a mhalairt a dhéanamh. Toisc nach bhfuil polasaithe nó critéir chinnte i bhfeidhm, léiríodh cleachtais agus dearcthaí éagsúla idir scoileanna. Soilsíonn Davis et al. (2021) go bhfuil baol ann gur fhoghlaim dhealaitheach a mbainfí amach i gcás teangacha baile mura gcuirfí tacaíocht straitéiseach i bhfeidhm sna scoileanna tumoideachais le tacú le foghlaim sa chéad teanga. Cuireadh béim ar an dúshlán a bhain le sealbhú agus caomhnú teangacha baile agus an Béarla in uachtar mar theanga an mhóir. I dtaighde mórsála ar thuismitheoirí ar inimircigh iad in Ontario Ceanada thaispeáin Mady (2010) go raibh 50% de thuismitheoirí nár chláraigh a gcuid páistí i

scoil tumoideachais inar mhian leo iad a chlárú agus go raibh 95% de thuismitheoirí a chláraigh a bpáistí i scoileanna lán-Fhraincise sásta lena rogha. Féachtar anois ar dhearccháí príomhoidí agus múinteoirí ar fhoghlaim BTB i gcláir thumoideachais.

### **Dearccháí Príomhoidí agus Múinteoirí ar Fhoghlaim BTB i gCláir Thumoideachais**

Bíonn tionchar ag íde-eolaíochtaí agus creidimh geatóirí (príomhoidí) faoin bhfoghlaim teanga ar eispéiris foghlaim BTB i scoileanna tumoideachais ach go háirithe maidir le rochtain foghlaim ar an gcóras, chomh maith le rathúlacht agus ionchuimsitheach na bhfoghlaim. Rinne Mady & Masson (2018) iniúchadh ar dhearccháí príomhoidí i leith foghlaim BTB i scoileanna in Ontario i gCeanada ina raibh foghlaim BTB mar 50% de dhaonra na scoile. Bailíodh eolas ó cheistneoirí (24), agallaimh (12) agus polasaithe boird. Cé gur léirigh na príomhoidí dearccháí dearfacha i leith foghlaim BTB sa chóras ar an iomlán, d'eascair moltaí ón taighde gur gá aistriú ó dhearcadh dátheangach ar an tumoideachas go dearcadh ilteangach le haitheantas a thabhairt don eolas uile teangeolaíoch agus na leibhéil éagsúla eolais atá ag foghlaim. Moladh chomh maith gur gá oideolaíochtaí sa tumoideachas a fhorbairt le teangacha baile na bpáistí a bhfuil teanga mhionlaigh acu a chur chun cinn. Léirigh cuid de na príomhoidí an tuairim gur theastaigh leibhéal áirithe sa Bhéarla ó foghlaim BTB le Fraincis a fhoghlaim cé nár léirigh siad an tuairim chéanna faoi na foghlaim a raibh Béarla mar chéad teanga acu. Moladh oideachas a chur ar oideachasóirí le deireadh a chur leis an dearcadh d'fhoghlaim teanga idéalach agus leis na '*common sense principles*' (Cummins, 2007) a áitíonn gur gá tús áite a thabhairt don mhórtheanga.

Dhírigh Mady (2016) ar dhearccháí múinteoirí tumoideachais ar pháistí BTB i gcláir thumoideachais ag leibhéal na réamhscoile. Tháinig sé chun solais ina cuid taighde go raibh múinteoirí den tuairim nach ann do gach duine é an tumoideachas agus go bhféadfadh an tumoideachas drochthionchar a imirt ar inniúlacht teanga foghlaim BTB ach go hairithe. Léiríodh i Mady (2012) gur cuireadh roinnt tuismitheoirí inimirceacha - a bhí ag iarraidh a bpáistí a chur chuig scoileanna tumoideachais - ina n-aghaidh mar go raibh cuid de na múinteoirí den tuairim go mbeadh foghlaim trí mheán na Fraincise ródhúshlánach do na páistí. Léirigh cuid de na múinteoirí i staidéar Bourgoin (2016) an tuairim go mbeadh foghlaim na Fraincise ródhúshlánach d'fhoghlaim BTB agus gur theastaigh tréithe ar leith ó foghlaim tumoideachais, mar shampla, is gá dóibh scileanna láidre acadúla a bheith acu chomh maith le bheith ina bhfoghlaim díograiseacha teanga. Bhí múinteoirí ar mhalairt intinne arbh fhearr an dátheangachas comhuaineach nó an dátheangachas seicheamhach d'fhoghlaim Allafóin, is é sin le rá ar chóir go mbeadh leibhéal tairsigh sroichte acu sa Bhéarla roimh thus an chlár thumoideachais (Davis et al., 2019). Breathnaítear anois ar dhearccháí i leith na Gaeilge.

### **Dearccháí i leith na Gaeilge**

De réir an staidéir *Growing Up in Ireland (GUI) and Post-Primary Longitudinal Study (PPLS)* bíonn dearcadh níos dearfaí ag páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge ar an nGaeilge i gcomparáid le páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna T2. Ina ainneoin sin, léiríonn foghlaim an tuairim go bhfuil an Ghaeilge níos deacra ná an

Mhatamaitic agus léitheoireacht an Bhéarla (Devitt et al. 2016). Is mó taighde atá curtha i gcrích ag Dörnyei (2020) a léiríonn na naisc idir inspreagadh an fhoghlaim agus rathúlacht san fhoghlaim teanga. Tá nasc idir dearcthaí dearfacha i leith na teanga agus inspreagadh an fhoghlaim. Taispeánadh i dtaighde Uí Dhuibhir et al. (2017) go raibh dearcadh dearfach ag daltaí lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann i leith na Gaeilge agus go raibh siad sásta an Ghaeilge a labhairt le cairde taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. I measc sonraí eile an taighde, thairiscigh foghlaimoirí go raibh sé tábhachtach Gaeilge a fhoghlaim mar gurbh í teanga dhúchais na hÉireann í agus gur bhain buntáistí leis an dátheangachas. Léirítear i dtaighde Darmody & Daly (2015) go raibh 78% de thuismitheoirí i bPoblacht Éireann a ghlac páirt sa suirbhé ag iarraidh go bhfoghlaimodh a gcuid paistí Gaeilge agus go raibh 25% de thuismitheoirí i bhfabhar a bpáistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh scoil sa cheantar.

Níl aon taighde ar fáil go fóill in Éirinn a dhíríonn go sonrath ar dhearcthaí foghlaimoirí ilteangacha ar an oideachas lán-Ghaeilge. Taispeánadh i staidéar Mady (2017) go raibh dearcadh níos dearfaí ag daltaí nimirceacha i leith an oideachais agus i leith an dátheangachais i gcomparáid le daltaí ilteangacha nó a raibh Béarla mar chéad teanga acu Béarla.

#### **Mír 4**

### **Cur Chuige Ilteangach**

Tá ré úr ann don tumoideachas agus ní mór athrú ó dhearcadh agus cur chuige dátheangach ar an tumoideachas go dearcadh agus cur chuige ilteangach. Tá samplaí de mhodhanna ilteangacha ar fáil sa litríocht. Rinne Mady (2008) iniúchadh ar thaithí foghlaimoirí sa chúigiú agus sa séú grád tumoideachais (n=17) ar ghníomhaíochtaí feasachta teanga, m.sh., beannachtaí i réimse teangacha, logainmneacha, seanfhocail i gcultúir éagsúla, clann teangacha srl. Ag tarraingt ar pheirspictíocht chriticiúil den fheasacht teanga (Fairclough, 1992), d'aithin sí go raibh poitéinseal claochlaithe ag na hoideolaíochtaí feasachta teanga sa chaoi is gur tugadh deis do dhaltaí ilteangacha feidhmiú mar shaineolaithe teanga agus iad ag roinnt eolais faoina dteanga dhúchais. Is sampla eile de dheachleachtas idirchultúrtha iad na 'identity texts' (Cummins et al., 2015).

Cé nach scoil lán-Ghaeilge a bhí i gceist, is díol spéise é saothar Little & Kirwan (2019) don taighde ar an gcur chuige ilteangach ag leibhéal na bunscoile in Éirinn. Is cás-staidéar ar bhunscoil amháin darbh ainm Scoil Bhríde é: cailíní atá sa taighde. Bhí breis is 80% de dhaonra na scoile a labhair teanga eile sa bhaile a bhí éagsúil ón nGaeilge nó ón mBéarla agus mar sin thapaigh an scoil an deis an t-ilteangachas a cheiliúradh trí leas a bhaint as teangacha éagsúla baile mar mar acmhainn acadúil trí chur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm. Seo samplaí de na cleachtais éagsúla a cuireadh i bhfeidhm.

- D'fhoghlaim na páistí rannta, beannachtaí, dathanna, laethanta na seachtaine, focail shuimiúla i réimse teangacha

- Bhí cead ag páistí feidhm a bhaint as trasteangú, mar shampla, ag labhairt i dteangacha baile le ceist mhatamaitice a réiteach agus an t-aiseolas a thabhairt don rang i mBéarla
- Moladh do thuismitheoirí léamh ina dteanga bhaile leis na páistí
- Bhí deis ag páistí téacsanna ilteangacha a chruthú agus scríobh siad i nGaeilge, i mBéarla agus i réimse teangacha baile. Thosaigh na páistí ag foghlaim Fraincise sna hardranganna agus cuireadh an Fhraincis san áireamh ansin. Bhí ról ag thuismitheoirí agus ag siblíní maidir le tacaíocht a thabhairt do pháistí scríobh i dteangacha baile.

Tuairiscíodh go raibh an-suim ag thuismitheoirí agus páistí Scoil Bhríde sa Ghaeilge agus go raibh torthaí na dtrialacha measúnachta i mBéarla ar an meán nó níos airde ná an caighdeán náisiúnta. Bheadh sé ina bhuntáiste do gach páiste agus do gach scoil dá gcuirfí cur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm. Tá straitéisí eile oideolaíochta a thacaíonn leis an ilteangachas agus leis an ilchultúrachas agus tá siad curtha i láthair i saothar Cummins (2021). Déantar suimiú sa chuid dheireanach den léirmheas litríochta ar mholtaí a eascraíonn ón litríocht maidir le teaghlaigh ilteangacha a spreagadh leis an tumoideachas a roghnú dá gcuid páistí mar aon le straitéisí le tacú le teaghlaigh agus páistí ilteangacha i gcláir thumoideachais.

- Ní mór polasaithe a fhorbairt ag leibhéal stáit do sholáthar an oideachais ábharbhunaithe d'fhoghlaimoirí ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir agus ní mór déanamh cinnte de go bhfuil comhionannas deiseanna ag foghlaimoirí maidir le rochtain ar chlár thumoideachais (Davis et al., 2021; Somers, 2018)
- Ní mór buntáistí na foghlama teanga agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha breise do gach foghlaimoir a shoiléiriú ag leibhéal polasaithe, ag cur foghlaimoirí inimirceacha agus foghlaimoirí a bhfuil teanga mhionlaigh san áireamh (Somers, 2018)
- Is gá polasaithe teanga atá ionchuimsitheach a fhorbairt agus polasaithe tumoideachais a chur in oiriúint d'inimircigh, teifigh agus páistí a labhraíonn mionteanga sa bhaile (Davis et al., 2019, 2021)
- Ní mór clár thumoideachais a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimoirí ilteangacha agus aitheantas a thabhairt d'ilchultúrachas na bhfoghlaimoirí uile (Davis et al. 2019; 2021; Mady, 2013; Swain & Lapkin, 2005)
- Is gá aitheantas agus tacaíochtaí a thabhairt d'fhorbairt teangacha éagsúla baile (Davis et al., 2019, 2021; Cummins, 2015; Little & Kirwan, 2019; Mady, 2016, 2017).
- Moltar cur chur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm le haitheantas a thabhairt do chúlra teanga gach páiste agus chun an teanga atá i stóras an pháiste a aithint mar acmhainn luachmhar oideachasúil (Cummins, 2015; Little & Kirwan, 2019, Somers, 2017).
- Moltar thuismitheoirí a chur ar an eolas faoin tumoideachas agus faoi áiseanna agus faoi thacaíochtaí i réimse teangacha baile (Davis et al., 2020; Mady, 2016; Somers, 2018)
- Bheadh sé inmholta straitéisí oideolaíochta, cuir i gcás, cur chuige feasachta teanga, teagasc straitéisí foghlama teanga agus trasteangú a chur i bhfeidhm i gcláir

thumoideachais agus aird fhollasach a dhíriú ar acmhainní teanga gach foghlaimeoir (Davis et al., 2021; Little & Kirwan, 2019; Mady, 2013)

- Moltar eolas taighde-bhunaithe a roinnt le tuismitheoirí, le hoideachasóirí agus le riarthóirí cláir thumoideachais chun go dtuigfidís nach mbeidh páistí ó chúlraí éagsúla teanga faoi mhíbhuntáiste oideachasúil má fhreastalaíonn siad ar scoileanna tumoideachais agus gur féidir le foghlaimeoirí ardchaighdeán a bhaint amach sa mhórtheanga, sa tumtheanga agus ina dteanga dhúchais (Davis et al., 2019, 2021; Mady, 2016, Somers, 2018). Ní mór a leagan air chomh maith nach dteastaíonn leibhéal tairsí sa Bhéarla ó fhoghlaimeoirí le rath a bhaint as clár tumoideachais (Davis et al., 2019)
- Ní mór oideachas a chur ar mhúinteoirí faoi na naisc idir teangacha agus faoi mar a thacaíonn foghlaim teanga i dteanga amháin le foghlaim teangacha eile (Davis et al., 2019, 2021; Mady, 2016; Somers, 2017)
- Ní leor spás fisiciúil a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí is gá do phríomhoidí cur chuige ionchuimsitheach uile scoile a chur i bhfeidhm agus bogadh ó dhearcadh ar an dátheangachas a shamhlaíonn cumas cothrom i dteangacha (Mady & Masson, 2018).
- Moltar tacaíocht bhreise a chur ar fáil sa Bhéarla d'fhoghlaimeoirí BTB más cuí (Davis et al., 2021)

## **Conclúid**

Rinneadh léirmheas ar an litríocht ab ábhartha don tionscadal taighde sa chaibidil seo faoi ceithre phríomh-mhír. Déantar cur síos ar mhodheolaíocht an taighde sa chéad chaibidil eile.

## Modheolaíocht

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar mhodheolaíocht an taighde. Ba thaighde cáilíochtúil a bhí sa dá chuid den taighde mar go raibh na taighdeoirí ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar na heispéiris agus ar na dearcthaí a bhí ag daoine áirithe d'fhonn sonraí doimhne agus saibhre a bhailiú. Díríodh i gCuid A ar eispéiris na dteaghlach ilteangach sa chóras lán-Ghaeilge chomh maith le dearcthaí príomhoidí agus múinteoirí i leith foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge. Díríodh ar dhearcthaí samplacha breithiúnais an phobail Pholannaigh in Éirinn i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge i gCuid B den taighde. Leanadh na céimeanna seo le modheolaíocht an taighde a chur i gcrích

- Lorgaíomar faomhadh eitice ó Choiste Eitice Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath tabhairt faoin taighde. Cloíodh go docht daingean le treoirlínte eitice na hOllscoile le linn an taighde.
- Rinneamar léirbhreithniú córasach ar an litríocht trí inneall cuardaigh na leabharlainne. D'úsáideamar téarmaí cuardaigh ar nós: *EAL immersion, Allophone immersion, minority language learners immersion, immigrant learners immersion, trilingualism immersion, multilingualism immersion.*
- Chuamar i dteagmháil le heagraíochtaí Gaeilge agus le príomhoidí scoileanna lán-Ghaeilge le rannpháirtithe a earcú don taighde trí ríomhphost agus glaonna fóin. Bhain dúshlán le scoileanna a earcú don taighde mar nach raibh foghlaimeoirí ilteangacha ag freastal ar chuid de na scoileanna. D'éirigh linn cúig scoil lán-Ghaeilge a earcú sa deireadh. Bhí dhá scoil in oirthear na tíre, bhí dhá scoil amháin i lár na tíre agus scoil amháin in iarthar na tíre. Bhailíomar sonraí ó phríomhoidí, múinteoirí agus páistí sa chúig scoil. Lorgaíomar cead i scríbhinn ó Chathaoirligh Bhord Bhainistíochta na scoileanna agus ó phríomhoidí na scoileanna tabhairt faoi taighde. Cuireadh eolas faoin taighde agus faoin bhfoirm thoilithe chuig tuismitheoirí agus chuaigh tuismitheoirí i dteagmháil leis na taighdeoirí má bhí siad sásta dul faoi agallamh. Cuireadh foirm thoilithe abhaile chuig tuismitheoirí ilteangacha ag lorg cead dá gcuid páistí páirt a ghlacadh i ngrúpa fócais. Nuair a bhí cead faighte ó na tuismitheoirí lorgaíodh toiliú feasach ó na páistí ag tús an ghrúpa fócais. Reáchtáladh na hagallaimh le tuismitheoirí ar DCU zoom agus rinneadh taifeadadh fuaim orthu. Mhair na hagallaimh thart ar 40 nóiméad. Roinneadh na ceisteanna le tuismitheoirí roimh an agallamh agus míníodh go raibh cead acu tarraingt siar ón taighde am ar bith ar mhian leo. Reáchtáladh na grúpaí fócais le páistí sna scoileanna le duine de na taighdeoirí mar agallóir agus múinteoir eile i láthair. Ba pháistí ó Rang 3 - Rang 6 amháin a ghlac páirt sna grúpaí fócais agus rinneadh taifeadadh fuaim ar na grúpaí fócais. Bhí tuismitheoirí ó 6 scoil lán-Ghaeilge agus ó dhá scoil Ghaeltachta páirteach sna hagallaimh. Níor éirigh linn agallaimh a chur ar phríomhoidí nó ar pháistí i scoileanna Gaeltachta. Reáchtáladh na hagallaimh le tuismitheoirí trí mheán an Bhéarla agus ba í an Ghaeilge nó meascán de Ghaeilge agus Béarla an teanga chumarsáide le linn na ngrúpaí fócais. Mhair na grúpaí fócais idir 10 agus 20 nóiméad. Cuireadh cúigear príomhoidí agus ochtar múinteoirí faoi agallamh chomh maith agus rinneadh taifeadadh fuaim ar gach agallamh. Ba mheascán d'agallaimh aghaidh ar aghaidh agus agallaimh fhíorúla a bhí



i gceist. I ndiaidh na n-agallamh cuireadh na sonraí taighde ar fad ar DCU Google Drive agus rinneadh tras-scríobh ar na taifeadtaí fuaimne. Ar an iomlán bhí tuismitheoirí ó shé scoil lán-Ghaeilge (n=15) agus dhá scoil Ghaeltachta (n=3) páirteach sa taighde.

- Rinneadh tras-scríobh focal ar fhocal ar na hagallaimh agus ar na grúpaí fócais agus ansin tugadh faoi anailís de réir téamaí (Braun & Clarke, 2006). Leanadh na céimeanna seo: (i) chuir na taighdeoirí eolas ar na sonraí trí na tras-scríbhinní a léamh agus a athléamh; (ii) dearadh fráma códaithe a d’eascair as an litríocht, pointí suimiúla a bhí ag teacht chun cinn agus a bhí ábhartha do na ceisteanna taighde; (iii) rinneadh rangú ar na cóid de réir téamaí; (iv) rinneadh athbhreithniú agus leasuithe ar na mórthéamaí d’fhonn iad a bheachtú; (v) cuireadh ainm ar na téamaí agus socraíodh ar shainmhíniú do gach téama; (vi) rinne na taighdeoirí sintéisiú ar an bhfaisnéis d’fhonn tatal a bhaint as torthaí an taighde.
- Léirítear i dTábla 1 eolas faoi theangacha baile na dtuismitheoirí agus léirítear i dTábla 2 eolas faoi na teangacha baile a labhair na páistí a ghlac páirt sna grúpaí fócais. Tugadh cód do gach tuismitheoir agus do gach páiste agus níor ceanglaíodh an cód leis an scoil le rúndacht agus anaithneacht na rannpháirtithe a chosaint i dtuairisciú an taighde.

Tábla 1 Líon na dtuismitheoirí agus teangacha baile sa teaghlach

Béarla agus Danmhairgis (n=1)
Rúisis amháin (n=1)
Fraincis & Béarla (n=2)
Liotuáinis, Rúisis & Béarla (n=1)
Gearmáinis & Béarla (n=1)
Portaingéilis na Braisle agus Béarla (n=1)
Montainéagairis & Béarla (n=1)
Spáinnis & Béarla (n=4)
Polainnis amháin (n=3)
Vítneaimis agus Béarla (n=1)
Spáinnis & Gaeilge (n=1)
Spáinnis amháin (n=1)

Tábla 2 Líon na bPáistí sna Grúpaí Fócais & Teangacha Baile

Scoil	Líon na bpáistí a ghlac páirt sa taighde	Teangacha Baile na bPáistí
Grúpa A	2	Rúisis (n=1)
Grúpa B	3	Polainnis (n=1). Fraincis (n=1). Liotuáinis (n=1)
Grúpa C	3	Spáinnis, Fraincis (n=2)

Grúpa D	6	Polainnis (n=3) Ungáiris Spáinnis Rúisis
Scoil E	3	Slóvaicis (n=2) Portaingéilis na Brasaíle
Líon iomlán na bPáistí a ghlac páirt sna grúpaí fócais	17	

- Maidir le Cuid B den taighde ghlac cúigear Polannach - a raibh baint acu leis an gcóras oideachais in Éirinn ach ní leis an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta - páirt sa taighde; beirt tuismitheoirí, múinteoir amháin i scoil Pholainnise, príomhoide amháin i scoil Pholainnise agus ionadaí ó Ambasáid na Polainne in Éirinn. Chuamar i dteagmháil leis na rannpháirtithe trí gheatóirí eagraíochtaí éagsúla. Thoiligh gach rannpháirtí páirt a ghlacadh sa taighde agus meabhraíodh dóibh go raibh cead acu tarraingt siar ón taighde am ar bith ar mhian leo. B'agallaimh ar DCU Zoom a bhí i gceist le Cuid B den taighde. Rinneadh taifeadadh fuaimne, tras-scríobh agus anailís (Braun & Clarke, 2006) ar na hagallaimh.
- Cloíodh go docht le prótacal DCU maidir le zoom a úsáid agus stóráiltear na sonraí taighde ar fad ar DCU Google Drive atá criptithe agus cosanta ag pasfhocal. Déantar gach iarracht sa tuarascáil rúndacht agus anaithnídeacht na rannpháirtithe a chosaint. Mar shampla, ní cheanglaítear sonraí na scoile leis an tuismitheoir nó leis an teanga bhaile.

## Conclúid

Cuireadh síos ar mhodheolaíocht Chuid A agus Chuid B den taighde sa chaibidil seo. Féachfar ar na torthaí taighde a d'eascair as Cuid A den taighde sa chéad chaibidil eile.

## Caibidil a Ceathair: Torthaí agus Plé Chuid A

Cuirtear torthaí Chuid A den taighde i láthair sa chaibidil seo. Déantar plé ar na torthaí de réir ceithre phríomh-mhír, is iad sin, dearcthaí na dtuismitheoirí, dearcthaí na bpáistí, dearcthaí príomhoidí agus dearcthaí múinteoirí. Sa chéad mhír breathnaítear ar na cúiseanna ar chláraigh na tuismitheoirí ilteangacha a bpáistí i scoil lán-Ghaeilge nó i scoil Ghaeltachta, chomh maith lena ndearcthaí i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Sa dara mír breathnaítear ar na dearcthaí a léirigh páistí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Féachtar ar dhearcthaí príomhoidí i leith foghlaiméoirí ilteangacha san oideachas lán-Ghaeilge sa tríú mír agus breathnaítear ar dhearcthaí múinteoirí ar an ábhar céanna sa cheathrú mír. Déantar achoimre ar na torthaí ag deireadh gach míre. Cuirfear conclúidí a bhaineann le Cuid A den taighde i láthair i gCaibidil a Cúig chomh maith le moltaí a eascraíonn ón taighde agus ón litríocht a chuirfeadh barr feabhais a chur ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta do pháistí ilteangacha. Cuirtear ceisteanna sainiúla an taighde i láthair ag tús gach míre.

### Mír a hAon: Tuismitheoirí

Is iad an dá phríomhcheist a bhaineann leis an mír seo den taighde ná: cad iad na cúiseanna a roghnaíonn tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid bpaistí? Cad iad na dearcthaí atá ag tuismitheoirí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge?

Déantar iniúchadh ar na sonraí a bailíodh ón anailís cháilíochtúil ar na hagallaimh le tuismitheoirí (n=18) faoi na mórthéamaí seo: roghnú na scoile, buanna fhoghlaim na Gaeilge agus an oideachais lán-Ghaeilge, constaicí an oideachais lán-Ghaeilge, forbairt teanga na bpáistí agus moltaí na dtuismitheoirí. Cuirtear gach mórthéama i láthair de réir na bhfothéamaí a d'eascair ón anailís. Tá naiscle sonrú idir na fothéamaí, mar shampla, tháinig buanna an ilteangachais agus luach cultúrtha an oideachais lán-Ghaeilge chun cinn mar chúiseanna inspreagtha le páiste a chlárú i scoil lán-Ghaeilge agus mar bhuntáistí an oideachais lán-Ghaeilge chomh maith. Cuirtear ráitis léirithe na dtuismitheoirí i láthair ag úsáid cóid anaithnide agus déantar nasc leis an taighde agus litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta nuair is cuí.

### Roghnú na Scoile

Is iad an dá mhórthéama a tháinig chun solais maidir le roghnú na scoile lán-Ghaeilge ná: an t-ilteangachas agus luathfhoghlaim teangacha agus oidhreacht chultúrtha. Tháinig dea-thuairiscí ó theagmhálaithe, suim sa Ghaeilge agus athróa breise chun cinn mar théamaí chomh maith.

#### *An Ilteangachas*

Is é an príomhthéama a eascraíonn ón taighde ar fad ná dearcadh dearfach na dtuismitheoirí i leith an ilteangachais. Luaigh gach tuismitheoir a cuireadh faoi agallamh an luach a bhaineann le foghlaim teangacha agus leis an ilteangachas, ach go háirithe, maidir le forbairt scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha a thacaíonn le foghlaim teangacha breise. Ba í suim na dtuismitheoirí i bhfoghlaim teangacha an phríomhchúis ar roghnaigh

siad scoil lán-Ghaeilge dá gcuid páistí sa taighde seo seachas suim ar leith sa Ghaeilge mar atá léirithe i staidéir eile le tuismitheoirí in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al., 2017). Ar aon dul le tuismitheoirí ilteangacha i gCeanada (Dagenais, 2003; Dagenais & Berron, 2001; Dagenais and Day 1999, Davis et al., 2021), léirigh tuismitheoirí ilteangacha sa staidéar seo tuiscint ar bhuntáistí an ilteangachais (Baker & Wright, 2017) - buntáistí cognaíocha, sóisialta, oideachasúla agus eacnamaíochta, mar shampla. Tháinig sé chun solais san anailís gur shamhlaigh na tuismitheoirí ilteangacha an scolaíocht lán-Ghaeilge mar bhealach le teanga sa bhreis a fhoghlaim agus mar sin le buntáistí breise oideachasúla agus fostaíochta a bhaint amach dá gcuid páistí, tuairim atá ag teacht le tuairimí Bourdieu faoi chaipiteal teangeolaíoch (Bourdieu, 1991; Bourdieu & Passeron, 1977). Léirigh tuismitheoirí an tuairim chomh maith go mbíonn sé éasca ar pháistí teanga bhreise a fhoghlaim ag aois óg agus go n-éascaíonn próiseas na foghlama teanga i dteanga amháin próiseas na foghlama thar theangacha (Cummins, 2021; Ó Duibhir & Cummins, 2012).

Me and my partner we we're talking about the schools, we were trying to find the better, best opportunity for the kids. So ehm my partner, he was doing most of the research, of course, and he said the Gaelic schools are really good, great, and our children will have a better, maybe job opportunities when they grown up, because they can choose. Probably there will be more choice for them in the future. And also like, because they are bilingual, for them it's easier, probably, to multitask, and they will probably, it will be for them easier to plan the things, to maybe problem solving things. It goes, all with multilingual children. (T10)

At the start I wasn't sure I didn't know much about that my, my understanding for the general languages in kids is because they, it is natural for them to learn any language, and even could be in French, Irish or anything, even the number of words are in the brain when they are little, kind of make easier to expand the brain and make easier the learning process for Irish for any other language. (T8)

Sonraíodh go raibh tionchar ag cúlra ilteangach na dtuismitheoirí féin agus ag na buntáistí a bhronn an t-ilteangachas orthu da réir - maidir le forbairt inniúlachtaí foghlama teanga agus deiseanna fostaíochta - ar a gcinneadh a gcuid páistí a chur chuig scoil tumoideachais.

People say, why do you manage to pick up on these things? I managed to pick up on these things because I learned languages when I was very young and I had an interest when I was very young. That's the reason why. (T7)

Is díol spéise é cé gur mionteanga í an Ghaeilge a mbaineann úsáid shrianta léi sa domhan idirnáisiúnta chuir tuismitheoirí a roghnaigh an t-oideachas lán-Ghaeilge in iúl go soiléir sna hagallaimh gur acmhainn shaibhir fhoghlama agus eolais í an Ghaeilge.

But just the ability to switch between languages and what it gives them of additional learning, additional insights into languages, how people think in different ways in

different languages is really beneficial. While it's not the most useful languages from a European perspective it's nearly the invisible benefits of it. (T1)

### ***Oidhreacht Chultúrtha***

Ag teacht le taighde eile ar roghnú an oideachais lán-Ghaeilge nó lán-Cheiltise (O'Hanlon, 2015; Ó Duibhir et al., 2017) agus le taighde ar roghnú an tumoideachais lán-Fhraincise i gCeanada (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019, 2021), ba chúis spreagtha í an ghné chultúrtha den oideachas lán-Ghaeilge do thuismitheoirí ilteangacha a bpáistí a chlárú sa scoil lán-Ghaeilge. Thuairiscigh roinnt thuismitheoirí go raibh suim acu i gcultúr na Gaeilge mar go raibh an teaghlach le bheith lonnaithe in Éirinn go fadtéarmach agus go raibh an fhéiniúlacht Éireannach mar chuid d'fhéiniúlacht a gcuid bpáistí a raibh na thuismitheoirí bródúil aisti agus ar mhaith leo í a threisiú.

### ***Suim sa Ghaeilge***

I gcomparáid le taighde eile atá déanta ar thuismitheoirí ag roghnú an oideachais lán-Ghaeilge in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Nig Uidhir et al. 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al., 2017), bhí béim mó ag an ngrúpa seo thuismitheoirí ar an luach a bhaineann leis an ilteangachas agus leis an bhfoghlaim teangacha i gcoitinne seachas suim ar leith sa Ghaeilge nó sa dátheangachas Gaeilge/Béarla. Fós féin, thuairiscigh ceathrar thuismitheoirí go raibh suim ar leith sa Ghaeilge ag a bpáirtí agus go raibh tionchar aige sin ar an gcinneadh scoil lán-Ghaeilge a roghnú. Tá suim ar leith sa Ghaeilge mar thoisic go fóill sa taighde seo.

### ***Dea-thuairiscí ó Theagmhálaithe***

Mar atá léirithe i dtaighde eile (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al., 2017; O'Hanlon, 2015), tháinig sé chun solais sa taighde seo go raibh tionchar ag dea-thuairiscí faoin scolaíocht lán-Ghaeilge ó ghaolta agus ó chairde ar chinneadh na dtuismitheoirí a gcuid páistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge. Is ábhar suime é áfach gur thuairiscigh cuid de na thuismitheoirí i líon an-bheag cásanna gur mhol daoine eile - nach raibh a gcuid páistí ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge - dóibh, gan scoil lán-Ghaeilge a roghnú. Dúirt siad go mbeadh an fhoghlaim trí Ghaeilge ródheacair agus go bhféadfadh sí deacrachtaí a chothú do na páistí san iar-bhunscoil nó san ollscoil nuair a bheadh an téarmaíocht acadúil i mBéarla. Léiríonn na dearcchá seo gur gá oideachas faoi bhuntáistí an tumoideachais agus oiriúnacht cláir chomhtháite ábhar agus teanga do gach foghlaimeoir a scaipeadh go forleathan ar an bpobal (Somers, 2017, 2018).

I talk to well not a lot but I talk to some people that I trust and they all told me that going to Irish school was probably the best thing that had ever happened to their kids. (T2)

The people I probably got the strongest reaction from were the Irish peers. There are mixed views on it maybe it's elitist not quite normal. (T1)

### ***Athróga breise***

Mar a léiríodh i saothar Darmody et al. (2012) bíonn iliomad tosca i gceist agus tuismitheoirí ag roghnú scoile dá gcuid páistí. I measc na n-athróg breise taobh amuigh de chúiseanna teangeolaíochta agus cultúrtha, mhaígh tuismitheoirí go raibh tionchar ag na rudaí seo ar a gcinneadh: dea-atmaisféar na scoile, áisiúlacht na scoile don bhaile, foirgnimh scoile nua agus áiseanna nua, polasaithe na scoile, cáilíocht an oideachais, éiteas scoile ilchreidmhigh (n=1) nó éiteas scoile Chríostaí (n=1). I gcásanna áirithe ba thosca breise - dea-atmaisféar agus dea-cháil na scoile, mar shampla - a spreag na tuismitheoirí seachas an t-oideachas lán-Ghaeilge.

Léirigh an anailís go raibh cúiseanna inspreagtha na dtuismitheoirí ilteangacha in Éirinn ag teacht leis na cúiseanna inspreagtha a bhí ag tuismitheoirí ilteangacha a gcuid bpáistí a chlárú i scoileanna lán-Fhraincise (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019, 2021), is é sin le rá go raibh inspreagadh intreach i gceist a bhain le cúrsaí féiniúlachta agus cultúrtha agus inspreagadh seachtrach ann chomh maith a d'airigh foghlaim teanga mar bhealach le caipiteal teangeolaíoch a thuilleamh agus breis caipitil oideachasúil, shóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach dá bharr.

### ***Tuismitheoirí nár roghnaigh an scoil***

Is pointe ríshuimiúil é gur as na cúig theaghlach nach raibh Gaeilge nó Béarla mar theanga bhaile acu, gur chuir trí theaghlach na páistí chuig scoil lán-Ghaeilge mar nach raibh spás ar fáil do na páistí i scoil T2. Is ábhar spéise é chomh maith gur mhaígh gach duine de na tuismitheoirí nach raibh Béarla mar theanga labhartha sa bhaile acu (n=5) agus go raibh ról cinniúnach ag príomhoide nó múinteoir ón scoil agus iad i mbun cinnidh a bpáiste a sheoladh chuig an scoil. Leag Mady & Massson (2018) béim ar an tábhacht ar leith a bhaineann le geatóirí scoile chun fáilte a chur roimh tuismitheoirí agus teaghlaigh ilteangacha.

It was a summer time and I was talking with the principal, and it was really nice chat, and he ensure me that I don't have to worry anything about new language. It's just a new start, and that the schools are very, very good and very good education level and he promised me that definitely he will be good in that school. So the language is not a barrier, because pretty much the young kids they doesn't know Irish as well so everybody's starting from the same kind of level. (T12)

Thuiriscigh tuismitheoirí eile chomh maith gur chuir príomhoidí ar an suaimhneas iad maidir lena gcinneadh agus gur thaitin an príomhoide agus dea-atmaisféar na scoile leo.

Is díol spéise é chomh maith gur thuiriscigh grúpa suntasach de na tuismitheoirí (n=6) nach mbeadh an bhunscolaíocht lán-Ghaeilge/Gaeltachta roghnaithe acu mura raibh Gaeilge/Béarla ag a bpáirtí sa bhaile. Nocht na tuismitheoirí seo an tuairim gur theastaigh eolas éigin ar an nGaeilge ó thuismitheoir amháin sa teaghlach ar a laghad.

If my partner was French, I would have gone a completely different pathway, because he is Irish and he has the Irish I knew it still be there, in case, you know, for the support, you know, in case it was, it was needed. (T9)

Leagann an méid a bhí le rá ag tuismitheoirí béim ar cé chomh tábhachtach agus atá sé teachtaireacht a chur chuig tuismitheoirí nach dteastaíonn eolas ar an sprioctheanga go mbainfidh páistí rath as an gclár tumoideachais. Ní mór a dhéanamh cinnte gur féidir le tuismitheoirí a bheith rannpháirteach in oideachas a gcuid páistí (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2011; Kavanagh & Hickey, 2013; OECD, 2015) beag beann ar a gcuid inniúlachta sa Ghaeilge nó sa Bhéarla.

## **Buanna na Gaeilge agus an Oideachais Lán-Ghaeilge**

Cuireadh ceist ar na tuismitheoirí faoin luach a bhain le foghlaim na Gaeilge agus faoi bhuntáistí an oideachais lán-Ghaeilge sna hagallaimh. Nasc na tuismitheoirí buntáistí na scolaíochta lán-Ghaeilge le buntáistí fhoghlaim na Gaeilge, agus mar sin, cuirtear an dá théama le chéile i dtuairisciú na dtorthaí. Ba iad seo na trí fhothéama a d'eascair ón anailís - buntáistí cultúrtha, buntáistí an ilteangachais agus caipiteal teangeolaíoch.

### ***Buntáistí cultúrtha***

Nocht tuismitheoirí an tuairim gur bhain tábhacht chultúrtha leis an nGaeilge a fhoghlaim mar gurb í teanga dhúchais na tíre í agus gur fiú teanga oidhreachta na tíre a fhoghlaim agus cónaí ort i dtír.

And second thing we came to Ireland to stay here forever and some areas of the country speak Irish and Ireland invests a lot into Irish language. I think it's a very nice idea to speak native language of the country you are going to spend your life forever. (T2)

Ba léir gur nasc tuismitheoirí eolas ar an nGaeilge le féiniúlacht Éireannach a gcuid páistí mar atá mínithe ag T8.

And she loves it like about the culture as well to have her and she is Irish so you know that part is what is important for us. (T8)

Mhínigh tuismitheoir amháin go bhfaigheadh na páistí tuiscint níos doimhne ar oidhreachta na hÉireann tríd an gcóras lán-Ghaeilge agus iad tumtha sa teanga agus cultúr agus gur bealach é do thuismitheoirí le dul i ngleic le cultúr na hÉireann chomh maith.

And also if , yeah, especially if you both your parents are from foreign languages, you know it's an extra help to integrate yourself in the Irish culture and know more about that even through your children I suppose if you're a parent like you know, because you're going to school with them in a way, you kind of get to know about the Irish culture I suppose as well and the Irish language a bit. (T9)

Léirigh cuid de na tuismitheoirí an tuairim gur thrua é nach raibh níos mó béime ar an nGaeilge sa phobal agus níos mó úsáide á baint aisti go fiú ar bhonn neamhfhoirmiúil sa phobal. Léirigh cuid de na tuismitheoirí iontas nach raibh níos mó measa ag an bpobal i gcoitinne ar an nGaeilge. Léirigh cuid mhór rannpháirtithe i Darmody & Daly (2015) an tuairim gur chóir don rialtas níos mó a dhéanamh le tacú leis an nGaeilge.

### ***Buntáistí an ilteangachais***

Tháinig an t-ilteangachas chun cinn mar phríomhthoisic agus tuismitheoirí ag roghnú scoil lán-Ghaeilge dá bpáistí agus arís mar bhua a bhain leis an gcóras lán-Ghaeilge. Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh páistí in ann cód a athrú ó theanga amháin go teanga eile gan stró agus iad ag labhairt Gaeilge, Béarla agus teangacha eile ag brath ar an suíomh cumarsáide agus cé leis a raibh siad ag caint (García, 2009). Tháinig múscailt suime i bhfoghlaim teangacha, forbairt scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha, chomh maith le dearcadh dearfach i leith na foghlama teanga, chun cinn mar bhuntáistí na scolaíochta lán-Ghaeilge.

I think it's a great, it's a great extra asset to have that extra language. You know it's just the more languages the better. (T9)

They like anyone I know that speaks two or three languages they take up the fourth language with no effort. I see that as a great plus. (T11)

Even my daughter was doing some notebook like putting some words in different languages, so I can see that she's really like interested, you know, in that languages (t14).

Tháinig an ghné idirchultúrtha d'fhoghlaim réimse teangacha chun cinn mar athróg freisin agus mhínigh cuid de na tuismitheoirí go raibh tuiscint ag páistí go raibh bealaí éagsúla le cumarsáid a dhéanamh agus gur chothaigh an tuiscint seo meas ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha.

I think he's quite alert to the fact that different people speak different languages and even neighbours who are of different cultural backgrounds. I like that aspect in this kind of society, that he's kind of accepting of that. (T6)

### ***Caipiteal Teangeolaíoch***

Cheangail tuismitheoirí eolas ar réimse teangacha le breis deiseanna fostaíochta sa gheilleagar domhanda. Nocht go leor de na tuismitheoirí an tuairim go mbeadh an Ghaeilge úsáideach do na páistí dá mbeadh siad ag iarraidh poist mar mhúinteoir nó mar státseirbhíseach. Tagann an tuairim seo le taighde sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019, 2021; O'Hanlon, 2015) nuair a shamhlaigh tuismitheoirí úsáid na teanga tumtha mar chaipiteal teangeolaíoch a thabharfadh breis caipiteal eacnamaíoch agus sóisialta do pháistí. Luaigh roinnt tuismitheoirí pointí sa bhreis don Ghaeilge san Ardteist mar bhuntáiste a bhain leis an oideachas lán-Ghaeilge chomh maith.

It's a huge advantage. And I hope the Leaving Cert won't be a problem for her. And I know there's sometimes, you know, if she will decide to work for the public sector or anything. Yeah, it'll be easier probably for her as well. (T5)

Ní mór a aithint go raibh difríochtaí le sonrú sna hagallaimh le tuismitheoirí a raibh a gcuid páistí ag freastal ar scoileanna Gaeltachta. Sna cásanna sin thuairiscigh tuismitheoirí



gur bhain tábhacht fhoghlaim na Gaeilge leis an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga theaghlaigh agus mar theanga phobail chomh maith.

### **Constaicí an Oideachais Lán-Ghaeilge**

Níor eascair constaicí móra do theaghlaigh ilteangacha ón anailís ar na hagallaimh. Breathnaítear ar chonstaicé an oideachais lán-Ghaeilge faoi dhá fhothéama a bhfuil aird dírithe orthu sa taighde cheana féin: inniúlacht sa Ghaeilge agus rannpháirtíocht tuismitheoirí agus obair bhaile (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Nig Uidhir et al. 2016; Ó Duibhir et al., 2017) agus pléitear iad i bhfianaise an taighde seo.

#### ***Rannpháirtíocht tuismitheoirí***

Ar an iomlán níor eascair dúshlán mhóra faoin scolaíocht lán-Ghaeilge ón anailís ar na hagallaimh. Cé go bhfuil aird dírithe i dtaighde eile in Éirinn gur mhothaigh tuismitheoirí ar an imeall sa phobal lán-Ghaeilge mura raibh dóthain inniúlachta acu sa Ghaeilge agus gur chothaigh easpa inniúlachta sa Ghaeilge deacrachtaí maidir lena rannpháirtíocht (Kavanagh & Hickey, 2013), ní hamhlaidh a thuairiscítear sa taighde seo. Ní mór a aithint go raibh grúpa beag scoileanna páirteach sa taighde seo agus ní fhéadfaí a rá go bhfuil na scoileanna sin ionadaíoch ar na scoileanna lán-Ghaeilge ar fad. Ba léir go raibh dea-chleachtais i bhfeidhm iontu ó thaobh na cumarsáide le tuismitheoirí de agus spreagadh na rannpháirtíochta.

Some schools you hear they are very strict with parents only speaking Irish in the yard and things like that. They know that most of the parents don't have Irish or have very limited Irish so they are very supportive so while they always address you in Irish they switch into English and they get to know the parents very quickly to know who do and who don't speak Irish. (T1)

Rinneadh teagmháil dhátheangach le tuismitheoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus cé go raibh spreagadh ann chun an Ghaeilge a úsáid maidir le húsáid beannachtaí srl., níor cuireadh brú ar na tuismitheoirí. Is ríshuimiúil é go ndúirt triúr de na tuismitheoirí gur mar a chéile é do na tuismitheoirí ar fad ó thaobh na Gaeilge de mar go raibh na tuismitheoirí Éireannacha ag foghlaim na Gaeilge chomh maith.

Most parents I would say 90% of parents do not speak Irish themselves, so it's a green field not a green field, it's here for all of us Irish is equally new to me as it is to some parents who are originally from Ireland so there is no – very inclusive - , yet there is no such a problem just because it new language for most of us and I have never had any concerns about myself not speaking or not able to read Irish. (T2)

Mhínigh tuismitheoirí go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh teagmháil rialta le tuismitheoirí faoi oideachas an pháiste. Mar atá léirithe i Kavanagh & Hickey (2013) cuireann cur chuige aonteangach Gaeilge srian le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Moltar sa Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (An Roinn Oideachais & Scileanna, 2016) tús áite a thabhairt don Ghaeilge mar theanga chumarsáide, teanga phobail agus teanga an tsóisialaithe. Bheadh sé ríthábhachtach go ndéanfaí teagmháil dhátheangach le tuismitheoirí i ngach scoil le rannpháirtíocht in oideachas

a gcuid páistí a chosaint agus le hoideachas na bpáistí a chur chun cinn. Mhínigh tuismitheoirí go bhfuil an-tábhacht leis an teagmháil rialta idir an scoil agus an baile chun go mbeadh tuismitheoirí ar an eolas faoi dhul chun cinn na bpáistí. Bhí teangacha baile in úsáid chomh maith le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí nuair a bhí gá agus réimse uirlisí aistriúcháin in úsáid ag scoileanna. Mhínigh tuismitheoirí amháin gur aistrigh scoil amháin an tuairisc scoile go teanga bhaile an pháiste agus gur deas an iarracht í. Bhí ranganna Gaeilge do thuismitheoirí ar siúl i gcuid de na scoileanna agus ardaíodh an pointe gur fiú ranganna do ghlangosaitheoirí a chur ar fáil. Cé go bhfuil fócas taighde seo ar thuismitheoirí ilteangacha baineann tábhacht na rannpháirtíochta le cearta gach tuismitheora agus ní mór do scoileanna déanamh cinnte de nach gcuirfí srian ar rannpháirtíocht tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu. Bhí cur chuige ionchuimsitheach i bhfeidhm sna scoileanna áirithe a ghlac páirt sa taighde seo.

I wouldn't separate being multilingual from another family that doesn't have the Irish. Like they do some classes for parents you know for adults, and any problems, you know they always help, and they always support, you know. (T15)

### ***Obair bhaile***

Maidir le tacú le hobair bhaile bhí réimse straitéisí tacaíochta in úsáid ag tuismitheoirí sna luathbhlianta ar nós uirlisí aistriúcháin ar líne agus uirlisí leictreonacha le foghraíocht na Gaeilge a chinntiú. Dúirt beirt tuismitheoirí chomh maith go raibh siad sásta ceist a chur ar an múinteoir má bhí aon éiginnteacht ann. Mhínigh tuismitheoirí amháin toisc gurbh fhoghlaiméir teanga í féin go raibh sí oscailte do cheisteanna a chur. Tháinig *seesaw* chun cinn freisin mar áis úsáideach áit a mbíonn múinteoirí ag léamh leabhar. Tá sé léirithe i dtaighde Stenson & Hickey (2019) go gcabhraíonn leabhair dhigiteacha le tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu léamh lena bpáistí. Bhí seirbhís tacaíochta fóin don obair bhaile luaite mar áis ag scoil amháin. Ar an iomlán, mhínigh na tuismitheoirí gur éirigh na páistí níos neamhspleáiche de réir a chéile agus nach raibh mórán tacaíochta de dhíth orthu maidir le hobair bhaile. Ní fhéadfaí ginearálú a dhéanamh go scoileanna lán-Ghaeilge eile ach is léir go raibh an obair bhaile socraithe sna scoileanna ionas go bhféadfadh na páistí tabhairt fúithi go neamhspleách agus go raibh atmaisféar fáilteach sna scoileanna go bhféadfadh tuismitheoirí cuidiú a lorg.

### **Forbairt Teanga na bPáistí**

Léirigh na tuismitheoirí ilteangacha ardleibhéal sástachta le forbairt teanga na bpáistí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Ó thaobh na Gaeilge de bhunaigh na tuismitheoirí a dtuairimí ar iompar teanga an pháiste agus aiseolas dearfach ón scoil. Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh na páistí bródúil as a gcuid Gaeilge agus go raibh Gaeilge ag úsáid ag siblíní agus iad i mbun obair bhaile. Bhí ag éirí leis na páistí athrú ó theanga amháin go teanga eile gan stró. Bhí trí theanga ar a laghad ag na páistí ar fad, is iad sin, Gaeilge, Béarla agus teanga bhaile. Thuairiscigh tuismitheoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge go raibh siad sásta go raibh Gaeilge mar theanga labhartha ar scoil agus Béarla mar theanga labhartha go sóisialta taobh amuigh den scoil le cairde. Ar aon dul leis an taighde i gCeanada (Dagenais, 2003; Davis et al, 2019, 2020) sna teaghlaigh ina raibh Béarla mar theanga labhartha ag tuismitheoirí amháin ní raibh

na tuismitheoirí inníoch faoin mBéarla de dheasca stádas na teanga mar theanga an mhóraithe taobh amuigh den scoil agus an iliomad ionchuir sa Bhéarla atá ar fáil do pháistí.

Absolutely no, that's a bunch of nonsense, because English is all around. (T7)

Tháinig buairt faoi fhorbairt teanga sa Bhéarla chun cinn mar ábhar inní ag tuismitheoirí nach raibh Béarla mar theanga labhartha sa bhaile. Mhínigh tuismitheoirí gur ghlac sealbhú an Bhéarla am ach gur éirigh leis na páistí ar deireadh.

As we don't speak English at home I would say at some point that I was concerned but then suddenly out of nowhere they started speaking. No clue how it happened but as far as I understand they have very limited English lessons at school but probably on the playground or with some friends. (T2)

Mar atá tuairiscithe cheana féin shamhlaigh na tuismitheoirí an cumas teanga i réimse teangacha mar bhuntáiste agus mar bhunús d'fhoghlaim teangacha eile.

If then somebody asked them a question in English then switch to English or in Irish. So it's it's. Yeah, it's interesting the way we are able to do that you know. I think there is a great value on, that and any language they learn from now on It'll always be easier because they already know three so that the connections are there, and they find it easier to learn I don't know whatever other languages they want to learn. (T11)

Is díol spéise é cé gur thosaigh páistí ó theaghlach Pholannach a raibh Polainnis amháin á labhairt acu sa scoil lán-Ghaeilge i rang a trí agus i rang a cúig go raibh ag éirí go maith leis na páistí ar scoil de réir thuairisc an tuismitheora. Bhí na páistí ag freastal ar scoil T2 sular thosaigh siad sa scoil lán-Ghaeilge.

## **Teangacha baile**

I gcás na dteangacha baile nach Gaeilge ná Béarla iad bhí na tuismitheoirí den tuairim gur bhain an-tábhacht le húsáid agus cur chun cinn na teanga baile mar de chuid d'fhorbairt féiniúlachta na bpáistí. Bhain tábhacht ar leith le húsáid na teanga le cumarsáid a dhéanamh le teaghlach agus gaolta ach go háirithe. Thuairiscigh tuismitheoirí go minic nach raibh Béarla ag seantuisítí nó col ceathracha agus go raibh sé iontach tábhachtach acu a bheith ábalta labhairt le baill na clainne. Bhí réimse straitéisí in úsáid ag na tuismitheoirí mar chuid dá bpolasaí teanga teaghlaigh (Curdt-Christiansen, 2018) leis an mionteanga a chur chun cinn. Bhain an-tábhacht le labhairt na teanga sa bhaile agus le baill eile den teaghlach sa bhaile agus thar lear, laethanta saoire sa tír oidhreacht, breathnóireacht ar an teilifís agus léitheoireacht trí mheán na teanga baile. D'fhreastail cuid de na páistí Polannacha ar scoil Pholainnise ag an deireadh seachtaine agus bhí ranganna Spáinnise agus Rúisise ag teaghlaigh eile. Sna teaghlaigh ina raibh tuismitheoir amháin ag labhairt Béarla agus tuismitheoir eile ag labhairt mionteanga, bhí nós ag go leor de na páistí labhairt ar ais i mBéarla dá dtuismitheoirí. D'aithin tuismitheoirí go mbaineann dúshlán le hoilteacht teanga a bhaint amach sa mhionteanga nuair a bhíonn *tuismitheoir amháin teanga amháin* mar chleachtas teanga ag an teaghlach mar atá léirithe sa litríocht (De Houwer, 2009).

Ní raibh na tuismitheoirí ag súil go dtacódh na scoileanna le forbairt teangacha eile seachas Gaeilge agus Béarla. Nuair a cuireadh ceist ar na tuismitheoirí ar mhaith leo go dtacódh an scoil le forbairt na dteangacha baile nocht cuid díobh gur bhain an teanga bhaile leis an mbaile amháin agus nár theastaigh cuidiú uathu. Léirigh cuid díobh amhras faoin mbealach go bhféadfadh an scoil tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do theangacha eile agus Gaeilge agus Béarla á bhfoghlaím ag na páistí cheana féin. Ach, cheap tuismitheoirí eile go mba dheas ardán níos mó a thabhairt do pháistí labhairt faoina dteanga agus faoina gcultúr. Mhínigh beirt tuismitheoirí a raibh Polainnis mar theanga labhartha acu go raibh an-bhród ar na páistí nuair a iarradh orthu lipéid a aistriú agus boscaí á seoladh go dtí an Úcráin. Mhínigh siad gur bhronn an roinnt eolais faoina dteanga dhúchais deis ar na páistí cuid den acmhainn teanga a bhí acu a thaispeáint do pháistí eile. Tagann an t-eispéireas seo leis an litríocht a áitíonn gur chóir leas a bhaint as teanga bhaile an pháiste ar scoil mar acmhainn teanga le meas níos mó a chothú ar theangacha (Cummins, 2015; CNCM, 2007; Little & Kirwan, 2019; Ní Dhiorbháin, 2021; Rialtas na hÉireann, 2019). Chabhródh cur chuige scoile ilteangach (Little & Kirwan, 2019; Ní Dhiorbháin, 2021) le scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta réimse teangacha a chur chun cinn.

### ***Eolas faoin ilteangachas do thuismitheoirí***

In ainneoin na ndúshlán a bhaineann le tógáil páistí go hilteangach ní bhfuair aon duine de na tuismitheoirí comhairle maidir le páistí a thógáil go hilteangach ó aon fhoinsé seachtrach – seirbhísí sláinte nó seirbhísí oideachais. Nuair a bhí comhairle faighte ag tuismitheoirí is ó bhaill clainne amháin a fuair siad an chomhairle. Mhínigh tuismitheoirí go bhfuair siad comhairle ó sheantuisítí, mar shampla, leanúint orthu ag labhairt na teanga oidhreachtá fiú má labhraíonn an páiste ar ais i mBéarla. Mhínigh tuismitheoirí, a roghnaigh an scoil lán-Ghaeilge thar scoileanna eile, go ndearna siad féin taighde ar an tumoideachas. Léirigh roinnt tuismitheoirí an tuairim go mbeadh sé cabhrach eolas faoi chéimeanna phróiseas an tsealbhaithé teanga ag páistí ilteangacha a chur ar fáil do thuismitheoirí, do thuismitheoirí nua ach go háirithe, mar shampla, eolas maidir leis an tréimhse chiúin agus códmheascadh teangacha ag aois óg. Míníodh go mba dheas breis eolais a chur ar fáil le tacú le tuismitheoirí agus iad a spreagadh chomh maith.

It would be nice to have some support around multilingualism like, it's, there is challenges to it as well. I find it really hard to keep it going, because well, me and my husband would speak English. But when it comes to the kids, to try to keep using Spanish with them when they always answer back in English, it's difficult (T11)

Ní mór do na seirbhísí sláinte agus eagraíochtaí oideachasúla obair as lámha a chéile le breis eolais agus tacaíochta faoi fhorbairt teangacha a chur ar fáil do thuismitheoirí.

### ***Coimriú ar dhearcthaí na dtuismitheoirí***

Is dea-scéala é gur léirigh gach tuismitheoir a cuireadh faoi agallamh dearcadh dearfach i leith na scolaíochta lán-Ghaeilge i gcomhthéacs a dtaithe clainne agus tuismitheora féin. Ar aon dul le taighde eile atá déanta go dtí seo in Éirinn (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Nig Uidhir et al. 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al.,

2017), léirigh na tuismitheoirí ilteangacha ardleibhéal sástachta leis an oideachas lán-Ghaeilge. Cé nach bhfuil an sampla seo de thuismitheoirí ionadaíoch ar na tuismitheoirí ilteangacha uile a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, thuairiscigh na tuismitheoirí go raibh siad féin agus a gcuid páistí iontach sásta leis an scoil. Ní mór a aithint gur roghnaigh na tuismitheoirí a bheith páirteach sa taighde, mar sin is mó seans atá ann go raibh siad sásta leis an scoil. Is líon beag scoileanna a bhí i gceist sa taighde, mar sin, ní fhéadfaí na torthaí a ghinearálú go scoileanna lán-Ghaeilge eile. Bhí mórchuid na dtuismitheoirí i bhfabhar leanúint ón mbunscoil chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge mar atá léirithe i dtaighde eile (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Ó Duibhir et al., 2017). Ní raibh aon tuismitheoir i gcoinne iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, ach léirigh siad go mbíonn tosca eile i gceist ar nós áisiúlacht na scoile agus cúrsaí taistil. Nocht tuismitheoirí an tuairim gur rogha phearsanta í do gach teaghlach scoil a roghnú dá gcuid páistí ach go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge le moladh bunaithe ar dtaithí féin.

I just always say that my child goes in that school, and that I'm really happy, and you should send your child, because it will just be benefit for his opportunities in the future. (T10)

Bhí cuid de na tuismitheoirí éiginnte faoi oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do theaghlaigh nach bhfuil Gaeilge nó Béarla mar theangacha labhartha acu. I gcás teaghlach amháin nach raibh Gaeilge ná Béarla mar theanga bhaile ag an gclann mhínigh duine de na tuismitheoirí, cé go mbeadh an t-oideachas lán-Ghaeilge le moladh aige féin go bhfuil sé deacair a chur ina luí ar thuismitheoirí eile nach mbeadh na páistí taobh thiar ó thaobh an Bhéarla de.

All my arguments were not taken into consideration because of the general fear of sticking to Irish rather than sticking to English that's probably something that cannot overcome and I understand the fear I was there right. (T2).

D'fhéadfaí a léamh ar na torthaí gur cheart eolas a roinnt le tuismitheoirí faoi oiriúnacht clár tumoideachais do gach páiste agus déanamh cinnte de go bhfuil straitéisí tacaíochta ann a chinnteodh rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí sna scoileanna ar fad.

## **Achoimre**

Sa mhír seo, cuireadh síos ar na cúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid páistí chomh maith le dearthaí na dtuismitheoirí i leith fhoghlaim na Gaeilge agus an oideachais lán-Ghaeilge. Fiosraíodh buanna agus constaicí an oideachais lán-Ghaeilge do theaghlaigh ilteangacha de réir dhearthaí agus eispéiris an tsampla seo de thuismitheoirí. Pléadh forbairt teanga na bpáistí sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus i dteangacha baile. Críochnaíodh le coimriú ar dhearthaí na dtuismitheoirí.

## Mír a Dó: Páistí

An mhórchéist atá á fiosrú sa dara mír den chaibidil seo ná: Cad iad dearchtaí páistí ilteangacha i leith fhoghlaim na Gaeilge agus an oideachais lán-Ghaeilge? Ba iad seo na mórchéamaí a d'eascair ón anailís - luach an ilteangachais, chomh maith le luach chultúrtha, oideachasúil agus shóisialta na Gaeilge. Cuirtear ráitis na bpáistí i láthair le cód anaithnid d'fhonn rúndacht na rannpháirtithe a chosaint.

### Luach an Ilteangachais

Tháinig luach an ilteangachais chun cinn mar mhórchéama sna grúpaí fócais le páistí. Léirigh na páistí an tuairim gur buntáiste é réimse teangacha a fhoghlaim agus chuir siad in iúl gur bhain bua le sealbhú agus úsáid gach teanga a bhí ina stóras teanga acu - Gaeilge, Béarla agus réimse teangacha baile, mar shampla. Is ríshuimiúil é gur léirigh na páistí tuiscint chomh maith ar stádas na dteangacha éagsúla (Cummins, 2015) a bhí ina stóras teanga. Mhínigh siad go raibh foghlaim an Bhéarla tábhachtach mar gurb é teanga an mhóraithe é agus gur gá Béarla a fhoghlaim le cumarsáid a dhéanamh leis an saol mór. Nocht na páistí an tuairim nár leor go mbeadh eolas ag duine ar an nGaeilge amháin mar nach mbíonn Gaeilge ar eolas ag gach duine ach go raibh an Ghaeilge úsáideach le labhairt le cairde.

Tá sé ar fud na tíre (Béarla) agus i ngach tír (GFD).

It is important to learn English because some people here don't know Irish ... and if you try to speak it they won't know Irish. (GFB)

Mar a thuairiscigh páistí i staidéar Uí Dhuibhir et al. (2017) d'fhéadfadh siad Gaeilge a bheith acu mar theanga rúnda agus iad thar lear, ach go mbeadh sé úsáideach eolas a bheith acu ar an bhFraincis, mar shampla, le cumarsáid a dhéanamh ar saoire sa Fhrainc. Téama eile a tháinig chun cinn sna grúpaí fócais le tuismitheoirí agus le páistí, an tábhacht atá le teangacha baile le gaol a choinneáil leis an teaghlach sínte. Thuairiscigh na páistí go raibh sé an-tábhachtach an teanga oidhreachta a labhairt lena gclann, lena gcairde agus lena ngaolta agus iad ar cuairt chuig na tíortha thar lear.

I think it's important to use Lithuanian and Russian, like if I go to Lithuania and I don't know Lithuanian and Russian, then people won't know what I'm saying or feeling. I would be left out. If I didn't know Lithuanian or Russian, then what's the use in going there? People wouldn't understand you if there was something very important. (FGB)

Cheangail na páistí úsáid gach teanga le cumas cumarsáide sa teanga sin d'fhonn réimse cuspoirí a chomhlíonadh (García, 2009). Is ábhar suime é chomh maith gur thuairiscigh beirt de na páistí gur mhaith leo dá mbeadh níos mó páistí a labhairt Polainnis sa scoil lán-Ghaeilge mar go bhféadfaidís Polainnis a labhairt lena chéile, tuairim a léiríonn bród as a dteanga oidhreachta. Tháinig buntáistí cognaíocha na foghlama teanga (Baker & Wright, 2017) chun cinn mar bhua a bhain leis an ilteangachas agus leis an oideachas lán-Ghaeilge.

I think it would be good for kids to get into the habit, more knowledge, more education. I think it's good for your words. I think it's good for everything. (GFB).

Is díol spéise é gur léirigh páistí an tuairim go gcabhraíonn foghlaim teanga amháin le foghlaim teangacha eile mar go dtéann foghlaimeoirí i dtaithí ar phróiseas na foghlama teanga. D'fhéadfaí a léamh ar an méid a bhí le rá ag na páistí go raibh straitéisí foghlama teanga (Cenoz, 2003) á bhforbairt ag na páistí a d'éascódh foghlaim teangacha breise dóibh.

Like the way that I speak two different languages, it might make me do Irish better. (GFB)

Ceapaim go bhfuil sé níos éasca teangacha a fhoghlaim nuair atá ceann agat...tá a fhios agat gur thógann sé a lán ama (GFD)

Tá sé go maith.... tá sé níos éasca foghlaim different languages. Faigheann tú used go dtí é. (GFD)

Bua eile a bhaineann leis an ilteangachas ná forbairt na feasachta teanga thar theangacha. Mar a léiríodh i staidéar Dagenais (2013), léirigh na páistí ilteangacha sa staidéar seo go raibh feasacht mheititheangeolaíoch á forbairt acu.

Tá cúpla focal tá siad ana-chosúil le Polish. Píolóta so like pilot, tá sé like i Polish pilot. (GFD)

Tá Rúis agus Polish an-chosúil lena chéile. (GFD)

D'fhéadfaí an tátal a bhaint as an anailís go raibh dearcadh an-dearfach ag na páistí i leith an ilteangachais agus i leith na foghlama teanga - Gaeilge, Béarla agus teangacha baile. D'aithin na páistí na leibhéil éagsúla eolais a bhí acu i réimse teangacha mar acmhainní cumarsáide agus foghlama (Cummins, 2015; Little & Kirwan, 2019).

### **Luach Cultúrtha, Luach Oideachasúil agus Luach Sóisialta na Gaeilge**

Mar atá léirithe i dtaighde eile ar pháistí lán-Ghaeilge, léirigh na páistí dearcadh dearfach i leith na Gaeilge (Ó Duibhir et al., 2017; Devitt et al. 2016) agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Aithníonn na taighdeoirí nach sampla ionadaíoch de pháistí a ghlac páirt sna grúpaí fócais agus go bhféadfadh sé a bheith níos deacra ar pháistí dearchtaí diúltacha a chur in iúl i suíomh an ghrúpa fócais. Dúirt siad gur thaitin an Ghaeilge leo agus go raibh siad sásta leis an scoil lán-Ghaeilge. Bhí na páistí den tuairim go molfaidís an scolaíocht lán-Ghaeilge do pháistí eile.

Dúirt mé 'Tar go dtí an Gaelscoil. Tá sé níos fearr'. Tá sí mo chara. (GFD).

Nocht cuid de na páistí a d'fhreastail ar an naíonra go raibh sé níos éasca dóibh tosú sa scoil lán-Ghaeilge mar gheall ar a réamhthaithe sa naíonra. Mar atá léirithe i dtaighde eile, (Ó Duibhir et al., 2017) bhain fiúntas le sealbhú na Gaeilge dar leis na páistí toisc gurb í teanga dhúchais na hÉireann í.

Tá sé teanga ón Éireann (GFB).

Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach mar bhí sé our original language (GFD).

Thuairiscigh duine de na páistí gur bhain dúshlán le smaoinemh ar na focail ar fad i

nGaeilge agus tú ag labhairt. Léiríodh an tuairim go raibh buntáiste sa bhreis ag dul don oideachas lán-Ghaeilge i gcomparáid le scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla de ó fhoghlaim teanga breise agus foghlaim na Gaeilge de.

I think it's better to come here because this school is something different than the other schools. The school helps you with English and Irish and it's better for you to know and in some schools they don't have Irish like here. (GFE).

Ceapaim go bhfuil sé go maith dul chuig Gaelscoil mar tá sé níos éasca foghlaim teangacha eile mar sin. (GFD)

Is díol spéise é chomh maith gur cheangail cuid de na páistí foghlaim na Gaeilge le buntáistí oideachasúla sa bhreis, tuairim a thagann le teoiric Bourdieu (Bourdieu, 1991; Bourdieu & Passeron, 1977) faoi eolas ar theangacha mar chaipiteal oideachasúil. Thuairiscigh páiste i GFD, mar shampla gur mhaith leis leanúint chuig iar-bhunscoil lán-Ghaeilge tar éis an obair ar fad a bhí curtha isteach aige ar fhoghlaim na Gaeilge ag an mbunleibhéal. Thuairiscigh páiste eile go gcabhródh eolas ar an nGaeilge leis na scrúduithe san iar-bhunscoil. Ba dhíol spéise é cé go raibh na páistí an-óg gur nasc beirt de na páistí foghlaim na Gaeilge le breis deiseanna chun post maith a fháil; tá an dearcadh seo ag cloí le teoiricí Bourdieu (Bourdieu, 1991; Bourdieu & Passeron, 1977) faoi eolas ar theangacha ar leith mar bhealach le caipiteal eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach

Tá Gaeilge níos fearr ná other languages. If tusa ábalta speak Gaeilge then beidh tú ábalta get a job. Tá mé ag iarraidh bheith i mo mhúinteoir. (GFD)

Is ríshuimiúil é gur thagair na páistí don Ghaeilge mar theanga chumarsáide le labhairt le cairde, toradh a léiríonn gurb í an Ghaeilge teanga an tsóisialaithe sna scoileanna lán-Ghaeilge.

Is maith liom teangacha. Is maith liom bheith ag caint as Gaeilge a lán... agus is féidir liom caint leis mo chairde as Gaeilge. (GFC)

## **Achoimre**

Cuireadh síos sa mhír seo ar dhearccháin na bpáistí i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Sna grúpaí fócais leis na páistí, is iad buntáistí an ilteangachais, chomh maith le luach chultúrtha, oideachasúil agus shóisialta na Gaeilge, a tháinig chun cinn mar mhórtéamaí. Tháinig dearccháin na bpáistí go beacht le dearccháin na dtuismitheoirí maidir le buntáistí an ilteangachais a chuireann san áireamh gnéithe cognaíocha, meiteachognaíocha, cumarsáide agus sóisialta.



## Mír a Trí: Príomhoidí

Is í an mhórchéist atá á fiosrú sa tríú mír den chaibidil ná: Cad iad na dearcthaí atá ag príomhoidí i leith foghlaimeoirí ilteangacha san oideachas lán-Ghaeilge? Tríd an gceist seo a chíoradh faightear léargas ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha i sampla beag de scoileanna lán-Ghaeilge (n=5). Tá na moltaí - a d'eascair ón anailís ar na hagallaimh le príomhoidí faoi sholáthar an oideachais-lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha - curtha san áireamh sa chúigiú caibidil. Déantar plé ar an gceist faoi na mórthéamaí seo: dearcadh dearfach na bpríomhoidí, roghnú na scoile agus soláthar an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha. Cuirtear ráitis na bpríomhoidí i láthair le cód anaithnid agus déantar nasc leis an litríocht mar is cuí.

### Dearcadh Dearfach na bPríomhoidí

Cé nach raibh ach grúpa beag príomhoidí páirteach sa taighde seo (n=5) bhí gach príomhoide ar aon tuairim go raibh an scolaíocht lán-Ghaeilge lán-oiriúnach do pháistí ilteangacha agus go gcuirfidís fáilte mhór roimh bhreis páistí ilteangacha sa scoil. Dhírigh Mady & Mason (2018) aird ar an ról tábhachtach a imríonn geatóirí scoile maidir le rochtain foghlaimeoirí ilteangacha ar scoileanna tumoideachais. Chuir gach príomhoide fáilte roimh thuismitheoirí agallamh a bheith acu leo má bhí spéis acu a bpáiste a chlárú sa scoil. Léirigh na príomhoidí an tuairim go mbíonn na páistí ilteangacha ar comhchéim leis na foghlaimeoirí Gaeilge sna ranganna naíonáin maidir le sealbhú na Gaeilge nó go mbíonn buntáiste sa bhreis acu thar fhoghlaimeoirí aonteangacha sna naíonáin mar go mbíonn straitéisí breise foghlama teanga sealbhaithe acu mar atá léirithe ag Somers (2017). Dhírigh cuid de na príomhoidí aird ar an dúshlán teangeolaíoch sa bhreis atá ann má thosaíonn páistí - atá díreach i ndiaidh teacht go dtí an tír - i meánrang nó in ardrang na scoile nó má aistríonn páistí ó scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Sa chás áirithe sin, mhol na príomhoidí gur gá tacaíocht sa bhreis a thabhairt do na páistí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla mar is cuí. Bhí taithí ag na príomhoidí ar pháistí ilteangacha a thosaigh sa scoil in ardrang nó i meánrang agus d'éirigh go geal leo leis an nGaeilge agus an tacaíocht chúí curtha ar fáil dóibh. Níor léirigh aon duine de na príomhoidí an tuairim gur theastaigh leibhéal tairsí sa Bhéarla ó fhoghlaimeoirí lán-Ghaeilge (Davis et al., 2019).

Bhí na príomhoidí láidir den tuairim nár ghá go mbeadh Gaeilge ag tuismitheoirí go mbainfeadh a bpáistí leas as an tumoideachas lán-Ghaeilge ach go raibh sé tábhachtach go mbeadh tuiscint ag tuismitheoirí ar an gcóras tumoideachais agus go mbeidís sásta dea-dhearcadh a léiriú i leith an tumoideachais lán-Ghaeilge. Léirigh na príomhoidí mar sin tuiscint ar an tionchar a imríonn dea-dhearcadh tuismitheoirí ar oideachas a gcuid páistí agus nach gá go mbeadh inniúlacht sa Ghaeilge ag na tuismitheoirí le bheith rannpháirteach i scolaíocht an pháiste (Kavanagh & Hickey, 2013; Nig Uidhir et al., 2016; Ó Duibhir et al., 2017).

Ní gá go mbeadh tú líofa ach caithfidh suim a bheith agat ins an gcóras tumoideachas atá ar siúl anseo. Caithfidh tú ceangailte leis an bpróiseas agus caithfidh tú a bheith ceannaithe leis. (PO4)

Bí dearfach faoin Gaeilge, fiú muna bhfuil Gaeilge acu iad féin. Ceapaim go bhfuil sé sin an rud is tábhachtaí. Tá go leor tuismitheoirí againn nach bhfuil aon Ghaeilge acu. Ceapaim just má bhíonn siad dearfach faoin Gaeilge agus ag tabhairt spreagadh agus moladh do na páistí, agus is cuma, má tá nó muna bhfuil Gaeilge acu. Sin an moladh a bheadh agam ansin (PO2).

Nocht cuid de na príomhoidí an tuairim go bhféadfadh tuismitheoirí ilteangacha a bheith níos báúla don Ghaeilge ná tuismitheoirí Éireannacha mar nach mbíonn aon droch-chuimhní acu ar fhoghlaim na Gaeilge ar scoil mar a d'fhéadfaí tarlú i gcás cuid de na tuismitheoirí Éireannacha. Thuairiscigh na príomhoidí go mbíonn suim ag tuismitheoirí ilteangacha san ilteangachas agus tuiscint acu ar an iliomad buanna a bhaineann leis. Tháinig bua an ilteangachais chun cinn sna hagallaimh le tuismitheoirí sa taighde seo agus i dtaighde ar dhearcthaí tuismitheoirí ilteangacha ar an gcóras tumoideachais (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019; Davis et al., 2021).

Níl aon bagáiste acu. Tá siad ag teacht ó chúlraí atá ilteangach, mar shampla san Úcráin, deirtear go bhfuil an Rúisis agus Úcráinis fite fuaite. Cosúil leis an nGaeilge, le deich nó fiche bliain anuas, tá athbheochan déanta acu. Tá siad ag teacht anseo le meon dearfach i leith mionteangacha mar tá tuiscint acu. Ní raibh aon chaint mar 'Níor thaitin Gaeilge liom a scoil mar bhí an múinteoir go dona' nó 'is fuath liom graiméar na Gaeilge'. Tá fáilte roimh teanga nua acu. (PO4)

Mhínigh príomhoidí in dhá cheann de na scoileanna go raibh taithí acu ar pháistí ag teacht go dtí an scoil ar feadh tréimhse an-ghairid nuair nach raibh spás ar fáil dóibh i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus ar na páistí ag fágáil na scoile láithreach bonn nuair a soláthraíodh áit dóibh sa scoil T2. Is é an tOifigeach Leasa Oideachais a lorgaíonn agus a shocraíonn áit scoile do pháistí atá díreach i ndiaidh teacht go dtí an ceantar. Ba chúis díomá é don phríomhoide nuair a bhaineadh leas as an scoil mar 'áit thuirlingthe' amháin. Mhínigh príomhoide eile cé gur thosaigh roinnt páistí ilteangachais ag teacht chuig an scoil i dtosach báire de dheasca ganntanas spáis sa scoil T2, scaip na dea-thuairiscí chuig daoine a bhí muinteartha leo nuair a d'éirigh go geal leo ar scoil agus chláraigh siadsan a bpáistí sa scoil. Tá an tábhacht a bhaineann le moltaí ó theagmhálaithe léirithe i dtaighde eile ar na cúiseanna a roghnaíonn tuismitheoirí an tumoideachas lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoidh, 2020; Ó Duibhir et al., 2017).

Ach bhí teaghlach againn a tháinig ó na Philippines. Ansin, tháinig an deirfiúr... agus a bpáistí. Agus ansin tháinig deartháir. Ansin bhí an chéad rud eile. Bhí suas le deichniúr sa scoil. Bhí an deirfiúr ag rá 'Tá an scoil chomh maith' so tá sé sin feicthe agam, cinnte le pobail na hAfraice freisin. Tá siad ar fad san eaglais céanna agus anois feiceann siad ar an Gaelscoil mar rogha maith dá bpáistí (PO 3)

Ó thaithí an tsampla seo de phríomhoidí, éiríonn go han-mhaith le páistí a bhfuil cúlraí éagsúla teanga agus cultúir acu sna scoileanna lán-Ghaeilge maidir le sealbhú na Gaeilge, agus foghlaim an churaclaim trí mheán na Gaeilge. Mhínigh PO 4 mar shampla, nach bhfuil sa teanga ach gné amháin den scolaíocht agus nach bac í an Ghaeilge d'aon pháiste. Bhí na príomhoidí d'aon ghuth gur bhain buntáiste le dul chuig scoil lán-Ghaeilge

do gach páiste maidir le deiseanna breise foghlama teanga chomh maith le deiseanna breise oideachasúla agus fostaíochta.

Creidim go bhfuil an áit seo ag freastal ar gach saghas páiste. Tá i bhfad níos mó ag baint le hoideachas ná teanga an scolaíocht. Tá an curaclaim an-forleathan agus an príomhrud ná go bhfuil na leanaí sona sásta agus go bhfuil siad spreagtha agus go bhfuil na ranganna taitneamhacha agus leis na bunrudaí sin, tiocfaidh rudaí eile le chéile (PO4)

Tá mise an claonta ag an nGaelscoil. Ní dóigh liom gur mhol mé riamh d'aon duine gan a pháiste a chur chuig Gaelscoil, agus go sonrath sa ghrúpa ilteangach. Is dócha a mhalairt ar fad (PO3)

## **Roghnú na Scoile**

Maidir le roghnú na scoile, b'ionann na téamaí a d'eascair ón anailís ar na hagallaimh leis na príomhoidí agus na téamaí a tháinig chun cinn sna hagallaimh le tuismitheoirí. De réir na bpríomhoidí, roghnaigh tuismitheoirí ilteangacha an scoil lán-Ghaeilge mar go raibh suim acu san ilteangachas agus gur bealach atá sa scolaíocht lán-Ghaeilge le caipiteal teangeolaíoch, eacnamaíoch agus cultúrtha a bhaint amach dá gcuid páistí.

Tá suim acu san oideachas agus sna teangacha. Cheap siad gur maith an rud é go mbeadh teanga eile acu (PO 3).

Bhí a fhios acu nuair atá teanga nó dhó ar eolas acu cheanna, bíonn teangacha eile níos éasca. So cheap siad go raibh meascán den Gaeilge/Béarla agus an teanga eile a bhí acu go maith do na páistí (PO 4).

Thuairiscigh na príomhoidí gur thuig tuismitheoirí go mbronnfadh an t-oideachas lán-Ghaeilge breis deiseanna fostaíochta ar na páistí agus gur bealach é an t-oideachas lán-Ghaeilge le comhtháthú le cultúr na hÉireann. Tháinig athróg breise maidir le háisiúlacht áit lonnaithe na scoile, dea-cháil an oideachais, éiteas ilchreidmheach agus dea-thuairiscí ó theaghlach agus cairde chun cinn freisin. Tháinig na cúiseanna maidir le roghnú na scoile lán-Ghaeilge leis an taighde atá déanta in Éirinn ar roghnú an oideachais lán-Ghaeilge (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al., 2017), ach tá difríocht le sonrú sa bhéim ar leith a leagtar ar an ilteangachas i gcás tuismitheoirí ilteangacha (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019, 2021). Maíonn Davis et al. (2021) go mbainfeadh buntáistí féideartha an ilteangachais le gach cineál clár tumoideachais.

Nuair a cuireadh ceist ar na príomhoidí cad iad na cúiseanna a mbeadh drogall ar tuismitheoirí ilteangacha páiste a chlárú sa scoil, mhaígh siad go bhféadfadh tuismitheoirí a bheith buartha faoi cabhrú le hobair bhaile (Kavanagh & Hickey, 2013) nó go sílfidís go mbeadh dúshlán teangeolaíoch sa bhreis ag baint leis an scolaíocht lán-Ghaeilge (Darmody, et al., 2012) nó go bhféadfadh inní a bheith orthu faoi bhéim níos mó á leagan ar Ghaeilge ar mionteanga í seachas Béarla atá mar theanga an mhóraithe (Davis et al., 2019). Tháinig sé chun solais chomh maith go bhféadfadh tuismitheoirí ilteangacha a bheith éiginnte faoi oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha.

An príomhrud a bhíonn siad buartha faoi ná obair bhaile agus tacú lena bpáiste. Tá alt againn faoi sin sa lámhleabhar scoile agus an cabhair atá ar fáil. Sin an phríomhbhuairt a mbíonn orthu (PO 3)

Faitíos agus an saghas bac teanga i dtír nua. Is dóigh go bhfuil rudaí deacair go leor nuair atá tú in áit nua, gan tuilleadh dúshlán a thabhairt do na páistí, i dtaobh teanga agus cumarsáid (PO4)

Go ginearálta, ceapaim go mbíonn an meon sin ann, ní oireann an Gaelscoil do pháistí ó thíortha eile mar tá an Ghaeilge mar theanga cumarsáide sa scoil (PO5)

Breathnófar ar sholáthar an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha sa chéad chuid eile.

### **Soláthar an Oideachais lán-Ghaeilge do Pháistí Ilteangacha**

Breathnófar ar sholáthar an oideachais do pháistí ilteangacha faoi thrí mhórthéama: cur chuige ilteangach, tacaíocht d'fhoghlaimoirí agus tacaíocht do thuismitheoirí.

#### ***Cur chuige ilteangach***

Bhí na príomhoidí araon go mór i bhfabhar cur leis an éagsúlacht teanga agus chultúrtha i bpobal na scoile. Léirigh na príomhoidí samplaí de dhea-chleachtas a rachadh i dtreo chur chuige scoile ilteangaigh (Little & Kirwan, 2019), mar shampla, bhí leabhair i dteangacha éagsúla curtha ar fáil sa leabharlann scoile/ranga, bhí samplaí de theangacha eile á dtaispeáint sa scoil ar scála beag agus bhí lá idirchultúrtha á cheiliúradh. Bhí na príomhoidí den tuairim gur chóir do thuismitheoirí leanúint orthu ag úsáid a dteangacha baile agus go molfaidís dóibh sin a dhéanamh.

Deir mé leo lean ar aghaidh labhairt do theanga dhúchais féin sa bhaile. Uaireanta, mothaíonn na thuismitheoirí ba chóir daoibh é a laghdú chun an pháiste a chur i nGaelscoil ach i gcónaí bíonn mé ag rá lean ar aghaidh labhairt do theanga mar tá sé fíor thábhachtach go leanann tú leis an méid sin sa bhaile (PO 3).

D'fhéadfadh na scoileanna tógáil ar an dea-obair a bhí ar siúl acu agus cur chuige uile scoile ilteangach (Little & Kirwan, 2019, 2021) a fhorbairt. Chruthódh cur chuige scoil ilteangach sna scoileanna lán-Ghaeilge níos mó deiseanna do pháistí ilteangacha eolas a roinnt óna gcultúr agus leas a bhaint as a dteanga bhaile mar acmhainn foghlama. Sa chaoi seo spreagfar suim san fhoghlaim teanga agus meas ar éagsúlacht teanga agus chultúrtha (CNCM, 2005; Cummins, 2015; Ní Dhiorbháin, 2021; Rialtas na hÉireann, 2019).

#### **Tacaíocht d'fhoghlaimoirí**

Mhínigh na príomhoidí gur cuireadh tacaíocht foghlama ar fáil do pháistí nuair a bhí gá agus mar a d'oir do riachtanais na bpáistí. Bhí tacaíocht foghlama ar fáil sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sna scoileanna ar fad. Nuair a thosaíonn páistí ar scoil tar éis ranganna na Naíonán mhínigh na príomhoidí go dteastaíonn tacaíocht bhreise sa Ghaeilge ar feadh méid áirithe

ama ar a laghad. Mhol duine de na príomhoidí gur chóir breis uaireanta tacaíochta foghlama teanga a chur ar fáil don scoil nuair a bhí páistí díreach tar éis teacht go hÉirinn.

**Tacaíocht do thuismitheoirí.** Bhí cur chuige ionchuimsitheach i bhfeidhm sna scoileanna agus rinneadh gach scoil teagmháil dhátheangach le thuismitheoirí nó i dteangacha baile de réir mar ba ghá. Bhí réimse uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe ar an bhfón nó ar an ríomhaire in úsáid ag scoileanna. Mhínigh duine de na príomhoidí gur chuir siad béim ar shocrú na hoibre baile sa chaoi is go bhfeadfadh páistí tabhairt fúithi go neamhspleách. Ní raibh cleachtas aonteangach Gaeilge i bhfeidhm in aon cheann de na scoileanna. Ní féidir torthaí na míre seo a ghinearálú chuig scoileanna lán-Ghaeilge eile mar go mbíonn cleachtais éagsúla i bhfeidhm maidir le húsáid na Gaeilge i measc thuismitheoirí mar atá léirithe i dtaighde Kavanagh & Hickey, (2013).

Mhínigh duine de na príomhoidí go raibh sé deacair ar thuismitheoirí nach raibh Béarla ar a dtoil acu socrúithe a dhéanamh maidir leis an mbus scoile agus mhol sí gur cheart tacaíocht theangeolaíoch ar leith a chur ar fáil a d'éascódh rochtain ar an scoil lán-Ghaeilge do thuismitheoirí. Míníodh freisin go bhféadfadh sé a bheith níos deacra teacht ar na leabhair scoile i nGaeilge do thuismitheoirí nua agus gur cheart réimse tacaíochtaí a chur ar fáil leis an bpróiseas scolaíochta a éascú do thuismitheoirí.

## **Achoimre**

Cuireadh síos sa mhír seo ar dhearthaí príomhoidí i leith foghlaimeoirí ilteangacha san oideachas lán-Ghaeilge faoi na téamaí a d'eascair ón anailís, ba iad sin, dearthaí dearfacha na bpríomhoidí, roghnú na scoile agus soláthar an oideachais do pháistí ilteangacha agus bhí cur chuige ilteangach, tacaíocht do pháistí agus tacaíocht do thuismitheoirí san áireamh anseo. Breathnófar ar na torthaí a d'eascair ó na hagallaimh le múinteoirí sa chéad chuid eile.

## **Mír a Ceathair: Múinteoirí**

Is í an mhórchéist atá á fiosrú sa cheathrú mír den chaibidil ná: Cad iad na dearthaí atá ag múinteoirí lán-Ghaeilge i leith foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge? Tá moltaí a d'eascair ó na hagallaimh le múinteoirí curtha san áireamh sa chúigiú caibidil. Déantar iniúchadh ar na ceisteanna faoi na mórhéamaí seo: dearthaí dearfacha na múinteoirí, dúshláin, soláthar an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí ilteangacha & oideachas múinteoirí.

## **Dearthaí dearfacha na múinteoirí**

Léirigh na múinteoirí dearthaí dearfacha i leith páistí ilteangacha ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge de réir a dtaithe féin. Léiríodh sna hagallaimh gur thuig na múinteoirí go bhféadfadh acmhainn bhreise teanga a bheith ag páistí ilteangacha (Cummins, 2015) a chabhródh leo agus iad ag foghlaim na Gaeilge agus teangacha eile. Bhí na múinteoirí den tuairim gur bhain buntáistí le luathfhoghlaim teangacha agus leis an ilteangachas chomh maith agus gur chabhraigh an cur chuige spráúil sna naíonáin le sealbhú na teanga.

And it is encouraging, because any of the children I've seen, like, they do manage, well, you know, with the Gaeilge as well, like they, and they enjoy it, because it's quite informal at the start in the junior infant room. And then I have, you know, obviously, that's why we encourage even English speaking children to come to the Gaelscoil as well as it will help them when they go to secondary school, and with their learning of whatever, French or German. So equally, I suppose a child who is fluent in something else at home, and English, well, learning English and Irish, then all of those languages are going to kind of complement each other, then, in that sense (M3).

Thuairiscigh múinteoirí gur bhronn an tumoideachas eolas cultúrtha agus teangeolaíoch ar pháistí, tuairim a thagann le Bourdieu (Bourdieu, 1977, Bourdieu & Passeron, 1977) maidir leis an nasc idir eolas ar theangacha ar leith agus caipiteal cultúrtha agus teangeolaíoch. Mar atá ráite sna hagallaimh le tuismitheoirí shamhlaigh na múinteoirí go raibh luach chultúrtha ag baint leis an oideachas lán-Gaeilge. Mhínigh roinnt múinteoirí, mar atá léirithe ag Somers (2017), go bhfeileann an tumoideachas go mór d'fhoghlaimoirí ilteangacha mar gheall ar na straitéisí teagaisc agus foghlama a chuireann múinteoirí i bhfeidhm gach lá agus iad ag múineadh geáitsí, tuin chainte agus a leithéid d'fhoghlaimoirí Gaeilge. Bhí na múinteoirí ar aon ghuth leis na príomhoidí, is é sin le rá go bhfuil buntáistí ag dul don tumoideachas do gach foghlaimoir.

Creidim go láidir go bhfuil buntáiste ann. Creidim go láidir sna teangacha agus na buntáistí a bhaineann le teangeolaíocht (M7)

Sin go maith do gach duine oideachas a dhéanamh trí Gaeilge. (M5)

Tháinig sé chun cinn sna hagallaimh le tuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí go bhféadfadh inní a bheith ar roinnt tuismitheoirí an scolaíocht lán-Ghaeilge a roghnú dá bpáistí mura mbeadh eolas ag tuismitheoirí ar an nGaeilge. Léiríonn an méid a bhí le rá ag M1 Scoil 4 an tábhacht a bhaineann le ról an gheatóra ar phríomhoide nó mhúinteoir é/í le tuismitheoirí a chur ar a suaimhneas agus breis eolais faoi na scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil do dóibh.

Seans go bhfuil siad (na tuismitheoirí) buartha nach bhfuil Gaeilge acu agus go bhfuil Gaeilge ag gach tuismitheoir eile. Bhí mé ag caint le tuismitheoir le déanaí agus tá sí taréis teacht ón Úcráin. Tá sí ag smaoineamh faoin a mac a sheoladh chuig an nGaelscoil i naíonáin bheaga i mí MF. bhí meon aici go bhfuil Gaeilge ag gach tuismitheoir eile. Dúirt mé ní hé sin an cás. Níl Gaeilge ag go leor de na tuismitheoirí so bhí mé ag rá 'Bíonn muid ag déanamh teagmháil i nGaeilge agus i mBéarla. Bíonn an obair bhaile oiriúnach do na páistí so gur féidir leo é a dhéanamh go neamhspleách sa bhaile' (M8)

## Dúshlán

Cé go raibh na múinteoirí ar an iomlán den tuairim go raibh an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do gach foghlaim. Léirigh líon beag de na múinteoirí éiginnteacht faoi oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí nach raibh Béarla acu mar theanga labhartha ag teacht ar scoil de bharr an easpa taithí a bhí acu féin. Tagann an t-ábhar amhrais seo le tuairimí cuid de na tuismitheoirí a cuireadh faoi agallamh agus a bhí den tuairim go mbeadh an scolaíocht lán-Ghaeilge ródhúshlánach mura mbeadh Bhéarla/Gaeilge ag tuismitheoirí sa bhaile acu. Dúirt beirt de na múinteoirí go bhfuil gá le tacaíochtaí a chur ar fáil do na páistí ar fad san oideachas lán-Ghaeilge leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt teanga a chur chun cinn. Mar atá léirithe sna hagallaimh le príomhoidí bhí múinteoirí den tuairim gur bhain dúshlán sa bhreis leis an oideachas lán-Ghaeilge nuair a thosaíonn páistí i meánrang nó in ardrang na scoile agus gur gá tacaíochtaí breise a chur ar fáil sa chás sin.

## Soláthar an Oideachais Lán-Ghaeilge do Pháistí Ilteangacha

Tháinig tuairiscí na múinteoirí le tuairiscí na bpríomhoidí is é sin le léiriú go raibh meas á léiriú ar theangacha éagsúla sna scoileanna ar bhonn neamhfhoirmiúil. Tugadh samplaí de mhodhanna a bhí ag na scoileanna le fáilte a chur roimh theaghlaigh ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir.

We got flyers done in a selection of mainly Eastern European languages, just so that the parents would have a little bit more understanding and when there was a welcome sign, we put it up in several languages. I think it's just nice to see a couple of phrases or even just to greet people (M4)

Rinneamar leabhrán fáilte lán le híomhánna agus Eircodes agus seachas lán le téacs (M8)

Tá sé léirithe sa litríocht go spreagann gníomhaíochtaí feasachta teanga meas ar éagsúlacht teangacha agus cultúrtha (Cummins, 2015; Little & Kirwan, 2019; Ní Dhiorbháin, 2021). Thug M2 Scoil B sampla de ghníomhaíocht feasachta teanga.

Maybe a couple of numbers, just the general phrases and I often do it with the class. Yeah, that we would learn, we would learn maybe just to count to one to five in different languages. And it's just, it's about creating awareness. Another language. Yeah. And the children pick it up really quickly. And they're open to it and then it's often a trigger for another child to say 'Oh, I know how to count to three in..'. People usually end up with about 15 different languages which is brilliant. (M4)

Bhí an Fhraincis á teagasc i gceann amháin de na scoileanna agus léirigh cuid de na múinteoirí an tuairim go mbeidís i bhfabhar breis teangacha á dteagasc sa bhunscoil. Léirigh siad tuiscint ar na naisc idir teangacha teangacha agus an nasc idir teangacha agus cultúir.

Má tosóidh muid le Fraincis, Spáinnis, Gearmáinis sa bhunscoil, is buntáiste ollmhór é sin. Leis an teanga, tagann an cultúr agus an meon oscailt. Tá sé tábhachtach do na páistí. Tá suim acu (M7)

Ba léir go raibh an-dea-chleachtas i bhfeidhm sna scoileanna a d'fhéadfaí tógáil air le breis oideolaíochtaí ilteangacha a chur i bhfeidhm.

### **Oideachas Múinteoirí**

Cé go raibh roinnt taithí ag na múinteoirí ag teagasc foghlaimeoirí ilteangacha bhí srian leis an méid taithí a bhí acu toisc an líon beag foghlaimeoirí ilteangacha a bhí ag freastal ar na scoileanna. Tháinig oideachas múinteoirí chun cinn go láidir mar théama mar go raibh múinteoirí ag iarraidh feabhas a chur ar a gcuid scileanna teagaisc le teagasc difreáilte a chur ar fail agus le breis straitéisí a fháil le héagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur chun cinn (Little & Kirwan, 2019, 2021). Mhínigh duine de na múinteoirí nach raibh mórán béime ar an oideachas idirchultúrtha nó ar an ilteangachas le linn a cuid ama san ollscoil. Toisc go bhfuil an éagsúlacht teanga agus chultúrtha méadaithe go mór le blianta anois (CSO, 2017, 2022), ní mór breis tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí le teagasc i seomraí ranga ilghnéitheacha (OECD, 2015, 2019). Bhí cúrsa forbartha gairmiúil a bhain leis an oideachas idirchultúrtha ar bun ag duine de na múinteoirí agus bhí tobar smaointe faighte aici le roinnt ar an bhfoireann.

### **Achoimre**

Cuireadh na torthaí a d'eascair ó na hagallaimh le múinteoirí i láthair sa mhír seo faoi na mórthéamaí: dearthaí dearfacha na múinteoirí, dúshláin, soláthar an oideachais lán-Ghaeilge agus oideachas múinteoirí.

### **Conclúid**

Rinneadh cur síos sa chaibidil seo ar na príomhthorthaí a d'eascair as Cuid A den taighde. Breathnófar ar chonclúidí Chuid A den taighde sa chéad chaibidil eile agus dearfar moltaí a eascraíonn ón taighde.



## Conclúid agus Moltaí: Cuid A

Déantar achoimre ar na torthaí taighde a bhaineann le Cuid A den taighde sa chaibidil seo. Déantar suimiú ar na príomhthorthaí de réir na gceisteanna taighde a cuireadh i láthair sa chéad chaibidil agus sna ceithre phríomh-mhír a bhain le dearcthaí na dtuismitheoirí ilteangacha, dearcthaí na bpáistí ilteangacha, dearcthaí na bpríomhoidí lán-Ghaeilge agus dearcthaí na múinteoirí lán-Ghaeilge. Cuirtear moltaí i láthair a eascraíonn ón taighde agus tugtar aird ar shrianta an taighde.

### Príomhthorthaí an Taighde

Ba iad an dá phríomhcheist a bhain le hiniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí na dtuismitheoirí ná: (i) Cad iad na cúiseanna a roghnaíonn tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge dá gcuid páistí? agus, (ii) Cad iad na dearcthaí atá ag tuismitheoirí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge?

Is iad na príomhchúiseanna ar roghnaigh tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge ná mar gheall ar an tsuim a bhí acu san ilteangachas agus i luathfhoghlaim teangacha chomh maith leis an nasc idir an scolaíocht lán-Ghaeilge agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann. Labhair tuismitheoirí faoi bhuanna an ilteangachais ach go háirithe maidir le forbairt inniúlachtaí teanga a thrasnaíonn thar theangacha agus mar bhealach le buntáistí teanga agus foghlama a bhaint amach a bhronnfadh breis deiseanna oideachasúla agus fostaíochta ar a gcuid páistí. Tháinig tosca eile - suim sa Ghaeilge, dea-thuiriscí ó theaghlach agus cairde, dea-cháil na scoile, éiteas agus áiseanna na scoile, mar shampla - chun cinn mar thosca inspreatha do thuismitheoirí a bpáistí a chlárú i scoil lán-Ghaeilge chomh maith.

I líon beag cásanna cuireadh páistí chuig scoil lán-Ghaeilge mar nach raibh spás ar fáil dóibh i scoil T2. Tháinig ról an phríomhoide nó múinteoirí mar gheatóirí chun solais mar athróg thábhachtach ag cur tuismitheoirí ar a suaimhneas faoin gcinneadh an t-oideachas lán-Ghaeilge a roghnú dá gcuid páistí ach go háirithe do theaghlaigh nach raibh Béarla nó Gaeilge mar theanga labhartha acu sa bhaile. Tháinig buanna an ilteangachais, luach chultúrtha na Gaeilge agus deiseanna caipiteal teangeolaíoch a thuilleamh chun cinn sna hagallaimh le tuismitheoirí mar bhuanna a bhain le foghlaim na Gaeilge agus leis an oideachais lán-Ghaeilge.

Sna hagallaimh le tuismitheoirí níor tháinig constaicí láidre d'fhoghlaimoirí ilteangacha chun solais agus bheadh an cleachtas ionchuimsitheach scoile sna scoileanna a ghlac páirt sa taighde le moladh do scoileanna eile. Léirigh tuismitheoirí ardleibhéal sástachta lena n-eispéiris leis an oideachas lán-Ghaeilge agus ó thaobh forbairt teanga na bpáistí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Bheadh céatadán ard tuismitheoirí sásta go leanfadh a gcuid paistí leis an oideachas lán-Ghaeilge ag an iar-bhunleibhéal. Thuairiscigh tuismitheoirí go raibh réimse straitéisí acu le teangacha baile a chur chun cinn sa bhaile ar nós labhairt agus léamh na teanga, freastal ar ranganna, saoire sa tír oidhreachta agus teagmháil le baill eile den teaghlach trí mheán na teanga. Ní raibh comhairle faighte ag tuismitheoirí faoi thógáil páistí go hilteangach ó fhoinsí seachtracha. Léirigh roinnt tuismitheoirí go mbeadh drogall orthu an t-oideachas lán-Ghaeilge a mholadh do theaghlaigh nach bhfuil Béarla/Gaeilge mar theanga

bhaile ag tuismitheoir amháin agus go mbeadh cinneadh éagsúil déanta acu mura raibh Béarla agus roinnt Gaeilge sa bhaile ag tuismitheoir amháin. Is díol suntais é gur léirigh na teaghlaigh (n=5) nár labhair Béarla nó Gaeilge mar theanga bhaile go raibh ardleibhéal sástachta acu leis an oideachas lán-Ghaeilge cé nach raibh scoil lán-Ghaeilge mar chéad rogha ag cuid de na teaghlaigh (n=3).

Fiosraíodh an cheist Cad iad dearthaí na bpáistí ilteangacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge? Léirigh na páistí dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith foghlaim teangacha i gcoitinne. Ar aon dul leis na tuismitheoirí a cuireadh faoi agallamh léirigh na páistí tuiscint ar bhuanna an ilteangachais agus ar fhoghlaim réimse teangacha le riachtanais éagsúla chumarsáide a chomhlíonadh agus le scileanna foghlama teanga a fhorbairt. Léirigh na páistí tuiscint ar stádas na dteangacha éagsúla a bhí ina stóras teanga acu agus an tábhacht a bhaineann le Béarla a fhoghlaim mar theanga an mhóraithe. Thuairiscigh páistí gur bhain tábhacht le foghlaim agus le húsáid a dteangacha baile le cumarsáid a dhéanamh le clann agus gaolta ach go háirithe. Thuairiscigh páistí go raibh siad sásta Gaeilge a fhoghlaim mar gurb í teanga dhúchais na hÉireann í agus gurbh í teanga an tsóisialaithe í ar scoil chomh maith. Bhí forbairt feasachta teanga na bpáistí thar theangacha le sonrú i gceann de na grúpaí fócais. Cé go raibh na páistí ag leibhéal na bunscolaíochta léirigh cuid de na páistí an tuairim go mbeadh an Ghaeilge úsáideach le tacú leis an bhfoghlaim san iar-bhunscoil agus dá mbeidís ag iarraidh poist mar mhúinteoir. Léirigh na páistí mar sin go raibh luach cultúrtha, oideachasúil agus sóisialta ag baint le foghlaim na Gaeilge agus leis an oideachas lán-Ghaeilge.

Léirigh na príomhoidí a cuireadh faoi agallamh dearcadh an-dearfach i leith foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge agus bhí siad ar aon tuairim gur éirigh go han-mhaith le foghlaimeoirí ilteangacha sa chóras lán-Ghaeilge agus gur mhaith leo breis teaghlaigh ilteangacha a mhealladh chuig na scoileanna. D'aithin na príomhoidí go bhféadfadh buntáiste sa bhreis a bheith ag foghlaimeoirí ilteangacha agus iad ag foghlaim na Gaeilge nó ag foghlaim ábhar trí Ghaeilge mar gheall go bhféadfadh straitéisí breise foghlama teanga a bheith forbartha acu. Thuairiscigh na príomhoidí go raibh dúshlán ní ba mhó ann nuair a thosaigh páiste sa scoil tar éis rang na naíonán. Bhí tacaíocht foghlama ar fáil sna scoileanna ar fad i mBéarla agus i nGaeilge de réir mar a d'oir do riachtanas an pháiste. Bhí taithí ag cuid de na príomhoidí ar pháistí ilteangacha ag fanacht sa scoil ar feadh tréimhse an-ghairid agus iad ag fanacht ar áit a fháil i scoil T2. Tháinig sé chun solais gur scaip dea-thuairiscí faoi na scoileanna ó theaghlach go teaghlach. Mhol na príomhoidí breis tacaíochtaí a chur ar fáil, mar shampla, uaireanta tacaíochta foghlama sa bhreis do pháistí atá díreach tar éis teacht go dtí an tír agus seirbhísí tacaíochta le cabhrú le tuismitheoirí nach bhfuil Béarla ar a dtoil acu socruithe a dhéanamh faoin scoil. Bhí dea-chleachtas i bhfeidhm sna scoileanna maidir le cur chuige a bhí ionchuimsitheach agus ilteangach a d'fhéadfaí tógáil air. Rinneadh gach teagmháil le tuismitheoirí go dátheangach (Gaeilge agus Béarla) agus i dteangacha breise nuair ba chúil. Rinneadh roinnt iarrachtaí teangacha agus cultúir éagsúla a chur chun cinn sna scoileanna. Bhí na príomhoidí láidir den tuairim nár theastaigh inniúlacht sa Ghaeilge ó thuismitheoirí lán-Ghaeilge ach go raibh sé an-tábhachtach go léireoidís dearcadh dearfach i leith an tumoideachais lán-Ghaeilge. Ag eascairt as taithí na bpríomhoidí ba í an phríomhchúis ar roghnaigh tuismitheoirí ilteangacha an scoil mar gheall go raibh suim acu san ilteangachas,

chomh maith le tosca eile, ar nós dhea-cháil na scoile, áit lonnaithe na scoile, tuairiscí ó theagmhálaithe agus éiteas na scoile. Mhínigh príomhoidí go bhféadfadh drogall a bheith ar thuismitheoirí ilteangacha a bpáistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge mar go mbeidís buartha faoin obair bhaile agus a bheith in ann tacú lena gcuid páistí. D'fhéadfadh thuismitheoirí a bheith den tuairim go mbeadh foghlaim trí Ghaeilge mar dhúshlán sa breis, nár cheart béim níos mó a leagan ar Ghaeilge seachas Béarla nó nach bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge oiriúnach do theaghlaigh mura bhfuil Gaeilge nó Béarla mar theangacha baile acu.

Ar aon dul leis na príomhoidí léirigh na múinteoirí (n=8) dearchtaí dearfacha i leith na foghlama teanga agus i leith foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge. Bhí na múinteoirí den tuairim gur éirigh go han-mhaith le páistí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge bunaithe ar a dtaithe siúd agus go bhféadfadh buntáistí áirithe a bheith ag foghlaimeoirí ilteangacha thar fhoghlaimeoirí aonteangacha agus iad ag foghlaim na Gaeilge. Léiríodh éiginnteacht áirithe faoi oiriúnacht an tumoideachas nuair nach bhfuil an Béarla ann mar theanga labhartha sa bhaile. Tháinig samplaí de chur chuige idirchultúrtha agus cur chuige ilteangach chun solais sna hagallaimh le múinteoirí a d'fhéadfaidís tógáil air. Bhí na múinteoirí den tuairim gur mhaith leo breis oideachas múinteoirí le straitéisí oideolaíochta a fhorbairt a thacódh leo éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur chun cinn sa rang agus freastal ar phobal ilghnéitheach foghlaimeoirí.

## **Moltaí**

Is iad seo na moltaí a eascraíonn as Cuid A den taighde. Eascraíonn na moltaí ón anailís ar an taighde agus litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta a cuireadh i láthair sa dara caibidil, agus ón anailís ar na sonraí taighde a bailíodh sa tionscadal seo chomh maith. Tá moltaí ó thuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí curtha san áireamh sna moltaí. Cé go bhfuil fócas ar leith ar an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta tá cuid de na moltaí ábhartha do gach bunscoil.

## **Soláthar an Oideachais Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta do Pháistí a Bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise Acu**

### ***Ag an macraileibhéal***

- Ní mór polasaithe a fhorbairt ag leibhéal stáit do sholáthar an oideachais ábharbhunaithe a chuimsíonn foghlaimeoirí ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir agus ní mór déanamh cinnte de go bhfuil comhionannas deiseanna ag foghlaimeoirí maidir le rochtain ar chláir thumoideachais.
- Ag leibhéal polasaithe ní mór soiléiriú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus foghlaim teangacha breise do gach foghlaimeoir, ag cur foghlaimeoirí inimirceacha agus foghlaimeoirí a bhfuil teanga mhionlaigh acu san áireamh
- Is gá níos mó scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú sna ceantair ina bhfuil ró-éileamh ar áiteanna scoile go mbeidh deis gach aon teaghlach ar mhian leo a bpáiste a chlárú i scoil lán-Ghaeilge.

- Moltar eolas atá bunaithe ar thaighde i bhformáidí oiriúnacha agus éagsúla a roinnt leis an bpobal agus le tuismitheoirí ach go háirithe maidir le buntáistí an tumoideachais, buntáistí an ilteangachais agus faoi oiriúnacht an tumoideachais do gach foghlaimeoir a chuimsíonn foghlaimeoirí ó chúlraí ilghnéitheacha teanga agus cultúir. Ní mór béim a leagan ar an ilteangachas chomh maith leis an dátheangachas.
- Ní mór do na heagraíochtaí Gaeilge, eagraíochtaí oideachasúla agus eagraíochtaí sláinte obair as lámha a chéile le heolas ar an ilteangachas a roinnt agus leis an scolaíocht lán-Ghaeilge a fhógairt.
- Ní mór buneolas faoi na scoileanna lán-Ghaeilge a chur ar fáil i réimse teangacha. Ní mór a fhógairt go gcuirfí fáilte roimh pháistí ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúrtha. Bheadh sé inmholta eolas a thabhairt ar churaclam na scoile, ar gnóthachtaí foghlaimeoirí sa Bhéarla agus ar theagasc an Bhéarla. Is gá a fhógairt go sonrath nach dteastaíonn inniúlacht sa Ghaeilge ó thuismitheoirí go mbainfidh a bpáistí rath as an gclár lán-Ghaeilge.
- Is gá breis acmhainní ó thaobh foirne agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun go mbeidh siad in ann freastal go cumasach ar phobal ilghnéitheach foghlaimeoirí.
- Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar chláir oideachas múinteoirí lena chinntiú go bhfuil oideolaíochtaí ann le tacú leis an oideachas idirchultúrtha agus leis an ilteangachas mar dhlúthchuid de na cláir agus go bhfuil múinteoirí á gcumasú le freagairt do riachtanais pobal ilghnéitheach foghlaimeoirí.
- Is gá forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil do mhúinteoirí le cur lena gcumas éagsúlacht teanga agus chultúrtha a chur cinn ina seomraí ranga.
- Moltar breis áiseanna a chur ar fáil le tacú le tuismitheoirí nach bhfuil inniúlacht acu sa Ghaeilge, m.sh., leabhair dhigiteacha i nGaeilge

### **Micriléibhéal**

- Ní mór díriú ar bhuntáistí an ilteangachais chomh maith le buntáistí an dátheangachais agus go mbeadh próifíl fheiceálach ilteangach ag gach scoil.
- Moltar go mbeidh cumarsáid dhátheangach agus i dteangacha breise nuair is cuí le tuismitheoirí i ngach scoil lán-Ghaeilge. Ní mholtar polasaí aonteangach in aon scoil.
- Moltar cur chuige ilteangach uile scoile a chur chun cinn sna scoileanna lán-Ghaeilge.
- Moltar cur chuige feasachta teanga a chur i bhfeidhm sna scoileanna agus aird fhollasach a thabhairt ar na hacmhainní teanga agus foghlama atá ag gach foghlaimeoir.
- Moltar go mbeidh an t-oideachas idirchultúrtha mar dhlúthchuid de churaclam na scoile.
- Ní mór a chur ina luí ar thuismitheoirí nach dteastaíonn eolas ar an nGaeilge ó thuismitheoirí chun go mbainfidh páistí rath as an gclár tumoideachais.
- Moltar deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir páirt ghníomhach a ghlacadh i saol na scoile.
- Ní mór aiseolas rialta a thabhairt do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a gcuid páistí.
- Moltar ranganna Gaeilge do ghlantosaítheoirí a chur ar fáil.

## **Tábhacht agus Srianata an Taighde**

Is tír ilteangach í Éire sa lá atá inniu ann agus tá méadú ar an éagsúlacht teanga agus chultúrtha sa tsochaí agus inár scoileanna. Tá deis roimh na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta an t-ilteangachas agus an t-ilchultúrachas a fháiltiú agus a chur chun cinn. Ní raibh aon taighde aitheanta in Éirinn a dhírigh go sonrach ar na cúiseanna a roghnódh tuismitheoirí ilteangacha an t-oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta dá gcuid páistí nó ar thaithí tuismitheoirí agus páistí ilteangacha ar an oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bhí bearna sa taighde reatha in Éirinn chomh maith maidir le dearcthaí príomhoidí agus múinteoirí i leith foghlaimeoirí ilteangacha sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tá tús maith le heolas a bhailiú sa taighde seo agus tá na taighdeoirí thar a bheith buíoch de na tuismitheoirí, na páistí, na príomhoidí agus na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde. Ní raibh ach sampla beag scoileanna lán-Ghaeilge páirteach, mar sin, ní fhéadfaí torthaí an taighde a ghinearálú do gach bunscoil lán-Ghaeilge. Cé go raibh agallamh le triúr tuismitheoirí a raibh a bpáistí ag freastal ar scoil Ghaeltachta níor chuireamar agallaimh ar pháistí, príomhoidí nó múinteoirí Gaeltachta. D'fhéadfadh torthaí éagsúla teacht chun cinn i gcomhthéacs na Gaeltachta. Moltar go ndíreofar i dtaighde amach anseo ar chur chuige ilteangach agus ilchultúrtha a fhorbairt sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

## Caibidil a Sé: Torthaí agus Plé Chuid B

Cuirtear i láthair na mórthéamaí a d'eascair ón anailís ó agallaimh le baill den phobal Polannach in Éirinn sa chaibidil seo. Ba í an mhórchéist a bhí á fiosrú ná: Cad iad na dearthaí atá ag grúpa den phobal Polannach in Éirinn i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge? De bharr nach raibh baint acu go díreach leis an oideachas lán-Ghaeilge bhí suim ag na taighdeoirí iniúchadh a dhéanamh ar dhearthaí grúpa inimirceach i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Tháinig tuairimí na rannpháirtithe i leith na foghlama teanga i gcoitinne agus i leith na Polainnise mar theanga bhaile chun cinn chomh maith. Cuirtear na torthaí i láthair de réir na mórthéamaí seo: dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge, dearthaí measctha i leith na Gaeilge agus an oideachais lán-Ghaeilge agus tábhacht labhairt na Polainnise mar theanga bhaile. Déantar naisc leis an litríocht mar is cuí agus déantar suimiú ar na príomhthorthaí ag deireadh na caibidle.

### **Dearthaí Dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith an Oideachais Lán-Ghaeilge**

Tháinig dearthaí dearfacha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge chun cinn le linn na n-agallamh de réir na bhfothéamaí seo: buanna fhoghlaim na Gaeilge, agus an tábhacht a bhaineann le caomhnú a dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga oidhreacht agus don fhéiniúlacht chultúrtha.

#### ***Buanna fhoghlaim na Gaeilge***

Léirigh cuid de na rannpháirtithe an tuairim go mbeadh buntáistí cognaíocha le baint as foghlaim na Gaeilge a chabhródh le páistí agus iad ag foghlaim teangacha eile. Ba léir go raibh cuid de na rannpháirtithe den tuairim go gcuirfeadh foghlaim na Gaeilge le stóras ilteangach na bpáistí (Baker & Wright, 2017; García, 2009) agus go mbronnann eolas ar theangacha deiseanna sa bhreis ar dhaoine.

I have quite positive feelings about Irish and I think I'm happy that my daughter is learning Irish at school and that she's exploring the language ... So I think there will always be those cognitive advantages, whenever you learn, you know another language (P1)

Nochtadh an tuairim go bhféadfadh eolas ar an nGaeilge cabhrú le paistí poist mhaithe a fháil, rud atá ag cloí le teoiric Bourdieu (Bourdieu, 1991; Bourdieu & Passeron, 1977) faoi chaipiteal teangeolaíoch. Nocht cuid de na rannpháirtithe an tuairim go raibh comhghaol dearfach idir inniúlacht sa Ghaeilge agus ardchaighdeán oideachais.

I thought that it might be easier to find a good job for them because a lot of good jobs they, they need to have Irish people, they need to have Irish (P3)

It's important for some groups to know the language, and I think there is a lot of effort on that. Let's say teachers, doctors, people who are highly educated, they should communicate in Irish (P2)

Léirigh duine de na rannpháirtithe ar mhúinteoir teanga í go molfadh sí an t-oideachas lán-Ghaeilge de bharr na mbuntáistí cognaíocha a bhaineann le foghlaim teangacha breise. Mhínigh sí go raibh aithne aici ar chailín óg a raibh ag éirí go maith léi i scoil lán-Ghaeilge. Imríonn dea-thuairiscí ó theaghlach agus ó chairde ar chinntí tuismitheoirí a gcuid páistí a chlárú i scoileanna lán-Ghaeilge agus lán-Cheiltise agus tá an mórtionchar sin léirithe sa taighde (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016; Mhic Mhathúna & Nic Fhionnlaoich, 2020; Ó Duibhir et al., 2017; O'Hanlon, 2015).

I would encourage because I believe as a language teacher, I believe it's important. It's good just from the perspective of your brain development. It's good (P1).

### ***Tábhacht chaomhnú na Gaeilge mar theanga oidhreachta agus don fhéiniúlacht chultúrtha***

Nochtadh an tuairim go raibh tábhacht ag baint leis an nGaeilge a fhoghlaim mar gurb í teanga dhúchais na hÉireann í agus go raibh ról tábhachtach ag scoileanna i geur chun cinn na Gaeilge.

It's important to, you know, for a nation to keep the language, it's something which describes the nation so that's. And so, from my perspective, I see that effort should be made everywhere to keep the language alive and to be spoken and to tell people about the benefits of learning Irish (P2)

Léirigh duine de na tuismitheoirí go raibh sí sásta go bhfoghlaimedh a hiníon an Ghaeilge leis an gcuid Éireannach dá féiniúlacht a threisiú.

I think it's going to be quite an important part of her identity because she's growing up in Ireland. So for this reason I also think it's important that she knows some Irish even if that will be some basics only ... It probably has more of this symbolic meaning to me because I don't know Irish at all ... So I feel it's important for identity, from my perspective ... They also should be learning, both of the languages that are national languages here in Ireland, because that's part of living in Ireland and growing up in Ireland (P1).

Léirigh rannpháirtithe an tuairim go raibh nasc idir foghlaim na Gaeilge agus stair agus cultúr na hÉireann agus féiniúlacht Éireannach dá réir. Tá sé léirithe i dtaighde Darmody & Daly (2015) go raibh formhór na ndaoine a ghlac páirt sa suirbhé den tuairim gur chóir go mbeadh eolas ag páistí ar an nGaeilge. Tháinig sé chun cinn sna hagallaimh go raibh cuid de na rannpháirtithe sa taighde reatha den tuairim go raibh luach oideachasúil, cultúrtha agus eacnamaíochta ag baint le foghlaim na Gaeilge. Ach ní raibh rannpháirtithe na n-agallamh ar aon tuairim.

## Dearccháí Measccha i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge

Tháinig sé chun cinn sna hagallaimh go raibh cuid de na rannpháirtithe den tuairim gur chóir go mbeadh foghlaim na Gaeilge mar ábhar roghnach sna scoileanna mar gheall ar an úsáid shrianta a bhaineann léi mar mhionteanga taobh amuigh den scoil. Tháinig inní faoi cháilíocht theagasc na Gaeilge sna scoileanna chun cinn chomh maith.

They should ask them what language would you like to learn. They should have some options ... I think even in primary school there should be a choice for parents ... some of the people I know, not necessarily Polish people, but they don't see it as important and they would have liked to have a choice that if the child wants to continue it or not, and I think it's a good idea to bring some more language into the school (P4)

Léirigh cuid de na rannpháirtithe amhras faoi oiriúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do pháistí nach bhfuil Béarla nó Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha acu mar go gcuirfí srian ar rannpháirtíocht tuismitheoirí inimirceacha in oideachas a gcuid bpaistí agus go bhféadfadh an t-oideachas lán-Ghaeilge drochthionchar a imirt ar fhorbairt teanga páistí sa Bhéarla.

I was thinking that it could be good base for them to go for Gaelscoil but then I said to myself, I won't be able to help them a bit ... I won't be able to talk with them Irish even doing homework at home (P3)

Tháinig rannpháirtíocht tuismitheoirí san oideachas lán-Ghaeilge chun cinn mar mhórtéama i dtaighde Kavanagh & Hickey (2013) agus díriodh aird ar an tábhacht a bhaineann le dea-dhearcadh tuismitheoirí a chothú agus rannpháirtíocht tuismitheoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu a chothú ar bealaí éagsúla.

Bhí éagsúlacht tuairimí maidir le forbairt teanga sa Bhéarla san oideachas lán-Ghaeilge agus léiríodh go mbeadh gnóthachtáil sa Bhéarla mar ábhar inní do roinnt daoine nuair nach bhfuil Béarla mar theanga labhartha sa bhaile.

I would just say to parents 'keep an eye that the children wouldn't fall behind in English' because they wouldn't have that much English at home ... I've come across, some researcher that say the kids who attend the Irish speaking school, their English is not as developed as it should be (P2)

I gcás eile léirigh rannpháirtí an tuairim nach gá a bheith buartha faoi neamart a dhéanamh ar an mBéarla i scoil tumoideachais mar gurb í teanga an mhóraithe í sa phobal. Tagann an



tuairim seo le tuairimí tuismitheoirí inimirceacha i gCeanada a sheol a gcuid páistí chuig scoil tumoideachais (Dagenais, 2003; Davis et al., 2019, 2020).

Dúshlán eile a tháinig chun cinn ná rochtain ar na scoileanna lán-Ghaeilge do theaghlaigh inimirceacha. Léirigh beirt rannpháirtithe an tuairim gur tugadh tús áite do theaghlaigh a raibh cúlra eitneach Éireannach acu agus nach raibh fáilte roimh theaghlaigh inimirceacha sna scoileanna lán-Ghaeilge.

They should open the system for all the foreign people that want to access this type of school, you know, because I feel that they've closed policy, and an open one only for the chosen (P4)

Léiríonn na hábhair imní a tháinig chun cinn maidir le rochtain pobal inimirceach ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus maidir le feiliúnacht an oideachais lán-Ghaeilge do theaghlaigh inimirceacha, an tábhacht a bhaineann le breis eolais a roinnt ar an bpobal faoi fheiliúnacht an tumoideachais d'fhoghlaimoirí ó chúdraí éagsúla teanga agus cultúir (Somers, 2017, 2018). Ní mór breis scoileanna lán-Ghaeilge a sholáthar d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb a bhaineann le ró-éileamh le go mbeidh deis ag teaghlach ar mhian leo a gcuid páistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge.

### **Tábhacht labhairt na Polainnise mar Theanga Bhaile**

Tháinig sé chun cinn mar mhórhéama sna hagallaimh gur bhain tábhacht le labhairt na Polainnise mar theanga bhaile leis an bhféiniúlacht Pholannach agus naisc theaghlaigh a threisiú. Cé go raibh meascán tuairimí léirithe maidir leis an nGaeilge agus leis an oideachas lán-Ghaeilge, bhí rannpháirtithe d'aon ghuth go raibh labhairt na Polainnise ríthábhachtach d'oidhreacht chultúrtha an phobail Pholannaigh in Éirinn.

I'm Polish and in our culture, the Polish language is crucial to us. So, you know, whenever we lost independence or something it was always the language that kept people together and that helps people, you know, feeling that you are Polish once you have the language. (P1)

Labhair rannpháirtithe faoi na straitéisí éagsúla a chuir teaghlaigh Pholannacha i bhfeidhm le tacú leis an bhfoghlaim teanga agus gur áis í na scoileanna Polainnise le hoideachas a chur ar fáil do pháistí faoi theanga, stair agus chultúr na Polainne (Machowska-Kosciak, 2017; Pedrak, 2019).

### **Achoimre**

Rinneadh cur síos agus plé sa chaibidil seo ar na príomhthorthaí a bhain le Cuid B den taighde. Is féidir linn a léamh ar thorthaí Chuid B ar an iomlán go raibh éagsúlacht tuairimí ag an sampla beag seo d'inimircigh Pholannacha (n=5) i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Dearfar conclúidí ó Chuid B den taighde sa chéad chaibidil eile.

## Caibidil a Seacht: Conclúid agus Moltaí Chuid B

Déanfar cur síos sa chaibidil seo ar na conclúidí a eascraíonn as Cuid B den taighde. Aithnítear srianta an taighde agus déantar moltaí do thaighde eile amach anseo. Dhírigh Cuid B den taighde ar na dearcthaí a bhí ag sampla beag den phobal Polannach in Éirinn i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge. Bhí na rannpháirtithe páirteach i slite éagsúla sa chóras oideachais in Éirinn ach ní raibh baint acu leis an oideachas lán-Ghaeilge go díreach.

### Conclúidí

Léiríonn na tuairimí a léirigh rannpháirtithe i leith na Gaeilge agus i leith an oideachais lán-Ghaeilge go mbíonn iliomad tosca i gceist le hidé-eolaíocht teanga (Silverstein, 1979) agus go mbíonn tionchar ag cúrsaí eacnamaíochta, polaitiúla, soch-chultúrtha agus teangeolaíochta ar íde-eolaíocht teanga chomh maith lena gcúlra pearsanta féin (Curd-Christiansen, 2014, 2016, 2018; Palviainen & Boyd, 2013). Cé go raibh cuid de na rannpháirtithe den tuairim go raibh buntáistí ag baint le foghlaim na Gaeilge léiríodh an tuairim chomh maith go bhféadfadh an tumoideachas cur isteach ar thorthaí foghlama sa Bhéarla agus léiríodh éiginnteacht faoi rochtain teaghlaigh ilteangacha ar na scoileanna lán-Ghaeilge.

Ní raibh ach cúigear páirteach i gCuid B den taighde agus mar sin ní féidir linn ginearálú a dhéanamh chuig an pobal Polannach ar fad in Éirinn. Tugann an méid a bhí le rá ag rannpháirtithe léargas dúinn ar chuid de na dúshláin ata roimh scoileanna lán-Ghaeilge maidir le mealladh teaghlach ó chúlraí éagsúla teanga agus cultúir. Ní mór fógraíocht a dhéanamh faoi bhuntáistí an tumoideachais lán-Ghaeilge do gach foghlaimeoir agus a léiriú go bhfuil fearadh na fáilte roimh theaghlaigh ilteangacha. Mar atá molta i gCuid A den taighde is gá do na scoileanna lán-Ghaeilge agus do gach scoil déanamh cinnte de go spreagfaí rannpháirtíocht tuismitheoirí ar bhealaí éagsúla.

### Focal Scoir

Ba mhaith le húdair na tuarascála buíochas ó chroí a ghabháil leis na tuismitheoirí, páistí, príomhoidí agus múinteoirí a ghlac páirt sa taighde. Táimid iontach buíoch de phríomhoidí as cabhrú linn teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus táimid thar a bheith buíoch de thuismitheoirí a thug cead dúinn labhairt lena gcuid páistí. Is iontach an deis atá romhainn an Ghaeilge a chur chun cinn sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar chuid de chlár atá ilteangach agus ilchultúrtha agus a fháilíonn roimh ilghnéitheacht teanga agus chultúrtha.

## Tagairtí

- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim & Measúnachta. (2005). *Oideachas idirchultúrtha sa bhunscoil*. [https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ab8a4d53-e595-44b4-9cf9-4ffa6113f6bd/Intercultural-Education-in-Primary-School\\_Guidelines\\_Gaeilge.pdf](https://www.curriculumonline.ie/getmedia/ab8a4d53-e595-44b4-9cf9-4ffa6113f6bd/Intercultural-Education-in-Primary-School_Guidelines_Gaeilge.pdf)
- An Phríomh-oifig Staidrimh (CSO). (2017). *Próifíl 7: Imirce agus éagsúlacht*. <https://www.cso.ie/en/baile/nuachtagusimeachtaí/lghpreasa/lch2017/daon16proifil7/>
- An Phríomh-oifig Staidrimh (CSO). (2022). *Réamhthorthaí an daonáirimh 2022*. <https://www.cso.ie/en/baile/nuachtagusimeachtaí/lghpreasa/2022/daon22reamhthorthaí>
- An Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, (2016). *Migrant integration strategy: A blueprint for the future 2017-2022*. <https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/983af-migrant-integration-strategy/>
- An Roinn Oideachais. (2022). *Staitisticí oideachais*. <https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/staitisticí-oideachais/>
- An Roinn Oideachais. (2019). *Ciorclán 0053/2019: Ciorclán athbhreithnithe ar dhíolúine ó staidéar ar an nGaeilge: Athbhreithniú ar chiorclán m10/94*. An Roinn Oideachais.
- An Roinn Oideachais & Scileanna. (2011). *Litearthacht agus uimhearthacht don fhoghlaim agus don saol: An straitéis náisiúnta chun feabhas a chur ar litearthacht agus uimhearthacht i measc páistí agus daoine óga*. <https://assets.gov.ie/24521/851bd6974acd49749ede08f65fab96d0.pdf>
- An Roinn Oideachais & Scileanna. (2016). *Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017-2022*. <https://assets.gov.ie/24606/0e2fca7db7ca434d92f97360c1197845.pdf>
- An Roinn Oideachais & Scileanna. (2017). *Déanann teangacha nasc: Straitéis do theangacha iasachta san oideachas in Éirinn 2017-2026*. <https://www.gov.ie/ga/foilsíuchan/e9865f-none/>
- Au-Yeung, K., Hipfner-Boucher, K., Chen, X., Pasquarella, A., D'Angelo, N., & Hélène Deacon, S. (2015). Development of English and French language and literacy Skills in EL1 and EL French Immersion students in the early grades. *Reading Research Quarterly*, 50(2), 233–254. <https://doi.org/10.1002/rrq.95>
- Barnes, D. (1976). *From communication to curriculum*. Penguin Education.
- Bérubé, D., & Marinova-Todd, S. H. (2012). The development of language and reading skills in the second and third languages of multilingual children in French Immersion. *International Journal of Multilingualism*, 9(3), 272–293. <https://doi.org/10.1080/14790718.2011.631708>
- Baker, C. & Wright, W. E. (2017). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (6ú heag. ed.). Multilingual Matters
- Byrne, D., McGinnity, F., Smyth, E., & Darmody, M. (2010). Immigration and school composition in Ireland. *Irish Educational Studies*, 29(3), 271–288. <https://doi.org/10.1080/03323315.2010.498567>
- Bourdieu, P. (1991). *Language and symbolic power*. Polity.

- Bourdieu, P. & Passeron, (1977). *Reproduction in education, society and culture*. Sage Publications.
- Bourgoin, R. (2016). French Immersion “So why would you do something like that to a child?”: Issues of advocacy, accessibility, and inclusion. *International Journal of Bias, Identity and Diversities in Education*, 1(1), 42–58.
- Coiste na Dála. (2017). *Polasaí iontrála scoile: Cearta oideachais*.  
<https://www.kildarestreet.com/committees/?id=2017-01-17a.422>
- Carr, W. (2009). Intensive French in British Columbia: Student and Parent Perspectives and English as Additional Language (EAL) Student Performance. *Canadian Modern Language Review*, 65(5), 787–815. <https://doi.org/10.3138/cmlr.65.5.787>
- Cenoz, J. (2003). The additive effect of bilingualism on third language acquisition: A review. *International Journal of Bilingualism*, 7(1), 71–87.  
<https://doi.org/10.1177/13670069030070010501>
- CSO. (2017). *Summary Results. Part 1*. Oifig an tSoláthair. .
- Curdt-Christiansen, X. L. (2009). Invisible and visible language planning: ideological factors in the family language policy of Chinese immigrant families in Quebec. *Language Policy*, 8(4), 351-375. doi:10.1007/s10993-009-9146-7
- Curdt-Christiansen, X. L. (2014). Family language policy. Is learning Chinese at odds with learning English. In X. L. Curdt-Christiansen & A. Hancock (Eag.), *Learning Chinese in diasporic communities: many pathways to being Chinese* (1ch. 35-58). John Benjamins Publishing Company.
- Curdt-Christiansen, X. L. (2016). Conflicting language ideologies and contradictory language practices in Singaporean multilingual families. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 37(7), 694-709. doi:10.1080/01434632.2015.1127926
- Curdt-Christiansen, X. L. (2018). Family language policy. In J. W. Tollefson & M. Pérez-Milans (Eag.), *Oxford handbook of language policy and planning* (1ch.420-441). Oxford University Press.
- Cummins, J. (2015). Intercultural education and academic achievement: A framework for school-based policies in multilingual schools. *Intercultural Education*, 26(6), 455–468.  
<https://doi.org/10.1080/14675986.2015.1103539>
- Cummins, J. (2021). *Rethinking the education of multilingual learners: A critical analysis of theoretical concepts*. Multilingual Matters.
- Cummins, J., Hu, S., Markus, P., & Kristina Montero, M. (2015). Identity Texts and Academic Achievement: Connecting the Dots in Multilingual School Contexts. *TESOL Quarterly*, 49(3), 555–581. <https://doi.org/10.1002/tesq.241>

- Dagenais, D. (2003). Accessing Imagined Communities Through Multilingualism and Immersion Education. *Journal of Language, Identity, and Education*, 2(4), 269–283. [https://doi.org/10.1207/S15327701JLIE0204\\_3](https://doi.org/10.1207/S15327701JLIE0204_3)
- Dagenais, D. (2008). Developing a critical awareness of language diversity in immersion. In T.W. Fortune & D.J. Tedick (Eds.). *Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education* (1ch. 201-220). Multilingual Matters.
- Dagenais, D., & Berron, C. (2001). Promoting Multilingualism through French Immersion and Language Maintenance in Three Immigrant Families. *Language, Culture, and Curriculum*, 14(2), 142–155. <https://doi.org/10.1080/07908310108666618>
- Dagenais, D., & Day, E. (1999). Home language practices of trilingual children in French immersion. *Canadian Modern Language Review*, 56(1), 99–123. <https://doi.org/10.3138/cmlr.56.1.99>
- Dagenais, D., & Jacquet, M. (2000). Valorisation du multilinguisme et de l'éducation bilingue dans des familles immigrantes. *Journal of international migration and integration*, 1(4), 389–404. <https://doi.org/10.1007/s12134-000-1021-5>
- Darmody, M., Smyth, E., & McCoy, S. (2012). *School sector variation among primary schools in Ireland*. Rep. An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- Darmody M., & Daly, T. (2015). Attitudes towards the Irish language on the island of Ireland. ESRI. <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2015/09/Attitudes-towards-Irish-2015.pdf>
- Davis, S., Ballinger, S., & Sarkar, M. (2019). The suitability of French immersion for Allophone students in Saskatchewan: Exploring diverse perspectives on language learning and inclusion. *Canadian Journal of Applied Linguistics*, 22(2), 27–63.
- Davis, S., Ballinger, S., & Sarkar, M. (2021). More languages means more lights in your house: Illuminating the experiences of newcomer families in French immersion. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 9(2), 336–363. <https://doi.org/10.1075/jicb.20015.dav>
- Devitt, A., Condon, J., Dalton, G., O'Connell, J., & Ní Dhuinn, M. (2016). An maith leat an Ghaeilge? An analysis of variation in primary pupil attitudes to Irish in the growing up in Ireland study. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 21(1), 105–117. <https://doi.org/10.1080/13670050.2016.1142498>
- Dörnyei, Z. (2020). *Innovations and challenges in language learning motivation*. Routledge. <https://doi.org/10.4324/9780429485893>
- García, O. (2009). *Bilingual education in the 21st century: A global perspective*. Wiley-Blackwell.
- Hawkins, E. (2005). Out of this nettle, drop-out, we pluck this flower, opportunity: Re-thinking the school foreign language apprenticeship. *The Language Learning Journal*, 32(1), 4–17. <https://doi.org/10.1080/09571730585200141>

- Kang, H.-S. (2013). Korean-immigrant parents' support of their American-born children's development and maintenance of the home language. *Early Childhood Education Journal*, 41(6), 431-438. <https://doi:10.1007/s10643-012-0566-1>
- Kavanagh, L. (2014). Exploring parental involvement and home-school relations in Irish immersion education: Integrating multiple perspectives. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(1), 119–136. <https://doi.org/10.1075/jicb.2.1.06kav>
- Kavanagh, L., & Hickey, T. M. (2013). 'You're looking at this different language and it freezes you out straight away': Identifying challenges to parental involvement among immersion parents. *Language and Education*, 27(5), 432–450. <https://doi.org/10.1080/09500782.2012.714388>
- Kropiwiec, K., & King-O Riain, R. C. (2006). *Polish migrant workers in Ireland*. Roinn na Socheolaíochta, Ollscoil na hÉireann. An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas agus um Idirchultúrachas. (NCCRI).
- Leung, G., & Uchikoshi, Y. (2012). Relationships among language ideologies, family language policies, and children's language achievement: A Look at Cantonese-English Bilinguals in the U.S. *Bilingual Research Journal*, 35(3), 294-313. <https://doi:10.1080/15235882.2012.731588>
- Little, D. G., & Kirwan, D. (2019). *Engaging with linguistic diversity: A study of educational inclusion in an Irish primary school*. Bloomsbury Publishing.
- Lindholm-Leary, K., & Genesee, F. (2014). Student outcomes in one-way, two-way, and indigenous language immersion education. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 2(2), 165–180. <https://doi.org/10.1075/jicb.2.2.01lin>
- Machowska-Kosciak, M. (2017). 'To be like a home extension': Challenges of language learning and language maintenance - lessons from the Polish-Irish experience. *Journal of Home Language Research*, 2(1), 82-104. <http://doi.org/10.16993/jhlr.32>
- Mady, C. J. (2010). Motivation to Study Core French: Comparing Recent Immigrants and Canadian-Born Secondary School Students. *Canadian Journal of Education*, 33(3), 564–587. <https://doi.org/10.2307/canajeducrevucan.33.3.564>
- Mady, C. (2012). Voices of immigrant adults: Perspectives and experiences with French as a second official language in "English-dominant" Canada. *Intercultural Promenades: Journal of Modern Languages and Intercultural Studies*, 1(1), 35-51.
- Mady, C. (2014). Learning French as a second official language in Canada: Comparing monolingual and bilingual students at Grade 6. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 17(3), 330–344. <https://doi.org/10.1080/13670050.2013.767778>
- Mady, C. (2015). Examining immigrants' English and French proficiency in French immersion. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 3(2), 268–284. <https://doi.org/10.1075/jicb.3.2.05mad>
- Mady, C. (2016). French Immersion for English Language Learners?: Kindergarten Teachers' Perspectives. *Alberta Journal of Educational Research*, 62, 253-267.

- Mady, C. (2017). The bilingual advantage for immigrant students in French immersion in Canada: Linking advantages to contextual variables. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 20(3), 235–251. <https://doi.org/10.1080/13670050.2015.1041875>
- Mady, C., & Masson, M. (2018). Principals' Beliefs about language learning and inclusion of English language learners in Canadian elementary French immersion programs. *Canadian Journal of Applied Linguistics*, 21(1), 71–93. <https://doi.org/10.7202/1050811ar>
- Mhic Mhathúna, M., & Nic Fhionnlaioich, F. (2021). Why parents chose to send their children to Irish-medium immersion preschools: Learning from parental choice strategies in Celtic countries. *European Early Childhood Education Research Journal*, 29(3), 441–454. <https://doi.org/10.1080/1350293X.2021.1928718>
- Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., & Ó Duibhir, P. (2016). Tuismitheoirí ina ngníomhairí in earnáil an Ghaeloideachais. *COMHARTaighde*, 2(2), 1-19. <https://doi.org/10.18669/ct.2016.06>
- Ní Dhiorbháin, A. (2021). Embedding social justice and sustainability perspectives in language teaching. In A. M. Kavanagh, F. Waldron, & B. Mallon (Eag.), *Teaching for social justice and sustainable development across the primary curriculum* (lch. 155-168). Routledge.
- Ní Thuairisg, L. & Ó Duibhir, P. (2016). *An Leanúnachas ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann*. Tuairisc Taighde ar son Gaelscoileanna Teoranta. <https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2017/06/An-Lean-nachas-on-mbunscoil-go-dt-an-iar-bhunscoil-l-n-Ghaeilge- MF-2016.pdf>
- O'Connell, P. J., & McGinnity, F. (2008). *Immigrants at work. Ethnicity and nationality in the Irish labour market*. An tÚdarás Comhionannas. /An Institiúid Eacnamaíoch agus Sóisialach.. <https://www.esri.ie/publications/immigrants-at-work-ethnicity-and-nationality-in-the-irish-labour-market>
- Ó Duibhir, P., & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3-12 years)/ Commissioned research report no.16*. (Vol. 16). NCCA.
- Ó Duibhir, P., Nig Uidhir, G., Ó Cathalláin, S., Ní Thuairisg, L agus Cosgrove, J. (2017). *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta*. <https://www.forasnagaeilge.ie/wp-content/uploads/2018/06/75fc49640fec2d79004076adc9cce098-1.pdf>
- OECD (2015). *Helping immigrant students to succeed at school and beyond*. <https://www.oecd.org/education/Helping-immigrant-students-to-succeed-at-school-and-beyond.pdf>
- OECD (2019). *The road to integration: Education and migration*: [https://www.oecd-ilibrary.org/education/the-road-to-integration\\_d8ceec5d-en](https://www.oecd-ilibrary.org/education/the-road-to-integration_d8ceec5d-en)
- O' Hanlon, F. (2015). Choice of Scottish Gaelic-medium and Welsh-medium education at the primary and secondary school stages: Parent and pupil perspectives. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 18(2), 242–259. <https://doi.org/10.1080/13670050.2014.923374>

- O'Hanlon, F., & Paterson, L. (2017). Factors influencing the likelihood of choice of Gaelic-medium primary education in Scotland: Results from a national public survey. *Language, Culture, and Curriculum*, 30(1), 48–75. <https://doi.org/10.1080/07908318.2016.1230620>
- Palviainen, Å., & Boyd, S. (2013). Unity in discourse, diversity in practice: The one person one language policy in bilingual families. In M. Schwartz & A. Verschik (Eag.), *Successful family language policy: parents, children and educators in interaction* (1ch. 223-248). Springer. .
- Pedrak, A. (2019). An evaluation of Polish supplementary schools in Ireland. *Teanga, Special Edition 10*(1), 162-171. <https://doi.org/10.35903/teanga.v10i0.76>
- Rialtas na hÉireann. (2019). *Curaclam teanga na bunscoile*. <https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/?lang=ga-ie>
- Silverstein, M. (1979). Language structure and Linguistic Ideology. In P.R. Clyne, W.F. Hanks and C.L. Hofbauer (Eag.). *The Elements, a Parasession on Linguistic Units and Levels* (1gh. 219-259). Chicago Linguistic Society.
- Stenson, N. & Hickey, T. (2019). *Tuiscint ar litriú na Gaeilge: Lámhleabhar do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimoirí*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Somers, T. (2017). Content and Language Integrated Learning and the inclusion of immigrant minority language students: A research review. *International Review of Education*, 63(4), 495–520. <https://doi.org/10.1007/s11159-017-9651-4>
- Somers, T. (2018). Multilingualism for Europeans, monolingualism for immigrants? Towards policy-based inclusion of immigrant minority language students in Content and Language Integrated Learning (CLIL). *European Journal of Language Policy*, 10(2), 203–228. <https://doi.org/10.3828/ejlp.2018.12>
- Swain, M., & Lapkin, S. (2005). The evolving sociopolitical context of immersion education in Canada: Some implications for program development1. *International Journal of Applied Linguistics*, 15(2), 169–186. <https://doi.org/10.1111/j.1473-4192.2005.00086.x>
- Swain, M., & Johnson, R. K. (1997). Immersion education: A category within bilingual education. In M. Swain & R. K. Johnson (Eag.), *Immersion Education: International Perspectives* (1ch. 1–16). Cambridge University Press. <https://doi.org/10.1017/CBO9781139524667.003>